# Tuarascáil Bhliantúil Bhus Éireann Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022

Bus Éireann



## Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Buaicphointí | 1 |
| Maidir le Bus Éireann | 2 |
| Ceann Scríbe 2023 | 3 |
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 4 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 8 |
| Súil Siar ar an mBliain | 11 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 24 |
| Faisnéis faoin gCuideachta | 29 |
| An Fhoireann Ardcheannaireachta | 30 |
| An Bord Stiúrthóirí | 32 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 35 |
| Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 44 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 45 |
| Ráitis Airgeadais | 48 |


**Iompar scoile**

**156 milliún ciliméadar**

**Seirbhísí bóthair do phaisinéirí**

**68.3 milliún ciliméadar**

**98.3%**

**céatadán na seirbhísí sceidealta a oibríodh**

**89.5 milliún**

**líon na n-aistear a rinne paisinéirí**

**229**

**líon na mbealaí a thagann faoin Oibleagáid Seirbhíse Poiblí**

**8,940**

**líon na mbealaí iompair scoile**

**14**

**líon na mbealaí Expressway**

**Iompraíodh**

**151,300 páiste**

**ar na seirbhísí iompair scoile, an líon is mó fós**

**2,827**
Líon na bhfostaithe

**17 bpríomh-ionad**
ar fud na hÉireann

**46**
náisiúntacht

**10,000**
uair an chloig oiliúna curtha ar fáil

An Bhearna Phá idir Fir agus Mná
**-10.2%**
i bhfabhar na mban

**15%**
céatadán na mban i measc na bhfostaithe nua in 2022

**Laghdú 14%**
ar líon na dtimpistí a tharla d'fhostaithe


**Laghdú 20%**
ar líon na dtimpistí a tharla do phaisinéirí

# Maidir le Bus Éireann

Tá sé ina chuspóir againn **daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo**, chun feabhas a chur ar an saol.

Tá sé ina sprioc againn a bheith ar an gcuideachta iompair is **inbhuanaithe** agus is **dírithe ar an gcustaiméir** in Éirinn, agus seirbhísí á soláthar ag daoine a chreideann gur áit oibre iontach é Bus Éireann.

## Ár gcuid luachanna






# Cuspóirí Straitéiseacha faoi Destination 2023

- Sásamh Custaiméirí: Plean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun eispéireas custaiméirí den chéad scoth a bhaint amach ag gach pointe tadhaill
- Rannpháirtíocht Fostaithe: Ceannaireacht a fhorbairt ar gach leibhéal agus cultúr feidhmíochta a bhunú ionas gur áit iontach muid le bheith ag obair
- Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de: A chinntiú go ndéantar cistiú iomlán ar Bhus Éireann anois agus feasta, lena gclúdófar riachtanais oibriúcháin agus riachtanais ó thaobh caiteachas caipitiúil, agus lena gcuirfear ar ár gcumas dúinn brabús a dhéanamh ag teacht leis na spriocanna atá leagtha síos i leith gach ceann dár ngnóthaí
- Soláthar Seirbhíse: Sármhaitheas oibríochta a bhunú ar fud na bpróiseas gnó go léir chun feidhmíocht shábháilte, iontaofa, thráthúil a bhaint amach i leith na seirbhísí go léir
- Cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais: A bheith ceannródaíoch ó thaobh na hinbhuanaitheachta de ionas go mbeimid ar cheann de na cuideachtaí iompair phoiblí náisiúnta is glaise san Eoraip

# Príomh-Gheallsealbhóirí

An Roinn Iompair
Department of Transport

An Roinn Oideachais
Department of Education

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

CIE



Buacphointí
Ráiteas ón gCathaoirleach
Athbhreithniú
Ráitis Airgeadais

# Ráiteas ón gCathaoirleach

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil Bhus Éireann a chur i láthair i leith na bliana 2022 – bliain inar mhór an onóir dom gur ceapadh mé i mo Chathaoirleach ar an gcuideachta, tar éis dom fónamh ar an mBord ó 2019 i leith. Ba bhliain í ina raibh ríméad orainn gur iompaigh an taoide i dtaobh phaindéim COVID-19, ach inar tháinig dúshláin úra chun cinn freisin, agus a lán acu mar gheall ar ionsaí na Rúise ar an Úcráin.

Ag tús na bliana, bhí an-tionchar go deo ag COVID-19 ar ár gcuid oibríochtaí agus ní raibh éileamh mór ar ár gcuid seirbhísí. Níor léir ar chor ar bith ag an bpointe sin go mbeadh an leibhéal ba mhó paisinéirí riamh ag baint úsáid as ár gcuid seirbhísí faoi dheireadh na bliana agus, faoin ráithe dheireanach, go mbeadh méadú 15% tagtha ar an éileamh ar sheirbhísí iompair ar bóthar i gcomparáid le 2019.

Meascán cúinsí ba chúis leis an éileamh sin. Le linn phaindéim COVID-19 bhí an chuideachta ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun bealaí oibleagáide seirbhíse poiblí a fheabhsú agus chun feithiclí nua a thabhairt isteach sa fhlít, agus mar sin is fearr ná riamh iad an táirge atá againn agus an tseirbhís atá ar fáil uainn. Tá sé sin le feiceáil inár ráta sásaimh custaiméirí – baineadh amach ráta breis is 90% den chéad uair agus d'éirigh linn coinneáil leis an leibhéal sin. Chomh maith leis sin, tháinig méadú ar an éileamh ar roinnt bealaí Expressway agus cuireadh seirbhísí breise leo dá réir.

D'fháiltigh an pobal roimh bheart an Rialtais i dtaobh táillí ar sheirbhísí iompair phoiblí a laghdú go dtí na leibhéil a bhíodh i gceist 20 bliain ó shin. Mar gheall ar lascainí eile mar aon leis an gcostas méadaithe a bhaineann le tiomáint agus le brú ar chostais mhaireachtála, d'fhéach daoine arís – agus uaireanta d'fhéach siad den chéad uair – ar na seirbhísí iompair phoiblí a bhí ar fáil dóibh.

De bharr chinneadh an Rialtais táillí don bhliain acadúil 2022/23 a tharscaoileadh agus an scéim iompair scoile, a raibh fóirdheontas ard á íoc ina leith cheana féin, a bheith saor ó tháillí mar bheart chun cuidiú le costais mhaireachtála, spreagadh na leibhéil éilimh ab airde riamh. Méadú beagnach 25% ar an éileamh a bhí i gceist. Is mór an cúnamh í an scéim iompair scoile i dtaobh gníomhaíocht gheilleagrach agus shóisialta a spreagadh ar fud na tíre, agus tá ról mór aici freisin maidir le líon na n-aistear i gcarranna a laghdú.

Is dúshlán iomlán nua é bainistiú an fháis i gcomparáid leis an dúshlán a bhí romhainn le dhá bhliain anuas, agus cuirimid an-fháilte roimhe. Maidir leis sin, tá idirphlé agus pleanáil níos treise curtha ar bun ag ár mBord leis an bhFoireann Feidhmiúcháin chun fás straitéiseach fadtéarmach agus riachtanais acmhainneachta Bhus Éireann a phlé, lena n-áireofar acmhainní, caipiteal agus bonneagar a chabhróidh leis an gcuideachta freastal ar na riachtanais a bheidh ag an tír amach anseo. Tá ár bpleananna á n-ullmhú ach ní mór dúinn a áireamh iontu freisin comhthéacs níos leithne an bhoilscithe is mó le tríocha bliain anuas, boilsciú a théann i bhfeidhm go mór ar ár seirbhís tráchtála, Expressway, ar seirbhís é nach bhfaigheann aon fhóirdheontas.

Dhíríomar i rith na bliana ar a bheith ag teacht chun cinn mar ghnó atá níos athléimní ó thaobh airgeadais de, ar thógáil agus ar bhainistiú le haghaidh fáis, agus ar ár gcion féin a dhéanamh ar mhaithe le soghluaisteacht inbhuanaithe agus le spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach.

D'éirigh leis an tairiscint uainn i leith bhealaí Chonair Chomaitéireachta an Chósta Thoir, rud a dheimhnigh cumas na cuideachta dul san iomaíocht sa mhargadh oscailte agus seirbhís bus ardchaighdeáin a sholáthar do phobail. Bhí áthas orainn freisin gur orainne a bronnadh an conradh chun seirbhís nua bhaile Cheatharlach a rith. Is léir go bhfuil méadú mór tagtha ar líon na bpaisinéirí de bharr bunú seirbhísí baile, agus is maith mar a thagann an infheistíocht seo ón Údarás Náisiúnta Iompair leis an mbéim a leagtar sa Chreat Forbartha Náisiúnta ar an bhforás i lárionaid uirbeacha réigiúnacha.



Tá glactha go fonnmhar ag Bus Éireann le hinbhuanaitheacht mar ghné lárnach dár bhforbairt straitéiseach agus is é an cúigiú colún straitéise dár gcuid í. Leathnaíodh an chatagóir sin ó 'Gnéithe Comhshaoil' go dtí 'Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais' le linn 2022. Tá an clár oibre inbhuanaitheachta glactha ag an eagraíocht ar fad. Rinneadh dul chun cinn tábhachtach le linn 2022, go háirithe nuair a rinneadh athrú ó bhonn ar iosta Bhaile Átha Luain chun tacú leis an gcéad seirbhís baile lánleictreach in Éirinn. Tréaslaím le gach duine ag an iosta i mBaile Átha Luain as an bhfáilte a chuir siad roimh athrú agus as na hiarrachtaí atá déanta acu chun cuidiú linn an chéim mhór seo a thógáil i dtreo flít feithiclí astaíochtaí nialasacha/ísle a bhaint amach. Seasfaidh an taithí sin atá faighte acu leis an eagraíocht ar an leibhéal náisiúnta agus muid ag tabhairt faoinár seirbhísí cathrach agus baile a dhícharbónú.

Le tacaíocht agus cistiú ónár bpríomh-gheallsealbhóirí, an Roinn Iompair agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Oideachais agus Grúpa CIÉ, agus i bhfianaise iarrachtaí na hÉireann brú chun cinn lena gealltanais maidir le gníomhú ar son na haeráide trí spleáchas ar aistir i gcarranna príobháideacha a laghdú, beidh deiseanna móra fáis le tapú againn sna blianta amach romhainn i ndáil lenár seirbhísí do chathracha réigiúnacha, do bhailte móra agus do cheantair thuaithe tríd an bplean 'Éire á Nascadh', agus i ndáil leis an mborradh atá faoin éileamh ar sheirbhísí iompair scoile.

Is spreagthóir ríthábhachtach é earcú tiománaithe maidir leis an bhfás sin agus maidir le cur leis na seirbhísí. D'éirigh go geal le feachtais earcaíochta Bhus Éireann in 2022, agus beimid fós ag díriú go tréan air sin in 2023. Bainimid amach leibhéal ard rannpháirtíochta fostaithe agus táimid ag infheistiú i bhfolláine ár mball foirne go léir.

D'fhoilsigh Bus Éireann ár gcéad tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní in 2022, inar léiríodh bearna 10.2% i bhfabhar na mban. Ní mná iad ach 10% dár bhfostaithe, agus 3% de na tiománaithe. Tá roinnt tionscnamh ar bun againn chun an cóimheas sin a fheabhsú agus tá muinín agam go mbainfimid amach an sprioc ríthábhachtach sin ar a bhfuilimid ag díriú go tréan arís.

Is é an brú tráchta fós an bac mór atá ar ár n-oibríochtaí agus is é sin an rud is mó a chuireann isteach orainn ó thaobh seirbhís busanna iontaofa a fheidhmiú. Níl tosaíocht ag na busanna ach i stráice thart ar 30km san iomlán lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, agus mar sin fáiltímid roimh na pleananna cuimsitheacha atá seolta ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun BusConnects a chur i bhfeidhm inár gcathracha réigiúnacha, áit a bhfuil bearta tosaíochta do bhusanna ina ngné bhunúsach d'fheidhmiú na bpleananna foriomlána sin chun cur le minicíocht agus fairsinge na seirbhísí.

Fáiltítear roimh an díospóireacht phoiblí atá ag dul i dtreise maidir le roghanna ó thaobh infheistíocht san iompar de agus creidimid go háirithe go bhfuil deis ann feabhas a chur ar eispéireas an iompair phoiblí ar bhusanna agus ar an dearcadh ina leith trí aghaidh a thabhairt ar phlódú, chun béim a chur ar an luas agus ar an tsolúbthacht lenar féidir seirbhísí nua a thabhairt isteach, agus an luach a sholáthraíonn busiompar don Stair agus an toradh ar infheistíocht atá le fáil uaidh.


bus scoile
TAM VIVE TLL
bus scoile
Bus Éireann
Bus Éireann

## Rialachas agus Dearbhú

Ag féachaint chun cinn, is í 2023 an bhliain dheireanach de straitéis cúig bliana Bhus Éireann, *Destination 2023* [Ceann Scríbe 2023], ar cuireadh tús léi in 2019. Tá dul chun cinn mór déanta, agus a lán spriocanna sáraithe cheana féin, in ainneoin an tionchair a bhí ag imeachtaí domhanda nach bhféadfadh aon duine a bheith ag súil leo. I mbliana beimid ag rianú chúrsa na cuideachta ó 2024 ar aghaidh, ó bhonn níos dearfaí agus níos cobhsaí, agus muid ag díriú ar na deiseanna atá romhainn a thapú. Táimid ag tnúth le bheith ag obair i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha chun an straitéis chorparáideach nua a fhorbairt.

Cuirim fáilte roimh thriúr Stiúrthóirí nua, Brian Bowden, David Fox agus Rhona Murphy, a cheap an tAire Ryan ar an mBord gar do thús na bliana. Chuireamar fáilte freisin roimh bheirt chomhaltaí nua chuig an bhFoireann Ardcheannaireachta: is í Jean O'Sullivan an Príomhoifigeach Daoine agus is é Danny McCarthy an Príomhoifigeach Faisnéise. Tá idir thaithí sheachtrach agus saineolas inmheánach acu.

Gabhaim buíochas leis na Stiúrthóirí go léir as a dtiomantas, as an léargas a thugann siad dúinn agus as an obair a rinne siad i rith na bliana ríthábhachtaí atá imithe tharainn. Tá neartú eile fós déanta againn ar an rialachas agus an maoirseacht trí leagan amach úr a chur ar gach ceann dár bhfochoistí Boird, a chlúdaíonn Iniúchóireacht agus Riosca, Tráchtáil agus Nuálaíocht, Luach Saothair, Sábháilteacht agus Inrochtaineacht, agus Inbhuanaitheacht, agus sainchúraimí úra a leagan orthu.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Eamon Ryan TD, leis an Aire Norma Foley TD, leis an Roinn Iompair agus an Roinn Oideachais, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus le Grúpa CIÉ as an tacaíocht leanúnach a thug siad do Bhus Éireann le bliain anuas. Táimid ag tnúth lenár gcuspóir a bhaint amach – seirbhísí iompair phoiblí ar ardchaighdeán a shásaíonn ár gcustaiméirí – agus le tosaíochtaí an Rialtais maidir le seirbhísí iompair phoiblí i gcomhair 2023 agus na bliana ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm.



**Miriam Hughes**
Cathaoirleach

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Tar éis dúinn dhá bhliain a chaitheamh ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a tháinig le ráigeanna COVID-19, is cúis spreagtha anois dúinn é a bheith in ann 'an saol atá romhainn a thuar trí dhul i bhfeidhm air', mar a dúirt Abraham Lincoln.

Chabhraigh luachanna ár ndaoine linn dul i ngleic le géarchéim COVID-19 agus muid ag leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí riachtanacha, idir sheirbhísí oibleagáide poiblí, seirbhísí do na scoileanna agus ghréasáin Expressway – an gréasán iompair phoiblí is fairsinge agus is casta sa tír. Chuireamar fáilte roimh mhaolú na srianta sláinte poiblí ar sheirbhísí iompair phoiblí in 2022 agus táim thar a bheith buíoch dár bhfoirne ar fud na tíre, dream nár loic orainn riamh i dtaobh a n-éitis ná a ndíograise i leith muintir na hÉireann a choinneáil nasctha le chéile.

Táim buíoch freisin as an tacaíocht gan staonadh a fuaireamar ónár ngeallsealbhóirí le linn na tréimhse sin inar cuireadh ár ndúshlán. Chuidigh siad leis an gcuideachta teacht aniar ón bpaindéim, agus chuidigh siad linn Bus Éireann a chur sa riocht ina bhféadfadh sé déileáil le rabharta nua – an méadú ar an éileamh ar a lán dár mbealaí agus an gá atá ann freastal air sin ar bhealach a bheadh báúil don chomhshaol.

Is léir ó shamhradh na bliana 2022 i leith go bhfuil borradh úr faoi líon na bpaisinéirí. Chuireamar 89.5 milliún aistear ar fáil do phaisinéirí, sin méadú 56% i gcomparáid le 2021. Leis na tionscnaimh a cuireadh i bhfeidhm i mbliana, éireoidh linn dul chun cinn breise a dhéanamh maidir leis na spriocanna atá againn faoi *Destination 202*3 – an straitéis a bhunaíomar in 2019.

Cé go ndearnadh dul chun cinn ar fud an ghnó in 2022, agus go gcreidim go mbreathnófar uirthi amach anseo mar bhliain ríthábhachtach dúinn, ba mhaith liom béim a leagan ar cheithre réimse gnóthachtála.

## Níos dírithe ar an gcustaiméir

Sáraíodh an scór 90% a bhí leagtha síos againn i leith sásamh custaiméirí ar feadh thrí ráithe as a chéile, méadú ó 84% in 2019. Luaigh ár gcustaiméirí iontaofacht níos fearr, cairdiúlacht agus cur i láthair ár dtiománaithe, sábháilteacht, glaineacht na bhfeithiclí nua agus an tionchar níos fearr a bhíonn acu ar an gcomhshaol, mar aon le luach níos fearr ar airgead mar phríomhthosca ó thaobh an mheoin dhearfaigh atá acu inár leith.

An feabhas a tháinig ar an dearcadh ó thaobh luacha, d'eascair sé as cinneadh an Rialtais táillí a laghdú 20% (agus 50% i gcás daoine fásta óga ar ár mbealaí oibleagáide seirbhíse poiblí, atá á rith faoi chonradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair). Glacadh an cinneadh sin mar bheart chun cuidiú le costais mhaireachtála ach bhí an éifeacht aige freisin gur cuireadh leis an úsáid a bhaintear as seirbhísí iompair phoiblí, rud a thacaíonn le spriocanna na tíre maidir le gníomhú ar son na haeráide. Bhí deis mhór le tapú ag Expressway nuair a cuireadh síneadh ama leis an lascaine 50% do dhaoine fásta óga ar sheirbhísí tráchtála i mí Mheán Fómhair 2022 – faoin am sin bhí mic léinn ag taisteal chuig institiúidí trí leibhéal arís agus bhí brú ar an bhfáil a bhí ar lóistín, rud a d'fhág gur thaistil roinnt mic léinn chuig an gcoláiste ón mbaile.

Bhí an-tionchar freisin ag cinneadh an Rialtais táillí iompair scoile a tharscaoileadh don bhliain acadúil 2022/23. Spreag sé sin éileamh mór ar sheirbhísí faoin scéim iompair scoile, méadú 23% i gcomparáid le 2022.

D'fhág na tionscnaimh sin agus feabhsuithe ar sheirbhísí gur tháinig borradh 15% ar an éileamh ar an ngréasán OSP faoi dheireadh na bliana, i gcomparáid le 2019. Is é sin an t-athrú is mó agus is tapa a tháinig ar líon na bpaisinéirí riamh.



## Seirbhísí nua, á rith go sábháilte

Tráth a bhfuil c. 450,000 ciliméadar breise á gclúdach i gcomparáid le 2021 agus méadú 56% tagtha ar líon na bpaisinéirí, is cúis ríméid dom é nár tharla aon mhórtheagmhas sábháilteachta dúinn in 2022. Tháinig laghdú 20% ar líon na dtimpistí a tharla do phaisinéirí agus tháinig laghdú 14% ar líon na dtimpistí a tharla d'fhostaithe. Ag ár gcomhdháil náisiúnta sábháilteachta i mí na Samhna, dhíríomar ar thionscnaimh chun tacú leis an bPlean Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre 'Fís Nialais', agus leagadh béim ar imbhuailtí a sheachaint agus úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint, agus an leas is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíocht nua feithiclí chun cabhrú lenár dtiománaithe.

Rinneadh níos mó ná 200 babhta athbhreithnithe ar thráthchláir leis an Údarás Náisiúnta Iompair in 2022 chun feabhas a chur ar phoncúlacht seirbhísí OSP. Cé gur baineadh tairbhe as na hathruithe sin, tá an brú tráchta méadaithe inár gcathracha réigiúnacha mar gheall go bhfuil daoine ag filleadh ar ionaid oibre agus mar gheall ar athoscailt na sochaí tríd is tríd. Is próiseas dinimiciúil é feabhas a chur ar agaí moille sa chóras. Mar shampla, tá méadú mór tagtha ar amanna lódála ag stadanna áirithe trátha a bhfuil an méadú is mó tagtha ar an éileamh ó phaisinéirí i mbailte comaitéireachta, Droichead Átha, Inis, Mainistir Fhear Maí, Áth Cinn agus an Muileann gCearr ina measc. Cé gur chloíomar ar an iomlán leis na leibhéil iontaofachta atá leagtha síos sna conarthaí, tráth ar clúdaíodh 98.3%[1] de na ciliméadair a bhí ar an sceideal, cuireadh isteach ar phoncúlacht na seirbhísí agus ghearr an tÚdarás Náisiúnta Iompair pionóis orainn, pionóis a bhfuil feidhm acu maidir le bealaí oibleagáide seirbhíse poiblí.

1 Gach paisinéir bóthair (OSP + Expressway).

Tá 22% dár bhflít feithiclí níos lú ná trí bliana d'aois anois, rud a fhágann go raibh iontaofacht agus infhaighteacht na bhfeithiclí ag teacht lenár spriocanna agus go raibh ár bhfoirne garáiste in ann ardleibhéil iontaofachta a chothú do chustaiméirí. Tá teicneolaíocht nua á forbairt chun gníomhaíocht pháipéarbhunaithe a laghdú nó deireadh a chur léi mar chuid den athrú leanúnach ar ár ngréasán garáistí.

## Aistriú glas agus forás amach romhainn

Táimid lántiomanta don Bheartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe Náisiúnta, a d'fhoilsigh an Roinn Iompair i mí Aibreáin 2022. Tá an beartas sin bunaithe ar thrí phrionsabal: soghluaisteacht shábháilte, soghluaisteacht atá dírithe ar dhaoine, agus soghluaisteacht níos comhtháite. In 2022 chuireamar an tiomantas sin i ngnímh nuair a thacaíomar le seoladh BusConnects Chorcaí, a raibh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ina bhun, agus le pleananna BusConnects i gcomhair na gcathracha réigiúnacha eile. Táimid tar éis tosú ar an gcéad chlár feabhsuithe faoi 'Éire á Nascadh' a chur i bhfeidhm, agus i mí Dheireadh Fómhair leathnaíomar seirbhísí chuig 70 pobal san iardheisceart, i lár na tíre agus in oirthuaisceart na tíre, le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair.

I mí na Bealtaine, d'osclaíomar foirgneamh atá geall le bheith saor ó astaíochtaí ag ár n-iosta i Luimneach, agus déanfar leictriú air sin agus ar iostaí uirbeacha eile thar an tréimhse cúig bliana amach romhainn, agus aird ar leith againn ar an ord oibre. In 2022 d'éirigh le Bus Éireann seirbhís busanna Bhaile Átha Luain a athrú ó bhonn ionas go bhfuil sí anois ar an gcéad ghréasán baile in Éirinn atá saor ó astaíochtaí. Thosaigh na busanna sin ag freastal ar an bpobal i mí Eanáir 2023.

Is feithiclí astaíochtaí nialasacha/ísle iad níos mó ná 10% dár bhflít feithiclí oibleagáide seirbhíse poiblí do phaisinéirí bóthair anois. Fágann sin go bhfuil laghdú 23kWh/100km tagtha ar ídiú fuinnimh ar fud an fhlít, agus muid ag tabhairt faoi aistriú cóir chun ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú faoina leath faoi 2030.

Tá treochlár soiléir leagtha amach againn anois chun dícharbónú agus bainistíocht comhshaoil a dhéanamh ar ár n-iostaí i gcás na mbealaí oibleagáide seirbhíse poiblí sna cathracha móra. Tá cinntí fós le déanamh, áfach, maidir leis an infheistíocht a dhéanfar inár seirbhísí tráchtála agus sa scéim iompair scoile. Beidh gá le tuilleadh plé a dhéanamh faoi choistí Expressway chun féachaint cad is féidir a dhéanamh ó thaobh na teicneolaíochta agus an mhonaróra de. Tá athruithe ar na seirbhísí iompair scoile á meas mar chuid den athbhreithniú ar an scéim, agus tá tionchar mór cheana féin ag leathnú na scéime ó thaobh líon na n-aistear a dhéantar i gcarranna a laghdú agus astaíochtaí a laghdú.

## Inbhuanaitheacht ó thaobh airgeadais de

Murach an tacaíocht ón Rialtas, ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ó CIÉ, ní bheadh Bus Éireann tagtha slán ó thionchar airgeadais na paindéime. Bhí an chuideachta ag brath ar thacaíochtaí amhail an Conradh Dírdhámhachtana d'Oibritheoirí Busanna Tráchtála agus an Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta sa chéad leath de 2022, go dtí go ndearnadh maolú ar na bearta sláinte poiblí. Thairis sin, chuidigh an Roinn Oideachais linn íoc as feithiclí breise chun cloí le bearta sláinte poiblí i gcoinne COVID-19 agus chuidigh sí le hoibritheoirí a raibh costas níos mó ar bhreosla le híoc acu le linn 2022. Táimid buíoch díobh, agus dár ngeallsealbhóirí go léir, as an tacaíocht a thug siad dúinn.

Mar gheall gur leanadh ar aghaidh leis na tacaíochtaí chun seirbhísí a fheabhsú, caillteanas ioncaim a laghdú agus poist a chosaint, agus gur cuireadh síneadh ama leo, agus mar gheall ar bhearta a rinneadh chun costais a bhainistiú, ba é toradh airgeadais na bliana ná caillteanas €1.5m i gcomparáid le caillteanas €1.6m in 2021. Amhail an 31 Nollaig 2022 bhí glansócmhainní €31.6 milliún ar an gCuideachta (2021: €33.1 milliún).

Is tábhachtach an rud anois é don ghnó tráchtála Expressway go mbeidh borradh faoi gach bealach agus go mbeidh gach bealach inmharthana ó thaobh na tráchtála de ina cheart féin, chun tacú leis an ath-infheistiú atá riachtanach i bhfeithiclí agus sa teicneolaíocht.

D'athdhearbhaigh ár mBord an plean inmharthanachta i gcomhair Expressway a comhaontaíodh in 2021 mar chuid d'athchaipitliú an ghnó, agus in 2022 d'ardaíomar na táillí de réir mar a mhéadaigh costais ionchuir, agus rinneamar comhdhlúthú ar sheirbhísí ar an mbealach idir Ros Mhic Thriúin agus Baile Átha Cliath chun cothromú a dhéanamh idir éileamh ar shuíocháin agus an soláthar.

Cé gur tháinig méadú mór arís ar ioncam sa dara leath den bhliain, go háirithe ar bhealaí OSP, tháinig ardú mór an tráth céanna ar chostais comhpháirteanna breise, fóntas, saothair agus bhreosla. Sheachain an gnó cuid mhaith d'éifeacht iomlán na méaduithe ar phraghsanna peitril agus díosail mar gheall ar fhálú a bheidh i bhfeidhm go dtí 2023. Leis an gcomhaontú nua pá trí bliana ar thángthas air faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, féachadh le cothromaíocht a bhaint amach idir arduithe ar chostais mhaireachtála agus an méid atá an chuideachta in acmhainn a dhéanamh agus muid ag obair chun teacht chugainn féin agus brabús a dhéanamh arís. Leis an toradh dearfach sin, beidh an chuideachta cobhsaí tráth a bhfuil cúinsí geilleagracha ag síorathrú agus is bonn maith é don fhás agus muid ag féachaint le beartas an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí a leathnú.

Mar gheall ar neart ár gcomhoibrithe agus ár gcomhpháirtíochtaí d'éirigh linn cuspóirí sóisialta agus geilleagracha níos leithne a bhaint amach, amhail cabhrú le pobail a choinneáil nasctha le chéile, cabhrú le geilleagair áitiúla teacht chucu féin níos luaithe agus timpeallachtaí níos glaine agus níos glaise a bheith sna háiteanna ina mbímid ag feidhmiú. Ní mór dúinn féachaint chuige gur féidir le Bus Éireann leanúint ar aghaidh ag fás ar mhaith leis na glúnta atá le teacht, agus go mbeidh ár seirbhísí sábháilte agus go n-éireoidh siad inbhuanaithe i ndáiríre agus muid ag breathnú chun cinn ar an ról atá againn maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide.

In ainneoin dul chun cinn mór, ní mheastar gur bóthar díreach a bheidh romhainn, i bhfianaise na héiginnteachta geo-pholaitiúla tráth a bhfuil géarchéim dhaonnúil ann de bharr an chogaidh san Úcráin agus a thionchar ar an mboilsciú san Eoraip. Caithfimid ár mbealach a dhéanamh ar an mbóthar sin ach in ainneoin na ndúshlán iomadúil, tá an-dóchas agam, i bhfianaise chúinsí eisceachtúla na bliana 2022 agus an mhéid a baineadh amach, gur leagadh síos an bhunsraith le haghaidh fás amach anseo.

Tá caidreamh láidir oibre againn leis na hAirí agus leis an Roinn Iompair agus an Roinn Oideachais, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le Grúpa CIÉ chun cabhrú linn an clár oibre claochlaithe seo a chur i bhfeidhm. Gabhaim mo bhuíochas go háirithe le comhaltaí na Foirne Ardcheannaireachta, leis an mBord agus go háirithe lenár gCathaoirleach, Miriam Hughes, a ceapadh sa ról sin in 2022, agus leis an triúr stiúrthóirí Boird nua. Bíonn gach duine acu ag obair go dian dícheallach lena chinntiú go ndéanfaimid cuspóirí ár n-eagraíochta a chomhlíonadh, agus tá muinín agam go n-éireoidh linn níos mó ná 100 milliún aistear a chur ar fáil do phaisinéirí in aghaidh na bliana dá bharr sin.



**Stephen Kent**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Súil Siar ar an mBliain

## Forléargas ar an nGnó

Maidir le COVID-19, ba mhór a bhí idir an chéad leath den bhliain agus an dara leath. Sa chéad leath den bhliain, agus ráig oimiocróin ag gabháil thart, ní raibh éileamh mór ó phaisinéirí ar sheirbhísí iompair agus bhíomar ag déileáil le fostaithe a bheith as láthair mar gheall ar COVID-19. Ba sa tréimhse sin a tharla na rátaí ionfhabhtaithe ab airde den phaindéim agus a imríodh an tionchar ba mhó ar ár n-oibríochtaí de bharr fostaithe a bheith as láthair agus COVID-19 orthu.

Táimid buíoch as na tacaíochtaí airgeadais a chuir an Rialtas ar fáil dúinn go dtí mí an Mheithimh, rud a chuir ar ár gcumas dúinn seirbhísí riachtanacha a sholáthar fad is a bhí an t-ioncam faoi bhrú. Mar gheall ar an tacaíocht sin, bhíomar in ann seirbhísí a choinneáil ar an mbóthar do phobail agus bhí Bus Éireann agus Expressway ag feidhmiú go hiomlán chun cabhrú le daoine filleadh ar ghnáthghníomhaíochtaí sóisialta agus geilleagracha de réir mar a athosclaíodh an tír.

Ba mhór an spreagadh é an t-ardú ar an éileamh ó phaisinéirí sa dara leath den bhliain, agus cuireadh dlús leis an bhfilleadh ar an bhfás nuair a d'fhógair an Rialtas laghdú táillí 20% i mí Aibreáin 2022 i gcás gach paisinéara ar aistir oibleagáide seirbhíse poiblí, mar aon le tarscaoileadh na dtáillí ar sheirbhísí Iompair Scoile. Leathnaíodh lascaine 50% do dhaoine fásta óga idir 19-23 bliana d'aois chuig seirbhísí tráchtála, agus Expressway ina measc, i mí Mheán Fómhair. Leis an méadú atá ag teacht ar líon na ndaoine a úsáideann seirbhísí iompair phoiblí, is fusa againn aistriú córa iompair a bhaint amach agus pleananna an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Aithnítear gur cóir iompair níos sábháilte is ea seirbhísí iompair phoiblí, agus rannchuidíonn ár seirbhísí leis an straitéis um shábháilteacht ar bhóithre trí líon na n-aistear a dhéantar i gcarranna a laghdú.

É sin ráite, tá an boilsciú atá i réim de bharr an ionsaithe ar an Úcráin ag dul i bhfeidhm go mór ar ár gcostais ionchuir agus, idir sin agus deacrachtaí maidir le tiománaithe a earcú, beidh gá le faireachán, athbhreithniú agus idirphlé leanúnach leis na geallsealbhóirí go léir agus muid ag



déileáil le héileamh ó phaisinéirí agus ag tabhairt isteach seirbhísí nua lena chinntiú go leanfaimid orainn ag feidhmiú ar bhealach atá sábháilte, éifeachtach, agus inbhuanaithe.

## Buaicphointí i leith Seirbhísí OSP

Ba mhór an t-éacht don ghnólacht é an t-aitheantas a fuair cumas iomaíochais Bhus Éireann nuair a d'éirigh leis an tairiscint a chuireamar isteach ar bhealaí 101/133, atá á rith againn i Lú, sa Mhí, i mBaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin le blianta fada. Táimid ag tnúth le seirbhísí agus feithiclí feabhsaithe a thabhairt isteach ar an gconair seo, rud a chuirfidh le heispéireas na gcustaiméirí ó lár na bliana 2023 ar aghaidh.

Leagann Bus Éireann an-tábhacht ar fheabhas a chur ar an nascacht sna réigiúin agus tá áthas orainn tacú le cur i bhfeidhm phlean soghluaisteachta tuaithe an Údaráis Náisiúnta Iompair, 'Éire á Nascadh'. Cuireadh 1.7 milliún ciliméadar lenár gcuid seirbhísí in 2022, agus cuireadh feabhas ar sheirbhísí chuig 70 baile agus sráidbhaile.

Táimid fós ag feabhsú na ngnéithe sin dár n-oibríochtaí a bhfuil smacht díreach againn orthu agus d'éirigh leis an bhfeachtas a bhí againn chun imeacht luath busanna a sheachaint, agus feabhas 50% ina leith sin ina thoradh air. Bhí dúshláin oibriúcháin le sárú againn i roinnt láithreacha ag amanna i rith na bliana. Réitíodh a bhformhór faoi mhí Mheán Fómhair agus dhíríomar ar an méid a foghlaimíodh ón méid sin chun an fheidhmíocht a fheabhsú feasta. In ainneoin thionchar na ráigeanna oimiocróin de COVID-19 ar an neamhláithreacht i measc na mball foirne sa chéad chuid den bhliain, d'éirigh linn 98.3% de na seirbhísí sceidealaithe a chur ar an mbóthar in 2022.

## Buaicphointí Tráchtála

Is é Expressway an t-oibritheoir cóistí is mó sa tír, agus ritheann sé 14 bealach lena nasctar 238 pobal, agus a fhreastalaíonn ar cheithre aerfort.

Díríodh go mór ar Expressway a aistriú ón gConradh Dírdhámhachtana d'Oibritheoirí Busanna Tráchtála – na chéad tacaíochtaí airgeadais a fuair Expressway riamh – chuig gnáthchúinsí tráchtála a fheileann don ré i ndiaidh COVID-19. Ar an 1 Iúil, nuair a tháinig deireadh leis na tacaíochtaí d'oibritheoirí tráchtála, bhí líon na bpaisinéirí ag 82% de na leibhéil a bhíodh ann roimh COVID-19, agus faoi dheireadh na bliana céatadán 90% a bhí bainte amach.

Ní ar an luas céanna atá na paisinéirí ar filleadh ar bhealaí éagsúla, áfach, ná ní hionann an cás i measc deighleoga éagsúla custaiméirí. Choinníomar orainn ag bainistiú an ghnó seo ar bhealach an-dinimiciúil, nuálach chun féachaint chuige go mbeidh sé inmharthanacht feasta. Áiríodh leis sin an chéad ardú táillí le beagnach cúig bliana anuas, seirbhísí breise ar roinnt bealaí, agus laghdú seirbhísí ar bhealaí eile, agus athbhunú an nasc a ritheann Expressway agus Eurolines idir Baile Átha Cliath agus Birmingham/Londain.

D'iompair ár ngnó imeachtaí breis is 125,000 paisinéir chuig ócáidí móra ar nós Rásaí na Gaillimhe, Craobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann agus Comórtas Gailf Adare Manor, Ráschúrsa an Churraigh, ceolchoirmeacha Garth Brooks agus an Comórtas Treabhdóireachta tráth ar fhill daoine ar an gcaitheamh aimsire agus ar na rudaí is ansa leo tar éis blianta ina rabhadar sáinnithe sa bhaile mar gheall ar phaindéim COVID-19





Allen Parker, Miriam Hughes, Stephen Kent agus Scoil Náisiúnta Naomh Pól ag seoladh na mbusanna leictreacha i mBaile Átha Luain

### Buaicphointí na Seirbhíse Iompair Scoile

Tá an Scéim Iompair Scoile á feidhmiú ag Bus Éireann thar ceann na Roinne Oideachais ó 1967. Cé gurb í an fhoinse ioncaim aonair is mó atá againn í, is socrú riaracháin í a oibrítear ar bhonn aisghabhála costais.

Mar gheall ar chinneadh an Rialtais na táillí iompair scoile a tharscaoileadh i mí Iúil don bhliain acadúil mar bheart chun cuidiú le daoine costais mhaireachtála a íoc, thaistil líon níos mó ná riamh scoláirí bunscoile agus meánscoile ar ár seirbhísí. Tháinig méadú 23% ar an scéim – a bhí ar an gceann ba mhó san Eoraip cheana féin – i gcaitheamh cúpla seachtain. Bíonn níos mó ná 150,000 páiste á n-iompar ar scoil agus abhaile againn anois. Ba chúis bhróid againn é a bheith ag obair leis an ngrúpa REALT chun 4,000 iarratas a phróiseáil i ndáil le scoláirí ón Úcráin. Tháinig méadú 9% go 17,500 ar sheirbhísí do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá an tseirbhís iompair sin ríthábhachtach i gcás na bpáistí sin agus a dteaghlach agus tá méadú 23% tagtha ar an soláthar ó 2019 i leith.

Rannchuidíomar le hathbhreithniú na Roinne ar an scéim iompair scoile, agus táimid ag tnúth leis na torthaí.

### Ag Breathnú Romhainn

Níorbh ionann in aon chor an staid ina rabhamar ag deireadh na bliana agus ag a tús, agus is mór an feabhas a bhí tagtha ar chúrsaí. Mar sin féin, tá tionchar COVID-19 ar ár n-inmharthanacht airgeadais fós le sonrú agus tá sé fós ina thosaíocht againn sruthanna cistithe inbhuanaithe a shainaithint agus ardán á thógáil againn le haghaidh forás sa todhchaí chun freastal ar uaillmhianta na cuideachta, agus beartais náisiúnta le haghaidh forbairt shóisialta, gheilleagrach agus comhshaoil á gcur i bhfeidhm againn an tráth céanna.

## Sábháilteacht

Is í sábháilteacht na gcustaiméirí, na bhfostaithe agus na ndaoine go léir a úsáideann an bóthar príomhthosaíocht Bhus Éireann. Cúis ríméid dúinn is ea é nár tharla aon timpiste mhór dúinn le linn 2022. Tháinig laghdú 14% ar líon na dtimpistí a tharla d'fhostaithe agus bhí líon na dtimpistí a bhain le paisinéirí 9% níos ísle in aghaidh gach milliún ciliméadar a clúdaíodh.

Leis an méadú ar líon na n-úsáideoirí bóithre, ar an trácht agus ar an mbrú tráchta, tháinig méadú ar líon na n-imbhuailtí. B'iondúil go ndearnadh dochar éigin d'fheithiclí dá mbarr sin agus gur imríodh tionchar sealadach ar sheirbhísí.

Rinneamar athbhreithniú agus athfhoilsiú ar an leabhrán *Driving Safely* agus dáileadh ar ár bhfostaithe túslíne é. Bhí áthas orainn a bheith in ann Comhdháil Náisiúnta Sábháilteachta a thionól den chéad uair ó 2019. Díríodh ar an méid a chuir Bus Éireann leis an bPlean Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre 'Fís Nialais'. Tá Bus Éireann bródúil as a bheith ar Bhord Comhpháirtíochta Claochlaithe an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus táimid ag obair ar ghníomhartha a sannadh dúinn, idir chóracha iompar níos sábháilte a chur chun cinn, limistéir ardriosca a shainaithint ar bhealaí atá ann cheana féin, agus suirbhé a dhéanamh ag na geataí scoile tráth a bhailíonn na busanna na páistí, chun cabhrú le básanna agus timpistí tromchúiseacha ar na bóithre a sheachaint.

Bhí COVID-19 fós i réim go háirithe sa chéad ráithe den bhliain tráth a raibh an leibhéal ab airde fostaithe as láthair de bharr an ghalair sin. Lean Bus Éireann ar aghaidh le tástáil antaigine ar an láthair in aon áit a raibh líon na gcásanna an-ard. Cuireadh deireadh le bearta ar nós scaradh sóisialta agus caitheamh éigeantach masc i gcomhréir leis an treoir sláinte poiblí agus an treoir ón Rialtas, cé gur leanamar ag cur in iúl go moltar masc aghaidhe a chaitheamh ar sheirbhísí iompair phoiblí.



Rinne Bus Éireann urraíocht ar Fhéile Bhróid Chorcaí 2022

Chuireamar níos mó ná 40 tionscadal feabhsúcháin i bhfeidhm ag ár stáisiúin, ár n-iostaí agus ár bhfoirgnimh riaracháin. Bhain a lán de na tionscadail sin le sábháilteacht agus leas, lena n-áirítear feabhas a chur ar an tslándáil ag stáisiúin agus ar CCTV ar bord feithiclí. Leathnaíomar ár dtuairisciú ar theagmhais iompraíochta frithshóisialta. Tharla 223 teagmhas den sórt sin in 2022. Cé gur líon an-bheag é sin i gcomparáid le líon iomlán na n-aistear a dhéanann paisinéirí, is féidir leis na teagmhais sin drochthionchar díréireach a bheith acu ar fhostaithe agus ar eispéireas an chustaiméara agus táimid fós ag obair le comhpháirtithe agus pobail chun teagmhais dá leithéid a mhaolú agus aghaidh a thabhairt orthu. I bpíosa taighde a rinneamar, thuairiscigh níos mó ná 94% de chustaiméirí go mbraitheann siad sábháilte ar ár gcuid seirbhísí.

Maidir leis na seirbhísí iompair scoile, rinne ár rannóg grinnfhiosrúcháin agus ár rannóg um chosaint leanaí i mBus Éireann próiseáil ar níos mó ná 7,000 duine a chuir isteach ar phost mar thiománaí. Ullmhaíodh agus scaipeadh leabhráin faoin gcosaint a raibh athbhreithniú fairsing déanta orthu, agus tugadh cothrom le dáta na measúnachtaí riosca.

## Custaiméirí

Tá sé ina aidhm shonraithe ag Bus Éireann ó 2019 i leith an gnó a athrú ó bhonn tríd an gcustaiméir a bheith i gceartlár gach rud a dhéanaimid. Sprioc uaillmhianach 90% maidir le sásamh custaiméirí a leagtar amach in *Destination 2023*.

Ba bhliain chinniúnach í seo don ghnó, agus sháraigh an scór sásaimh custaiméirí (a ndearnadh measúnú neamhspleách air) 90% den chéad uair riamh. Scór 92% a bhí bainte amach againn faoi dheireadh na bliana. Glanscór tionscnóra 64% a fuarthas i leith sheirbhísí Bhus Éireann, figiúr i bhfad níos airde ná mar is iondúil sa tionscal, ina meastar go bhfuil scór os cionn 50 ar fheabhas.

Tionscnamh nua ab ea lá *Delight the Customer* a reáchtáladh i naoi n-ionad i mí Meán Fómhair. Bhí fostaithe ar fud an ghnó ag plé le custaiméirí agus ag cabhrú leo, agus bhí an deis ag na custaiméirí bualadh leis an mbainisteoir atá freagrach as a gcuid seirbhísí.

Bhaineamar buaicphointe nua amach freisin i dtéarmaí líon na n-aistear a rinne custaiméirí – thaistil 800,000 custaiméir linn in aon seachtain amháin. Bhí borradh mór faoin éileamh ó mhí Meán Fómhair ar aghaidh nuair a d'fhill na mic léinn ar na hinstitiúidí tríú leibhéal agus nuair a thosaigh fostaithe ag dul isteach chuig an oifig níos minice. Ar an meán, tá líon na bpaisinéirí 15% chun tosaigh ar na leibhéil a bhíodh ann roimh an bpaindéim. I roinnt áiteanna ardú beagnach 50% a bhí i gceist, rud a chuir brú ar líon beag bealaí ardéilimh. Bhí sé deacair na cásanna brú sin a thuar de bharr na patrúin taistil a bheith ag athrú. Táimid ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun réitigh a phlé agus tá roinnt acu curtha i bhfeidhm cheana féin, amhail feithiclí dhá urlár a chur ar an mbóthar, lenar féidir líon na suíochán a mhéadú suas le 50%.

Maidir le Expressway, is é an córas áirithinte ar líne an bealach is fearr chun acmhainní a leithdháileadh agus acmhainneacht a bhainistiú ar fud an ghréasáin. Is ar líne a dhíoltar ticéad amháin as gach ceithre cinn anois. Is ar líne a dhíoltar suas le dhá thrian de na ticéid ar bhealaí áirithe ardéilimh ina bhfuil feachtais ar bun againn chun réamháirithint a spreagadh. Chuir Expressway tús arís le roinnt seirbhísí a cuireadh ar fionraí le linn COVID-19 agus chuir sé deireadh le líon beag seirbhísí idir Ros Mhic Thriúin agus Port Láirge, áit a raibh éileamh ró-íseal orthu. Leis an measúnú dinimiciúil sin, is féidir linn acmhainní a aistriú chun freastal ar phátrúin nua taistil agus gréasán Expressway a fhorbairt tuilleadh.

Ó thaobh táillí de, ní raibh luach ar airgead níos fearr riamh ag na custaiméirí ar sheirbhísí iompair phoiblí. I mí Aibreáin bhíomar ar an gcéad oibreoir a chuir i bhfeidhm an laghdú 20% a rinne an Rialtas ar gach táille OSP, agus leathnaíodh an lascaine 50% do dhaoine fásta óga a bhfuil Cárta LEAP acu chuig seirbhísí Expressway ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh. I mí Dheireadh Fómhair cuireadh i bhfeidhm ardú 6% ar an meán ar thicéid aonair chaighdeánacha Expressway, an chéad ardú ó bhí 2018 ann. Bhí gá leis sin mar gheall ar an ardú a bhí tagtha ar na costais ionchuir. Tá lascaine 5% ar fáil ar gach ticéad a cheannaítear ar líne ag expressway.ie. I bhfeachtas a rith Expressway maidir le costais mhaireachtála, leagadh béim ar an mbuntáiste a bhaineann ar chóistí agus ar bhusanna i gcomparáid leis an gcostas breise a bhaineann le carr a choinneáil ar an mbóthar in 2022.

Críochnaíodh cur i bhfeidhm phróiseas ticéadaithe mhóibíligh an Údaráis Náisiúnta Iompair, TfI Go, ar fud 220 bealach OSP agus 2,000 céim tháille. Rogha tharraingteach eile in ionad Cártaí LEAP a bheidh ansin le himeacht ama. Tháinig laghdú mór ar dhíolacháin na dticéad Coigiltis Cánach le linn phaindéim COVID-19 ach tá méadú seasta ag teacht ar an díol sin ó shin agus bhí méadú 50% ar líon na dticéad a eisíodh i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Bhí áthas ar Expressway nasc cóiste a thabhairt isteach arís idir Éire agus an Ríocht Aontaithe nuair a cuireadh tús arís leis an tseirbhís ‘Coach & Sail’ de chuid Expressway Eurolines. Leagann custaiméirí rialta tábhacht ar an tseirbhís ar leith sin, lenar féidir strus an aerfoirt a sheachaint, saoirse níos mó a bheith ag daoine ó thaobh bagáiste de, dul díreach go Birmingham agus Londain, rud atá áisiúil, agus luach an-mhaith ar airgead a fháil, agus bhídís ag iarraidh go dtabharfaí ar ais í.

Gné thábhachtach de phaisinéirí a bheith sásta lena n-aistear is ea faisnéis thráthúil, chruinn a bheith ar fáil faoin aistear, agus is tábhachtach an rud é sin chun daoine a mhealladh chuig na seirbhísí iompair phoiblí. Thug Expressway isteach saoráid fíor-ama ar a láithreán gréasáin den chéad uair agus athlonnaíodh na stadanna ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus feabhsaíodh na scáileáin faisnéise don sciar ríthábhachtach sin den mhargadh. I rith 2022, rinne Foireann Faisnéise Taistil Bhus Éireann, le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair, bainistiú ar thionscadail faoinar suiteáladh 140 cuaille bus TfI, agus faoinar soláthraíodh faisnéis a bhain go sonrach le níos mó ná 1,500 stad. B’éigean 6,000 bileog faisnéise a chur i gcló agus a shuiteáil chuige sin.

Lá ‘Delight the Customer’ 2022






Seirbhís bus 401 idir an Fhaiche Mhór agus Bóthar na Trá

Láimhseáil ár ngníomhairí cúraim custaiméirí níos mó ná 224,000 teagmháil le custaiméirí ar an teileafón, ar an ríomhphost agus ar na meáin shóisialta i rith 2022. Ba le hiompar scoile a bhain breis is an ceathrú cuid díobh sin.

Bímid seasta ag díriú ar chaighdeán agus inrochtaineacht ár seirbhísí a fheabhsú do dhaoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu. In 2022, ba chúis bhróid againn é an chéad Scéim Cúnaimh Taistil a thabhairt isteach lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. I mí Iúil sheol Bus Éireann, le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair, an chéad seirbhís i gCorcaigh atá dírithe ar chur le muinín na ndaoine a bhfuil imní orthu faoi iompar poiblí ionas gur fearr a bheidh siad in ann seirbhísí iarnróid agus bus a úsáid leo féin. I dtréimhse ceithre mhí, cuireadh 190 seisiún cúnaimh ar fáil.

Mar gheall ar an éagsúlacht feithiclí atá ag Bus Éireann, seachas i gcás seirbhísí cathrach agus baile teastaíonn fógra 24 uair an chloig uainn faoi láthair maidir le háirithint do chathaoir rothaí lena chinntiú gur féidir linn an tseirbhís a chur ar fáil. In 2022, rinneadh 473 áirithint dá leithéid linn agus d'éirigh linn freastal ar 99% acu. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair atá freagrach as stadanna bus ar bhealaí oibleagáide seirbhíse poiblí. Mar gheall gur cois bóthair atá siad, ní bheidh sé indéanta gach ceann de na 5,000 stad a bheith lán-inrochtana, ach tá dul chun cinn á dhéanamh againn le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair, go háirithe sna stáisiúin. Tugadh i gcrích oibreacha inrochtaineachta i mBaile Átha Luain agus i mBéal an Átha agus cuireadh tús le hoibreacha i gCill Chainnigh agus sa Mhuileann gCearr.

Táimid dírithe ar inrochtaineacht ár seirbhísí Expressway a fheabhsú – cé go bhfuil gach feithicil inrochtana, tá stáisiúin agus stadanna á gcur in oiriúint, agus is féidir áirithintí do chathaoireacha rothaí a dhéanamh ar líne anois ag expressway.ie. Is tionscadal trialach faoi láthair i gCorcaigh é ár mbeartas maidir le scútair shoghluaisteachta do sheirbhísí cathrach agus baile.

Tháinig méadú 9% go 17,500 ar sheirbhísí iompair scoile do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is minic gur seirbhísí saincheaptha an-speisialaithe a bhíonn i gceist leo sin agus tá méadú 23% tagtha ar a líon ó 2019 i leith.

Tá clár gníomhach againn chun ár saoráidí a fheabhsú do chustaiméirí agus d'fhostaithe. In 2022, fuarthas cead pleanála le haghaidh athchóiriú ar an mBusáras, cé go bhfuil sásraí cistithe fós le socrú. Le hinfheistíocht €20m ón Údarás Náisiúnta Iompair, cuireadh tús leis an obair foirgníochta chun athrú mór a dhéanamh ar ár saoráidí ag Stáisiún Colbert i Luimneach, agus chuir CIÉ, ar leis réadmhaoine Bhus Éireann, amach ar tairiscint an tionscadal chun athchóiriú a dhéanamh ar Stáisiún Ceannt na Gaillimhe.

## Feidhmíocht

Feidhmíonn Bus Éireann an gréasán iompair phoiblí is mó, is fairsinge agus is éagsúla sa tír. In 2022, tháinig méadú 14.6% ar líon na gciliméadar a clúdaíodh idir sheirbhísí iompair do phaisinéirí bóthair agus seirbhísí scoile.

Chuireamar 1.7 milliún ciliméadar sa bhliain lenár n-iomlán faoin bPlean Soghluaisteachta Tuaithe 'Éire á Nascadh' de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair, rud a chuir go mór le seirbhísí chuig 70 baile agus sráidbhaile ar fud 10 gcontae, lena n-áirítear bealaí agus naisc nua, idir Caiseal agus Luimneach agus idir Droichead Átha agus Baile Átha Luain, mar shampla. Chun na seirbhísí sin a sholáthar, d'fhostaíomar 50 tiománaí.




Feachtas do Mhic Léinn faoin gcárta LEAP

Ina theannta sin, bhí Bus Éireann ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun féachaint chuige gur coinníodh ar bun an nasc idir Port Lách, Port Láirge agus Dún Mór Thoir tar éis d'oibritheoir príobháideach tarraingt siar ón mbealach sin. Níor cuireadh isteach ar an tseirbhís sin ar chor ar bith toisc go raibh Bus Éireann réidh chun busanna a rith ar an mbealach sin an lá tar éis don oibritheoir sin tarraingt siar.

Mar fhreagra ar éileamh, chuireamar 22 aistear in aghaidh na seachtaine le thrí bhealach de chuid Expressway. Táimid dírithe ar leithdháileadh acmhainní Expressway a bheith i gcomhréir níos fearr leis an éileamh agus sa chuid dheireanach den bhliain cuireadh deireadh le seirbhísí idir Ros Mhic Thriúin agus Port Láirge ar a raibh líon íseal paisinéirí agus a raibh a lán roghanna eile iompair phoiblí ar fáil ina leith.

Cé gur bhain Expressway amach scór 99% maidir le busanna a bheith ag imeacht in am, tríd is tríd is in olcas a chuaigh cúrsaí iontaofachta agus poncúlachta mar gheall ar an méadú atá tagtha ar bhrú tráchta sna cathracha. Is measa an brú tráchta sin fiú ná leibhéil na bliana 2019 agus léirítear i roinnt tuarascálacha go raibh an brú tráchta i gcathair Chorcaí, mar shampla, 56% os cionn an leibhéil a bhíodh ann roimh an bpaindéim. Chun iarracht a dhéanamh na sceidil a mheaitseáil le dálaí oibriúcháin, rinneamar athbhreithniú ar 220 amchlár i rith na bliana.

Faoi théarmaí ár gconartha leis an Údarás Náisiúnta Iompair, sainmhínítear poncúlacht mar gan a bheith níos mó ná nóiméad amháin luath ná sé nóiméad déanach ag fágáil gach stad bus ar bhealach áirithe. Trí mheán feachtas inmheánach inar díríodh ar chúinsí a raibh neart againn féin orthu, baineadh amach laghdú níos mó ná leath i rith na bliana i ndáil le himeacht luath, is é sin bus a bheith ag imeacht ón stad níos mó ná nóiméad amháin roimh an am a bhí leagtha amach dó.

Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, is beag tosaíocht a bhíonn ag busanna, agus cé go bhfuil sé mídhleathach, tarlaíonn sé gach lá go mbíonn carranna sa bhealach ar bhonneagar bus, ar nós stadanna. Léiríonn taighde a rinne Bus Éireann go n-admhaíonn tiománaí amháin as gach ceathrar go bpáirceáil siad ag stadanna bus. Tá Bus Éireann ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le húdaráis áitiúla agus leis an nGarda Síochána chun feasacht a ardú ar na hiarmhairtí a bhaineann le stadanna bus a bhlocáil. Ina measc siúd tá imní faoi shábháilteacht toisc go mbíonn ar phaisinéirí dul amach ar an mbóthar chun dul ar an mbus, moill ar sheirbhísí, agus deacrachtaí do dhaoine atá faoi mhíchumas luaineachta nó do dhaoine a bhfuil bugaí acu leo.

Tugadh i gcrích an phleanáil agus an soláthar a bhí de dhíth chun 20% a chur le hacmhainneacht na scéime iompair scoile laistigh de roinnt seachtainí, cé go raibh brú mór ar an eagraíocht i gceist leis an obair sin. Ba leibhéal ard feidhmíochta é sin, go háirithe i bhfianaise an laghdaithe ar an bhfáil a bhí ar chonraitheoirí mar gheall go rabhthas ag filleadh ar ghníomhaíocht ar leibhéal réamhphaindéime agus mar gheall ar na costais bhreis a bhí i gceist de bharr praghsanna breosla. Ritheann an fhoireann iompair scoile níos mó ná 6,500 feithicil thar 8,940 bealach, agus is conraitheoirí áitiúla atá i mbun 90% díobh sin.

Is maith mar a d'fheidhmigh foirne innealtóireachta agus cothabhála Bhus Éireann agus bhíothas in ann brath ar na feithiclí agus ar an bhfáil a bhí orthu. Ba é 94% an ráta pas a bhaineamar amach sa Tástáil Ródacmhainneachta Feithicle Tráchtála i gcomparáid leis an meán náisiúnta 74% a thuairiscigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

## Daoine

Tá Bus Éireann meáite ar obair mhaith, shábháilte a sholáthar dá fhostaithe, agus ar bheith ina áit iontach oibre. In 2022, chuireamar Bainisteoir Folláine agus Bainisteoir Sinsearach Tallainne agus Éagsúlachta leis an bhfoireann lárnach acmhainní daonna.

Bhí áthas orainn ráta rannpháirtíochta fostaithe 74% a bhaint amach in 2022. Léiriú is ea é sin ar an gcaidreamh idir eagraíocht agus a cuid fostaithe, agus ar an gceangal a bhraitheann fostaithe le spriocanna agus luachanna na cuideachta.

Díríodh níos mó ar an earcaíocht, go háirithe tiománaithe a earcú, le linn 2022. Agus lánfhostaíocht beagnach i réim sa tír, bhí an margadh do thiománaithe níos srianta ná mar a bhíodh roimhe seo, i gcás Bhus Éireann agus oibritheoirí iompair eile araon. D'earcaíomar 215 tiománaí i rith na bliana, agus 322 duine san iomlán.

Reáchtáladh laethanta oscailte do thiománaithe i gCorcaigh, i nDroichead Átha agus i Luimneach, agus bhí an deis ag iarratasóirí féideartha nua bus a thiomáint go sábháilte, rud a chothaigh muinín iontu agus a chuir i gcoinne an mheoin go bhfuil sé deacair busanna a ionramháil.

Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán earcaíochta, agus chun na próisis earcaíochta a bhunú ionas gur féidir linn fás amach anseo, tugadh faoi roinnt tionscnaimh nua.

Agus luach na taithí á aithint againn, chuamar i dteagmháil le heagraíochtaí ionadaíocha fostaithe chun athrú ar ár mbeartas scoir a chomhaontú. Roimhe seo, d'fhéadfadh tiománaithe bus scoile a bheith ag obair go mbeidís 70 bliain d'aois, agus bhí ar thiománaithe a iompraíonn paisinéirí ar bóthar dul ar scor agus iad 66 bliain d'aois. Le linn 2022, comhaontaíodh gur féidir leis na tiománaithe sa dara ghrúpa sin leanúint ar aghaidh ag obair freisin go mbeidh siad 70 bliain d'aois, más maith leo.

Go dtí seo níor fhostaigh Bus Éireann ach daoine a raibh ceadúnas tiomána i gcatagóir D acu, sé sin Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla i leith Tiomáint Bus. Thóg ár gclár oiliúna féin sé seachtaine eile anuas air sin. In 2022, d'eagraigh Bus Éireann cláir oiliúna do dhaoine le ceadúnais B, is é sin le haghaidh gluaisteáin nó veain éadrom, i gCorcaigh agus i Luimneach. Go dtí seo, d'éirigh le 38 tiománaí a raibh ceadúnas B acu ina dtástálacha i gcomhair cheadúnas D agus tháinig siad ag obair linn.

Bus Éireann ag díriú ar ionadaíocht na mban a mhéadú



Ós eol dúinn go measann ár bhfostaithe ar an iomlán gur áit mhaith oibre é Bus Éireann, rinneamar píosa dlúth-thaighde lenar tugadh léargas ar na luachanna ar leith a mheall fostaithe chuig róil éagsúla agus a choinnigh linn iad. Chuir sé sin bonn eolais faoi fheachtas lenar leagadh béim ar fhiúntas an fhostóra, agus rinneadh láithreán gréasáin nua chun aird a dhíriú ar ghairmeacha le Bus Éireann.

Is féidir le daoine róil a chuardach agus cur isteach orthu ar an láithreán gréasáin, atá ina thairseach gairmeacha le feidhmeanna áisiúla cúloifige i gcomhair próiseas earcaíochta níos cuíchóirithe, tuairisciú fíor-ama agus cumarsáid níos éifeachtaí le hiarrthóirí. Táimid fós ag tacú le hobair chianda agus obair hibrideach, rud a chuidíonn linn daoine a mhealladh chuig róil chléireachais agus feidhmiúcháin.

Ina theannta sin, chuireamar teicneolaíocht agus anailísíocht sonraí i bhfeidhm freisin chun cur chuige níos stuama a ghlacadh maidir le bainistíocht tinrimh. Is amhlaidh anois go sainaithnítear fostaithe a bhféadfadh níos mó tacaíochta nó cúram sláinte a bheith de dhíth orthu.

Tá oiliúint agus forbairt fós ina dtosaíocht againn. Chuir Bus Éireann beagnach 10,000 uair an chloig oiliúna ar fáil i rith na bliana. Tugadh isteach cláir nua le go bhféadfaí flít lánleictreach feithiclí a rith i mBaile Átha Luáin. Thug beagnach 70 duine de Ghrúpa Ceannaireachta Bhus Éireann faoi chlár forbartha saincheaptha bliana in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a dearadh chun tacú leo athrú cultúir a bhunú agus a chothú.

Agus an brú ar chostais mhaireachtála ag dul in olcas, chuamar i mbun cainteanna lenár n-eagraíochtaí ionadaíocha fostaithe, cainteanna a bhí á n-éascú ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. As sin d'eascair moladh trí bliana i leith na tréimhse 2022-24, ar glacadh leis i mballóid. Fágfaidh sé sin go mbeidh cúrsaí cobhsaí sa ghnólacht tráth a bhfuil costais ionchuir seasta ag athrú, agus cabhróidh sé lenár bhfostaithe déileáil leis na harduithe atá ag teacht ar chostais mhaireachtála faoi láthair.

Tá ár mbaill foirne chléireachais an-tábhachtach ó thaobh fheidhmiú éifeachtach an ghnó. In 2022, d'aontaíomar athstruchtúrú a dhéanamh ar ghráid chléireachais agus leathnaíomar an córas bainistíochta feidhmíochta (Forás, Feidhmíocht, Rath) chuig na róil sin den chéad uair, rud a chuir le hailíniú breise ar fud na cuideachta.

D'fhoilsigh Bus Éireann a chéad tuarascáil ar Bhearna Phá idir na hInscní, ina léirítear bearna -10.2%. I bhfabhar na mban atá an difríocht sin toisc go bhfuil céatadán níos airde ban ag obair linn i róil shinsireacha. Cé nach mná iad ach 10% dár bhfostaithe, is ísle fós atá an sciar i gcás na dtiománaithe, an chatagóir fostaithe is mó atá againn. Mná is ea 3% díobh. Léiríodh sa tuarascáil an gá atá le hionadaíocht na mban a mhéadú ar fud na heagraíochta agus na céimeanna atá á nglacadh ag Bus Éireann chuige sin, lena n-áirítear obair ag an deireadh seachtaine amháin, oiliúint a chur orthu siúd a bhfuil ceadúnas B acu, agus feachtais earcaíochta a bheidh dírithe ar mhná.

Cuireadh béim ar an bhfolláine le 20 cúrsa faoin tsláinte, airgeadas pearsanta agus meabhairshláinte, chomh maith le scagthástáil sláinte ar an láthair a cuireadh ar fáil d'fhostaithe. Léiríodh an-spéis ansin agus ghlac 270 duine páirt sa tionscnamh. Leagaimid tábhacht níos mó agus níos mó ar na cláir sin sa ról atá againn mar fhostóir nua-aimseartha forásach.

Lenár gclár oibre Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta, déanaimid ár ndícheall lucht saothair a bheith againn a bhfuil a chomhdhéanamh ag teacht le sochaí na hÉireann agus ár mbonn custaiméirí. In 2022, bhíomar thar a bheith bródúil as fórsa saothair a bheith againn ina bhfuil daoine de 46 náisiúntacht éagsúil. Thugamar cothrom le dáta roinnt dár mbeartais maidir le Dínit agus Meas ag an Obair, Comhionannas agus Éagsúlacht, agus Féiniúlacht Inscne.

Chomh maith leis sin, shíníomar an Gealltanas 'Elevate' de chuid *Business in the Community Ireland* (BITCI) in 2022. Is é príomhchuspóir an ghealltanais sin rátaí fostaíochta a ardú i gcás grúpaí sainaitheanta tearc-ionadaithe. Tacaíonn an gealltanas le gnólachtaí maidir le straitéis éagsúlachta agus uilechuimsitheachta a fhorbairt go sonrach dóibh féin, lena n-áirítear cláir fhairsinge oiliúna do ghrúpaí ceannaireachta laistigh den eagraíocht. Thug ár gceannairí sinsearacha fúthu sin le linn 2022.

Rinne fostaithe os cionn 700 ainmniúchán dá chéile i gcomhair na ngradam 'Go the Extra Mile'. Rinneadh ceiliúradh ar níos mó ná 21 fostaí aonair ag na gradaim náisiúnta 'Go the Extra Mile', an chéad imeacht dá leithéid a d'fhéadfaimis a cheiliúradh agus muid i láthair san fhíorshaol ó 2019 i leith. Bronnadh Foireann na Bliana ar mhaoirseoirí oiliúna Chorcaí agus ghnóthaigh Droichead Átha gradam Iosta na Bliana. Léirigh na gradaim náisiúnta an dea-thionchar a bhíonn ag fostaithe de chuid Bhus Éireann laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di.

Lean BÉ Online, ár gcainéal cumarsáide inmheánaí, le ról fíorthábhachtach a bheith aige maidir le faisnéis riachtanach a sholáthar dár 2,827 fostaí, agus an deis a thabhairt dóibh freisin a gcuid eispéireas agus tuairimí a chomhroinnt am ar bith. Rinneadh breis is 2,600 postáil ar BÉ Online agus féachadh orthu naoi milliún uair san iomlán. Is comhpháirtithe iad ár bhfostaithe sa ghnó agus cuireann aiseolas agus faisnéis a fhaightear trí BÉ Online le pleanáil agus le cinnteoireacht. Is amhlaidh atá freisin i gcás moltaí a fhaightear trínár scéim 'Bright Ideas'.




An tAire Eamon Ryan ag seiceáil na saoráidí luchtaithe ag iosta Bhaile Átha Luain

## Nuálaíocht

Leagadh béim ar an nuálaíocht i rith na bliana agus muid ag oiriúnú d'éilimh nua, ag déanamh dul chun cinn ó thaobh éifeachtúlacht oibriúcháin, agus ag cur chun cinn an chláir oibre inbhuanaitheachta. Beidh an nuálaíocht ríthábhachtach chun spriocanna Bhus Éireann a bhaint amach, agus is léiriú thar a bheith dearfach ar an méid atá indéanta é an réiteach bainistíochta iosta agus luchtaithe a tugadh isteach faoin gcéad tionscadal *Pathfinder* de chuid na Roinne Iompair, leictriú a dhéanamh ar sheirbhísí Bhaile Átha Luáin.

Le bunú foirne claochlaithe TF, soláthraíodh struchtúr agus acmhainní do thionscadail a bheidh ríthábhachtacha chun dea-thoradh a bhaint amach. Sheolamar mórthionscadal chun garáistí a athrú ó bhonn, faoina gcuirfear chun feidhme córas lán-chomhtháite chun garáistí a bhainistiú agus obair chothabhála a chur ar an sceideal. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas dúinn éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht a bhaint amach i dtaobh bealaí oibre ar fud ár ngaráistí trí theicneolaíocht shimplí, áisiúil, lena gcuirfear deireadh le córais pháipéarbhunaithe. Fuarthas aiseolas cuiditheach i leith an tionscadail ó gharáistí ag seisiúin a reáchtáladh nuair a bhí tús á chur leis.

Reáchtáladh triail cruthúnais coincheapa ar chóras ticéadaithe scoile i gCo. na Mí. Faoi láthair is próiseas láimhe atá i gceist le ticéid a eisiúint, agus níl aon bhealach ann chun faireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as na suíocháin a leithdháiltear. Beidh níos mó trédhearcachta agus cuntasachta i gceist leis an gcóras leictreonach, rud a chuideoidh linn pleanáil a dhéanamh. Léiríonn torthaí tosaigh gur maith an glacadh a bhí ag scoláirí leis an gcoincheap agus gur chuir teaghlaigh agus conraitheoirí fáilte roimhe.

Ó thaobh iompar scoile freisin, tugadh isteach saoráid do pháistí a theith ón gcogadh san Úcráin ionas go bhféadfaidís cur isteach ar sheirbhís iompair scoile. Tionscnamh úrnua a bhí ansin agus b'éigean é a chur i bhfeidhm go tapa mar gheall ar an líon ard cásanna éigeandála. Foilsíodh an fhoirm i mBéarla, in Úcráinis agus i Rúisis agus tá 4,000 áit curtha ar fáil do pháistí ón Úcráin go dtí seo.

Bhí nuálaíocht nach beag le sonrú i dtaobh ár seirbhísí Expressway. Tugadh isteach faisnéis fíor-ama do phaisinéirí, cuireadh le cion na dticéad a dhíoltar ar líne go 66% ar bhealaí áirithe, agus baineadh triail as praghsáil dhinimiciúil. Ba rudaí iadsan go léir a chuir le heispéireas na gcustaiméirí agus lenár gcumas an gnó a bhainistiú ar bhealach níos grinne.

Bhí nuálaíocht bhreise le sonrú freisin agus muid ag obair i ndlúthpháirt le foirne deartha BusConnects chun líonraí iompair nua a fhorbairt do Chorcaigh, Gaillimh, agus Luimneach, ar shuiteáil teicneolaíochta Mobileye chun cásanna imbhuailte a sheachaint (tionscadal trialach i gCorcaígh), agus ar fud na bainistíochta earcaíochta.

Chuir Bus Éireann feabhas ar a chumas anailíse sonraí in 2022, ós eol dúinn an luach is féidir a bheith aige sin chun tacú le feidhmíocht agus fás gnó. Cuireadh acmhainní nua ar fáil ar thionscadail ríthábhachtacha lena n-áirítear Samhail Bhus Éireann um Breithmheas Infheistíochta, costais in aghaidh an chiliméadair, anailís chostais ar fheithiclí leictreacha, Tacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le gníomhaíochtaí geilleagracha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus Athbhreithniú na Roinne Oideachais ar an Scéim Iompar Scoile. Bhí an fhoireann ag obair freisin ar chritéir a bheachtú le haghaidh fóirdheontas breosla na Roinne Oideachais a cuireadh ar fáil do chonraitheoirí iompair scoile mar fhreagra ar an ardú ar phraghsanna breosla. De bharr na hoibre sin, laghdaíodh costas na scéime de níos mó ná 15%.




Gairdín de chuid na mBailte Slachtmhara i mBaile Phib ag an gCloch Leathan

## Inbhuanaitheacht

Ba é seo an chéad bhliain iomlán ghníomhaíochta ó foilsíodh Straitéis Inbhuanaitheachta Bhus Éireann in 2021 agus ó leagadh síos struchtúir agus acmhainní a chuideoidh linn í a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach.

Rinneadh go leor dul chun cinn, ní hamháin ó thaobh feidhmiú de ach freisin inár bhfócas ar chultúr inbhuanaitheachta a chothú ar fud na heagraíochta.

Ba é an tionchar comhshaoil ba mhó a d'imríomar in 2022, seachas cur le líon na bpaisinéirí a úsáideann seirbhísí iompair phoiblí, ná aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha/ísle. Ba thosaíocht againn é bonneagar luchtaithe a sholáthar in iosta Bhaile Átha Luain chun an t-athrú go seirbhís baile lánleictreach – an chéad cheann in Éirinn – a éascú. Bhí iarracht mhór i gceist le hoiliúint a chur ar cheardaithe agus tiománaithe, agus leis an bpleanáil le haghaidh na n-athruithe oibriúcháin atá riachtanach, agus b'éigean dúinn dul i gcomhairle le beagnach 20 eagraíocht eile, ESB ina measc. Tá sé sin ar cheann de na 35 tionscadal a d'aithin an Rialtas faoin tionscnamh *Pathfinder* agus an chéad cheann a seoladh. Is mór an t-éacht é sin. Mar chuid de *Pathfinder*, is eiseamláir é an tionscadal a mbeifear ag foghlaim uaidh sula leanfar ar aghaidh leis an aistriú chuig córas iompair a bheith saor ó astaíochtaí. Tá an phleanáil faoi lán seoil chun leictriú a dhéanamh ar Iosta Bhaile an Róistigh i Luimneach in 2023, ar sheirbhísí chathair na Gaillimhe go luath in 2024 agus ar iosta Thobar an Chaipín i gcathair Chorcaí.

In 2023, chuireamar tús le tionscadal trialach chun measúnú a dhéanamh ar chumasc níos airde bithbhreosla. Beidh sé sin ar an gceathrú rogha don fhlít feithiclí ó thaobh breoslaí malartacha, anuas ar fheithiclí lánleictreacha, feithiclí a ritheann ar hidrigin agus feithiclí hibrideacha. Nuair a chuirtear san áireamh na feithiclí hibrideacha atá ar an mbóthar i gcathair na Gaillimhe agus i gcathair Luimnigh, agus na trí fheithicil hidrigine, in 2022 chlúdaíomar 470,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí, méadú 96% ar 2021. Is feithiclí leictreacha astaíochtaí nialasacha iad beagnach feithicil amháin as gach cúig charr agus veain dár gcuid anois.

Táimid ag obair chun ídiú fuinnimh iomlán an ghnólachta a laghdú, agus is léir na buntáistí a bhaineann leis sin i bhfianaise ardú mór a bheith tagtha ar chostais fóntais le linn 2022. Ba chúis bhróid againn é ár bhfoirgneamh riaracháin, foirgneamh atá geall le bheith saor ó astaíochtaí, a oscailt i mBaile an Róistigh. Bhog 230 fostaí isteach ansin i mí na Bealtaine. I gcomhar le Grúpa CIÉ, bhain Bus Éireann amach rátáil A ón Tionscadal um Nochtadh Carbóin.

Baineadh amach deimhniú ISO14001 do Bhainistíocht Comhshaoil i leith ár n-ionad sa Chabhán agus i nGaillimh. Suiteáladh soilse LED in Iosta Thobar an Chaipín in 2021 agus tugadh faoin obair sin i dtrí íosta eile ó shin. Suiteáladh trealamh téimh atá níos tíosaí ar fhuinneamh i gcúig láthair. Tá feabhas 24% tagtha anois ar an éifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid le 2009, an bhonnbhliain atá leagtha amach ag SEAI. De réir mar a thiocfaidh borradh faoin ngnó, measaimid go dtiocfaidh méadú ar ídiú fuinnimh agus ar líon na bpaisinéirí.

Maidir le tomhaltas agus dramhaíl a laghdú, chuir Bus Éireann tús le roinnt tionscnamh a thagann faoi shamhail an gheilleagair chiorclaigh. Bainistíonn Bus Éireann 800 tonna dramhaíola gach uile bhliain, agus tá sé i gceist aige laghdú 25% a bhaint amach ina leith sin faoi 2025, agus cur le líon na bpaisinéirí ag an am céanna.

Is dúshlán é an bhainistíocht dramhaíola agus is iad na custaiméirí a ghineann na méideanna dramhaíola is mó. Is é an chéad chéim ná an dramhaíl a ghintear a thomhas agus a thuairisciú go cruinn. In 2022, ceannaíodh trealamh chun cairtchlár a chur ina bhurlaí i gcomhair seacht gcinn dár n-iostaí is mó. Chun custaiméirí a spreagadh chun a gcuid dramhaíola a athchúrsáil, suiteáladh meaisíní aisdíola sa Chloch Leathan agus i Leitir Ceanainn. Téann an t-airgead uathu sin chuig *Grow Mental Health*. Cuireadh i gcrích iniúchtaí uisce i gcúig ionad. Cuireadh córais nua i bhfeidhm chun trealamh TF a athchúrsáil.

Rinne foireann soláthair Bhus Éireann dul chun cinn mór maidir le soláthar glas a thabhairt isteach. In 2022, áiríodh bearta inbhuanaitheachta i 47% de na conarthaí a dámhadh, lena n-áirítear bearta inbhuanaithe a tugadh isteach sa mhórphróiseas tairisceana cúig bliana do chonraitheoirí iompair scoile. Is é an sprioc atá againn 75% de réir luacha a bhaint amach faoi 2030. Ceannaíodh luach beagnach €1m de threalamh TF agus critéir inbhuanaitheachta á gcur i bhfeidhm den chéad uair. Ghlac gach speisialtóir agus bainisteoir soláthair páirt in oiliúint inbhuanaitheachta agus táimid ag déanamh anailís ar bhearnaí i ndáil le conarthaí atá i bhfeidhm faoi láthair de réir na dtreoirlínte ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Mar chomhartha ar rún agus ar dhíograis Bhus Éireann, i rith 2022 ritheamar feachtas feasachta inbhuanaitheachta do na fostaithe go léir, cláir oiliúna inbhuanaitheachta agus cláir rannpháirtíochta, agus chaith Bord na cuideachta lá iomlán amháin ag plé leis an inbhuanaitheacht. Leanamar ar aghaidh freisin ag obair le *Business in the Community* chun tagarmharcáil agus iniúchadh a dhéanamh ar an gclár oibre inbhuanaitheachta ar fud na heagraíochta, chun an comhartha *Business Working Responsibly* a bhaint amach.

Foilsíodh an chéad tuarascáil inbhuanaitheachta de chuid Bhus Éireann i mí an Mhárta 2022. Ghlac an Bord an creat tuairiscithe um Ghníomhú ar son na hAeráide don earnáil leathstáit tráchtála i mí Dheireadh Fómhair. Rinneadh tuilleadh ullmhúcháin i réimse na tacsanomaíochta, agus muid ag réiteach i gcomhair na Treorach ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

Ba chúis bhróid againn é go bhfuair ár gcuid oibre ar an inbhuanaitheacht aitheantas ó roinnt comhlachtaí seachtracha. In 2022, fuair Bus Éireann Gradam Gnóthachtála na hEarnála Poiblí de chuid SEAI le haghaidh forbairtí i dtaobh feithiclí agus fuinnimh, fuair sé an gradam Tionchair Ghlais ag Dámhachtainí Lóistíochta agus Iompair na hÉireann agus bhuaigh sé Gradam Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais de chuid *Business and Finance* i leith slabhra soláthair inbhuanaithe.

Bhí an tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ, ar cuireadh tús leis in 2022, thar a bheith tábhachtach agus chuir an tacaíocht sin ar ár gcumas dúinn tús a chur le 15 thionscadal i raon leathan réimsí lena n-áirítear fuinneamh, dramhaíl, uisce, folláine fostaithe agus oidhreacht.

Triail á baint as meaisíní aisdíola ag an mBusáras agus i stáisiún bus Leitir Ceanainn



## Comhoibriú

Comhlíonadh ár gcuspóra ó thaobh daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo, ar fud beagnach 90 milliún aistear a dhéanann na paisinéirí in aghaidh na bliana, braitheann sé ar an gcomhar idir comhpháirtithe, agus is gné lárnach de mhodh oibre Bhus Éireann é an comhoibriú inmheánach agus seachtrach.

Is mór againn an tacaíocht ónár gcomhpháirtithe, an saineolas a roinneann siad linn, agus an mhuinín atá acu asainn agus muid ag freastal orthu, idir ár bpríomh-gheallsealbhóirí – lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus an Roinn Iompair, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus CIÉ – agus eagraíochtaí ionadaíocha ár bhfostaithe, ár nGrúpa Úsáideoirí faoi Mhíchumas, agus an iliomad grúpaí agus eagraíochtaí poiblí agus eagraíochtaí pobail a bhíonn ag obair linn chun ár seirbhísí a sholáthar go slán sábháilte.

Tá ár soláthraithe ríthábhachtach maidir lenár soláthar seirbhíse. Chomh maith leo sin, bímid ag obair i ndlúthpháirt le húdaráis áitiúla, leis an nGarda Síochána, leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, le grúpaí pobail, le lucht eagraithe imeachtaí agus lenár nGrúpa Úsáideoirí faoi Mhíchumas maidir lenár n-oibríochtaí, agus baineann muid an-tairbhe as a gcuid tacaíochta agus as an ionchur uathu.

Éilíonn an clár inbhuanaitheachta go háirithe iarracht ollmhór ó raon mór comhpháirtithe agus chothaíomar dlúthchaidreamh nua le heagraíochtaí lena n-áirítear Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Hydrogen Mobility Ireland, agus *Cork City Net Zero Carbon Cities* i measc eile.

## Gnólacht Freagrach/Gnéithe Pobail/ Gnéithe Sóisialta

Tá sé ina chuspóir ag Bus Éireann daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo, chun feabhas a chur ar an saol. Cé go bhfuil an inbhuanaitheacht airgeadais ina bunchloch do chobhsaíocht agus d'fhás oibriúcháin na cuideachta, is iad na pobail ina bhfuilimid agus ar a bhfreastalaímid an chúis a bhfuil Bus Éireann ann.

In ainneoin gur chuir COVID-19 srian ar an ngníomhaíocht sa chéad chuid den bhliain, thugamar tacaíocht do bheagnach 20 grúpa pobail. Ina measc siúd bhí *Cork Penny Dinners, Cork Green Spaces for Health*, Bailte Slachtmhara Bhaile Phib, Cumann Siondróim Down Chorcaí, Ospís Mhuire, Banc Bia Phort Láirge, *Midwest Simon*, Béilí ar Rothaí Dhún Dealgan, agus na Cumainn Bhróid i gCorcaigh, i nDroichead Átha agus sa Mhuileann gCearr. Chomh maith leis sin, rinne Bus Éireann urraíocht ar na Cluichí Pobail ina ról mar chomhpháirtí taistil.

Chun tacú lenár straitéis inbhuanaitheachta agus chun feasacht ar dhramhaíl a ardú ar fud na cuideachta, ghlac ár bhfostaithe páirt den chéad uair san Fheachtas Glantacháin Náisiúnta a d'eagraigh An Taisce – bhí 10 bhfoireann dár gcuid ar fud na tíre ag glanadh bruscair.

Mar gheall ar an nasc leanúnach atá againn le *Grow Mental Health*, tugadh a dtaispeántas 'Stories of Hope and Recovery' go stáisiúin Bhéal an Átha, Dhroichead Átha, Dhún Dealgan agus Shligigh. Spreagann an taispeántas daoine chun tacaíocht a lorg chun déileáil le dúshláin mheabhairshláinte agus músclaíodh feasacht ar na seirbhísí a sholáthraínn an eagraíocht sin ar fud na tíre. Léirigh cór *Grow Mental Health* meon na Nollag trína gcuid ceoil ag cúig stáisiún de chuid Bhus Éireann. Roghnaíomar *Grow Mental Health* mar thairbhí an airgid a bailíodh trí na meaisíní aisdíola, trína ndéantar athchúrsáil ar bhuidéil.

Bhí áthas ar Expressway an chéad ócáid *ReadMór* de chuid na Comhairle Ealaíon a óstáil don Oíche Chultúir. Dáileadh 1,030 leabhar le húdair Éireannacha ag an mBusáras, i bPort Láirge agus i Sligeach.

Léirigh Bus Éireann tacaíocht infheicthe do chúiseanna tríd ár stáisiúin a lasadh nó trí rapar a chur ar bhusanna. In 2022, áiríodh leo siúd Lá Idirnáisiúnta an Mhíchumais, agus an t-imeacht *Longest Night* de chuid na Samárach.

Le linn 2022, chuireamar lenár rannpháirtíocht le *Business in the Community*, agus chuireamar beartais agus struchtúir i bhfeidhm maidir le tabhartais chorparáideacha agus rannpháirtíocht le geallsealbhóirí.

Mar fhreagra ar an ngéarchéim dhaonnúil atá ann de bharr ionsaí na Rúise ar an Úcráin, chuir Bus Éireann seirbhísí iompair saor in aisce ar fáil d'Úcránaigh chuig a gcéad cheann scríbe ar theacht go hÉirinn dóibh. Tá suíochán ar bhus scoile curtha ar fáil againn do 4,000 páiste ón Úcráin ar fud na tíre. Léirigh ár bhfostaithe a ndlúthpháirtíocht agus a n-imní trí earraí cuí a bhailiú.

Rinne ár bhfostaithe tionscnaimh freisin chun airgead a bhailiú do go leor eagraíochtaí lena n-áirítear Cumann Alzheimer, Fondúireacht Cope, Ospís na hOllscoile, Marymount, agus Clann Shiomóin.

# Athbhreithniú Airgeadais

## Feidhmíocht Airgeadais

Rinne Bus Éireann caillteanas €1.5m in 2022 tar éis míreanna eisceachtúla. Sin i gcomparáid le caillteanas €1.6m tar éis míreanna eisceachtúla i leith 2021. B'ionann an Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh (TRÚCDA) agus €2.9m (2021: €3.0m). Is ionann glansócmhainní an chláir chomhardaithe agus €31.6m amhail an 31 Nollaig 2022 i gcomparáid le €33.1m in 2021 agus glansócmhainní reatha €63.3m (2021: €59.2m).

Áirítear leis na glansócmhainní reatha dliteanais neamhairgid €16.8m (2021: €17.2m) a bhaineann le hioncam reatha iarchurtha agus ioncam iarchurtha i leith deontais chaipitil agus ioncaim. Ní bhíonn ceangaltas airgid i gceist le deontais chaipitil agus úsáidtear iad i gcomhréir le dímheas na sócmhainne. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, tá glansócmhainní reatha €80.1m (2021: €76.4m) ag an gcuideachta.

Tháinig méadú ar chostais phárolla agus costais ghaolmhara go dtí €154.3m in 2022, tráth a raibh 2,827 fostaí againn ar an meán, i gcomparáid le €152.1m in 2021 agus meánlíon fostaithe 2,761.

Fuair Bus Éireann €8.6m faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS) (2021: €58.7m). Glantionchar €0.02m a bhí ag an bhfóirdheontas toisc go ndéantar an chuid is mó de a choigeartú i gcoinne na sreafaí cistithe ábhartha.

Ba bhliain dhúshlánach eile í 2022 do bhealaí Expressway. Cé gur léir gur tháinig feabhas ar an ioncam ó bhoscaí táillí le linn 2022, ní raibh líon na n-aistear a rinne paisinéirí ar ais chuig leibhéil 2019 faoi dheireadh na bliana. Leanadh leis an tacaíocht shealadach faoin gConradh Dírdhámhachtana d'Oibritheoirí Busanna Tráchtála (CBO-DAC) go dtí an 30 Meitheamh 2022.

Tháinig ardú 38% ar an bhFóirdheontas OSP iomlán in 2022 mar gheall ar fhilleadh ar sheirbhísí iomlána tar éis na héigeandála sláinte poiblí agus toisc gur cuireadh tús le seirbhísí 'Éire á Nascadh' amach in 2022. Bhí an fóirdheontas a íocadh glan ar chistiú €5.8m faoin Scéim EWSS don ghnó Dírdhámhachtana OSP.

Tháinig méadú 13.7% ar an ioncam ón tSeirbhís Iompair Scoile in 2022 i gcomhréir leis na costais, mar gheall ar an méadú mór a tháinig ar líon na bpáistí a bhaineann leas as na seirbhísí sin ar na cúiseanna seo a leanas:

- Méadú nach bhfacthas a leithéid roimhe seo ar an éileamh ar sheirbhísí príomhshrutha mar thoradh ar bheart costais mhaireachtála an Rialtais faoina ndearnadh táillí iompair scoile a tharscaoileadh don scoilbhliain 2022/23. Tháinig méadú 20% ar líon na ndaltaí a thaistealaíonn ar sheirbhísí príomhshrutha iompair scoile i gcomparáid le deireadh na scoilbhliana 2021/22.
- An méadú leanúnach ar sheirbhísí iompair scoile do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Seirbhísí iompair scoile a bheith á soláthar do pháistí ón Úcráin.

Cuimsítear sa chaillteanas (€1.5m) gné brabúis réasúnta €0.5m atá inchurtha i leith gníomhaíocht OSP lena ndéantar fritháireamh ar chaillteanas (€2.0m) ar ghníomhaíocht seachas gníomhaíocht OSP.

| Bliain | Seirbhísí Scoile agus Tráchtála | OSP | Roimh Chostais Eisceachtúla | Costais Eisceach-túla | Brabús/ (Caill-teanas) |
|---|---|---|---|---|---|
| | €M | €M | €M | €M | €M |
| 2022 | (2.0) | 0.5 | (1.5) | (0.00) | (1.5) |
| 2021 | (3.1) | 1.5 | (1.6) | (0.00) | (1.6) |

B'ionann an caiteachas caipitiúil agus €13.2m in 2022 (2021: €16.8m lena n-áirítear infheistíocht i bhfeithiclí Expressway), lena n-áirítear €8.1m i Réadmhaoin, €4.2m sa Teicneolaíocht agus Trealamh Garáiste dar luach €0.9m. In 2022 fuair an chuideachta cistiú caipitiúil €8.1m (2021: €2.0m) i leith seirbhísí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair, lena n-áirítear deontais €5.5m (2021: €0.9) i leith na talún agus na bhfoirgneamh atá i seilbh CIÉ, rud a chuir ar a cumas don chuideachta infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá custaiméirí.

## Ionchas Airgeadais

Meastar gur bliain dhúshlánach eile a bheidh ann in 2023. Cé nach bhfuil líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí Expressway ar ais fós chuig na leibhéil a bhíodh ann roimh COVID-19, tá an bhearna sin ag cúngú. Beidh sé tábhachtach freisin an conradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir. Bhí brúnna costais le sonrú san uile réimse agus beidh dúshláin fós le sárú ag an ngnólacht dá mbarr.

## Bainistíocht Rioscaí

Cuimsítear le cur chuige Bhus Éireann maidir le bainistíocht rioscaí:

- **sainaithint** a dhéanamh ar rioscaí nua, cinn atá ag teacht chun cinn agus cinn atá ag athrú ar rioscaí iad a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chuspóirí straitéiseacha Bhus Éireann
- **measúnú** ar rioscaí chun déine na n-éifeachtaí ar chuspóirí straitéiseacha a thuiscint
- **ord tosaíochta** a shannadh i leith na rioscaí chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht maidir le freagairt dóibh; agus
- **freagairtí a chur chun feidhme** maidir le glacadh le rioscaí, iad a sheachaint, a laghdú nó a chomhroinnt, nó gabháil dóibh, bunaithe ar ord tosaíochta.

Soláthraíonn Bord Bhus Éireann maoirseacht agus úinéireacht ar an bpróiseas bainistíochta rioscaí le tacaíocht ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus bíonn an obair sin ailínithe leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Faigheann an Bord tuairiscí riosca tráthrialta ón bhfoireann bainistíochta ar phríomhrioscaí agus rioscaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht nó le gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais.


Déanann an Bord Creat Bainistíochta Rioscaí Bhus Éireann agus a Ráiteas Inghlacthachta Riosca a fhormheas ar bhonn bliantúil. Is éard atá i gceist leis an gcreatphróiseas ná cur i bhfeidhm córasach na mbeartas, na nósanna imeachta agus na gcleachtas maidir le rioscaí a chur in iúl, a gcomhthéacs a bhunú, measúnú a dhéanamh orthu, iad a láimhseáil, faireachán, athbhreithniú agus taifeadadh a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú.

## Maitrís Riosca – Bunrátáil roimh rialuithe agus maolaithe

### Iarmhairt

| Dóchúlacht | Diomaibhseach | Beag | Measartha Mór | Mór | An-Mhór |
|---|---|---|---|---|---|
| 5 – An-Ard | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 4 – Ard | 0 | 0 | 2 | 2 | 0 |
| 3 – Measartha Ard | 0 | 1 | 14 | 9 | 2 |
| 2 – Íseal | 0 | 0 | 16 | 7 | 1 |
| 1 – An-Íseal | 0 | 0 | 0 | 3 | 1 |

| Rátáil | Líon na Rioscaí |
|---|---|
| 5 – An-Ard | 0 |
| 4 – Ard | 4 |
| 3 – Measartha Ard | 33 |
| 2 – Íseal | 21 |
| 1 – An-Íseal | 0 |
| Total | 58 |



Tá beartais bainistíochta rioscaí agus creat tuairiscithe rialachais Bhus Éireann á bhforbairt i gcomhréir le ceanglais rialála de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil baint acu leis an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, le moltaí ó Thascfhórsa an Aontais Eorpaigh ar Nochtadh a bhaineann leis an Aeráid agus leis an gcóras rangaithe inbhuanaitheachta faoi Thacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh.


I gcás na gceanglas a bhaineann le hiarmhairtí, rioscaí agus deiseanna i dtaobh na hinbhuanaitheachta nó le gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais, déantar iad a chomhtháthú i gcreat bainistíochta rioscaí na cuideachta. Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil Inbhuanaitheachta ó Bhus Éireann i leith na bliana 2022 an dul chun cinn atá déanta ó thaobh muid féin a ailíniú le bunphrionsabail Thascfhórsa an Aontais Eorpaigh lena n-áirítear rialachas, straitéis, bainistíocht rioscaí agus méadracht agus spriocanna i gcomhréir leis na ceanglais a bheidh orainn faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

## Maitrís Riosca – Rátáil iarmharach tar éis rialuithe agus an mhaolaithe

### Iarmhairt

| Dóchúlacht | Diomaibhseach | Beag | Measartha Mór | Mór | An-Mhór |
|---|---|---|---|---|---|
| 5 – An-Ard | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 4 – Ard | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| 3 – Measartha Ard | 0 | 3 | 9 | 4 | 0 |
| 2 – Íseal | 0 | 4 | 20 | 1 | 0 |
| 1 – An-Íseal | 0 | 3 | 7 | 5 | 1 |

| Rátáil | Líon na Rioscaí |
|---|---|
| 5 – An-Ard | 0 |
| 4 – Ard | 0 |
| 3 – Measartha Ard | 0 |
| 2 – Íseal | 3 |
| 1 – An-Íseal | 3 |
| Iomlán | 58 |



Príomhrioscaí straitéiseacha Bhus Éireann agus an cur chuige atá aige maidir leis na rioscaí sin a mhaolú:

| | Forbairtí ó thaobh Rioscaí san Eoraip 2022/3* | Tionchar ar Cholúin Straitéiseacha Bhus Éireann | Nochtadh Riosca i gcás Bhus Éireann | Maolú Riosca agus Rialuithe Inmheánacha |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Cibeartheagmhais** *e.g. bogearraí éirice a mbíonn an córas as feidhm tamall dá mbarr, a dtarlaíonn sáruithe sonraí dá mbarr nó a mbíonn fíneálacha nó pionóis le híoc ina leith* | Sármhaitheas Oibríochta<br>Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de<br>Inbhuanaitheacht i dtaobh Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais | Bagairtí cibearshlándála<br>Cistiú na teicneolaíochta cúloifige | Infheistíocht i gcórais nó teicneolaíocht<br>Bainistíocht leanúnachais gnó<br>Beartais / nósanna imeachta athbhreithnithe<br>Feasacht agus oiliúint |
| 2 | **Cur isteach ar an ngnó** *lena n-áirítear cur isteach ar an slabhra soláthair* | Sármhaitheas Oibríochta<br>Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de | Cúrsaí pinsin agus árachais | Bainistíocht slabhra soláthair<br>Éifeachtúlachtaí agus rialuithe costais |
| 3 | **Géarchéim fuinnimh / tubaistí nádúrtha** *e.g. ganntanas/easpa soláthair, luaineacht ó thaobh praghsanna de, stoirm, tuilte, adhaimsir* | Inbhuanaitheacht i dtaobh Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais<br>Sármhaitheas Oibríochta<br>A bheith Dírithe ar an gCustaiméir | Arduithe ar phraghas fuinnimh/breosla<br>Baol tuilte / damáiste de bharr stoirme / briseadh cumhachta | Beartais maidir le fálú breosla<br>Córais bainistíochta sábháilteachta / éigeandála<br>Measúnuithe ar riosca tuilte<br>Suirbhéanna ar shláine struchtúrach foirgneamh |
| 4 | **An t-athrú aeráide / teicneolaíochtaí nua** *e.g. rioscaí fisiceacha, rioscaí oibriúcháin agus rioscaí airgeadais mar gheall ar an téamh domhanda* | Inbhuanaitheacht i dtaobh Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais<br>Sármhaitheas Oibríochta<br>Inbhuanaitheacht Airgeadais | Gan spriocanna fuinnimh agus spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach<br>Tionchar an mhéaduithe ar phraghas breosla<br>Riosca maoinithe – feithiclí agus réadmhaoin | Infheistíocht sa fhlít feithiclí agus i réadmhaoin<br>Infheistíocht sna córais agus sna próisis<br>Oiliúint a chur ar fhostaithe<br>Anailís ar chásanna / oiriúnú |
| 5 | **Ráig phaindéime, tine, pléasc** *e.g. fadhbanna sláinte agus fadhbanna ó thaobh lucht oibre, srianta* | Ceannaireachta agus Díriú ar Chustaiméirí<br>Sármhaitheas Oibríochta<br>Inbhuanaitheacht i dtaobh Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais | Tionchar mórphaindéime<br>Drochthimpiste bóthair<br>Mórphléasc dóiteáin / gáis | Córais sábháilteachta / bainistíochta éigeandála |
| 6 | **Athruithe ar an reachtaíocht agus ar rialacháin** *e.g. cogaí trádála agus taraifí, smachtbhannaí geilleagracha* | Sármhaitheas Oibríochta<br>Inbhuanaitheacht Airgeadais<br>Inbhuanaitheacht i dtaobh Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais | Comhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí<br>Leas a bhaint as breosla malartach/bithbhreosla<br>Caighdeáin chomhshaoil<br>Tionchar an Bhreatimeachta | Faireachán rialála<br>Beartais agus nósanna imeachta athbhreithnithe<br>Feasacht agus oiliúint |
| 7 | **Forbairtí margaidh agus forbairtí polaitiúla** *e.g. an cogadh san Úcráin, luaineacht an mhargaidh, iomaíocht níos déine/iontrálaithe nua, cumaisc agus éadálacha* | Inbhuanaitheacht Airgeadais<br>Inbhuanaitheacht i dtaobh Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais<br>A bheith Dírithe ar an gCustaiméir | Méadú ar an mbrú tráchta<br>Plean inmharthanachta i gcomhair Expressway<br>Feithiclí na Seirbhíse Scoile | Forbairt an Ghréasái<br>Rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara |
| 8 | **Forbairtí maicreaeacnamaíocha** *e.g. boilsciú, díbhoilsciú, beartais airgeadaíochta, méaduithe ar phraghsanna tráchtearraí* | Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de<br>Inbhuanaitheacht i dtaobh Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais | Boilsciú i ndáil le costais<br>ionchur a chur san áireamh<br>Riosca cistithe caipitil agus oibriúcháin | Éifeachtúlacht agus rialuithe costais<br>Pleanáil chun cinn<br>Nósanna imeachta maidir le formheas caipitil |
| 9 | **Ganntanas lucht saothair oilte** | Ceannaireacht agus Daoine<br>Sármhaitheas Oibríochta | Dúshláin earcaíochta | Plean athbhreithnithe maidir le hearcaíocht agus coinneáil<br>Bainistíocht tinrimh<br>Athbhreithniú ar phá agus coinníollacha |

* Foinse: Allianz


1
2
FUTURA
TFI
TRANSPORT
FOR
IRELAND
VDL
LF 407

# Faisnéis faoin gCuideachta

### An Bord Stiúrthóirí

Miriam Hughes

Brian Bowden

Diarmuid Corry

David Fox

Stephen Hannan

Dermot Healy

Brendan Lenihan

Richard Manton

Rhona Murphy

### Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Stephen Kent

### Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Tom Delaney

An Chloch Leathan

Baile Átha Cliath D07 X2AE

### Uimhir Chláraithe

119570

### Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014

### Iniúchóirí Neamhspleácha

Mazars

Bóthar Fhearchair

Baile Átha Cliath D02 A339

### Láithreáin ghréasáin

buseireann.ie

expressway.ie

# An Fhoireann Ardcheannaireachta



### **Stephen Kent** Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ceapadh Stephen ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Bhus Éireann i mí na Samhna 2018, tar éis dó a bheith ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach ó fhómhar na bliana 2018 i leith. Thosaigh sé leis an gcuideachta mar Phríomhoifigeach Tráchtála in 2013.

Roimhe sin bhí Stephen ina Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta le C&C Group agus roimhe sin arís bhíodh sé ag obair i róil ardbhainistíochta éagsúla le Waterford Crystal agus Waterford Foods, atá ina chuid de Glanbia plc anois.

Tá céim Baitsiléara sa Staidéar Gnó ag Stephen ó Ollscoil Luimnigh agus Máistreacht sa Riarachán Gnó ó Ollscoil Herriot Watt. Is céimí de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann é.



### **Tom Delaney** Príomhoifigeach Airgeadais

Thosaigh Tom le Bus Éireann mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus Rúnaí Cuideachta in 2018, agus tá sé freagrach as soláthar, bainistíocht ábhar, riosca agus comhlíonadh.

Tá taithí níos mó ná 25 bliain ar an ardbhainistíocht aige a fuair sé in Éirinn, in Oirthear na hEorpa agus sa Ríocht Aontaithe, agus bhí sé ag obair san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach le heagraíochtaí lena n-áirítear Coca Cola, Glanbia, Eir, NAMA, Mazars agus Banc Shasana.

Is Cuntasóir Deimhnithe Cairte é Tom agus tá Máistreacht aige sa Dlí agus sa Rialáil Airgeadais ó Ollscoil Queen Mary, Londain. Tá Teastas sa Bhainistíocht Inbhuanaitheachta Gnó aige ó Ollscoil Cambridge. Bhí sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Chomhlachas Rialachais Chorparáidigh na hÉireann idir 2018-2022.



### **Eleanor Farrell** Príomhoifigeach Tráchtála

Thosaigh Eleanor le Bus Éireann mar Phríomhoifigeach Tráchtála in 2019. Tá cuntas teiste láidir aici maidir le mór-athrú agus nuálaíocht atá dírithe ar na custaiméirí, chomh maith le forbairt straitéise agus sármhaitheas oibríochta.

Roimhe sin, bhí ról ceannaireachta domhanda aici le Google mar Cheann Domhanda Oibríochtaí agus Straitéise a raibh custaiméirí nua faoina cúram, agus bhí sí ina Ceann um Bainistíocht Luacha Custaiméirí agus ina Ceann Straitéise agus Pleanála Tráchtála le Vodafone Ireland. Thosaigh sí ina comhairleoir bainistíochta le McKinsey.

Tá Máistreacht sa Riarachán Gnó ag Eleanor ó UCD Smurfit, agus tá Máistreacht sa Ríomhaireacht agus Céim Baitsiléara san Eolaíocht Ríomhaireachta agus Staitisticí aici ó UCD. Tá sí ina Cathaoirleach ar na Samáraigh in Éirinn agus ina comhalta de Bhord Iontaobhaithe na Samárach sa Ríocht Aontaithe.



### **Miriam Flynn** Príomhoifigeach na Scoileanna

Tá Miriam i gceannas ar fheidhmiú na Scéime Iompair Scoile do Bhus Éireann thar ceann na Roinne Oideachais ó 2018 i leith.

Roimhe sin bhí Miriam ina Bainisteoir Réigiúnach le freagracht iomlán uirthi as oibríochtaí Bhus Éireann san iardheisceart. Tá taithí aici freisin ar Sheirbhís do Chustaiméirí, Díolachán agus Margaíocht, agus Forbairt Gnó.

Tá Baitsiléir Tráchtála ag Miriam ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Dioplóma Iarchéime sa Mhargaíocht ó Scoil Ghnó Smurfit, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin Ghrúpa CIÉ tugtha chun críche aici in UCD freisin.

Is comhalta í den Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn agus tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla aici in Oibríochtaí Iompair Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar Bóthar.



### **Rory Leahy** Príomhoifigeach Sábháilteachta agus Inbhuanaitheachta

Ceapadh Rory ina Phríomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta le Bus Éireann in 2018, agus cuireadh an Inbhuanaitheacht leis an ról sin in 2021.

Tá sé freagrach as beartas agus straitéis sábháilteachta na cuideachta, as an straitéis agus an beartas inbhuanaitheachta, as bainistíocht rioscaí, as réadmhaoin agus as feidhmíocht fuinnimh. Chuir Rory tús lena ghairm bheatha ag Iarnród Éireann agus bhí poist aige i bhForbairt Gnó, Oibríochtaí agus Bainistíocht Réigiúnach le Bus Éireann.

Tá céim ag Rory san Innealtóireacht Shibhialta ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, tá dioplóma iarchéime sa Bhainistíocht Comhshaoil aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá Máistreacht sa Bhainistíocht Oibríochtaí aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla aige sa Bhainistíocht Oibríochtaí i réimse an Iompair Paisinéirí ar Bóthar (Idirnáisiúnta) aige freisin.



### **Danny McCarthy** Príomhoifigeach Faisnéise

Ceapadh Danny ina Phríomhoifigeach Faisnéise i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ba in 2003 a thosaigh sé ag obair le Bus Éireann. Tá sé freagrach as córais faisnéise, as an gclaochlú digiteach agus as straitéis dhigiteach Bhus Éireann ar fud an fhiontair a threorú.

Roimhe sin, bhí Danny ina Ceann Teicneolaíochta Faisnéise agus Claochlaithe le Bus Éireann. Agus taithí beagnach 20 bliain aige in iompar poiblí, tá an-eolas ag Danny ar chur i bhfeidhm na teicneolaíochta nua a threorú, ar thionscadail chlaochlaithe a chur i bhfeidhm agus ar thionscnaimh athraithe a threorú. Roimh sin, bhí Danny ag obair le Citibank agus le Kindle Banking Systems.

Tá Céim Baitsiléara sa Staidéar Gnó ag Danny ó Ollscoil Luimnigh, dioplóma iarchéime i Logánú Bogearraí ó Ollscoil Luimnigh agus Dioplóma i Straitéis agus Nuálaíocht ó Institiúid Bainistíochta na hÉireann.



### **Jean O'Sullivan** Príomhoifigeach Daoine

Thosaigh Jean le Bus Éireann mar Phríomhoifigeach Daoine le linn 2022. Roimhe sin, bhí Jean ina Ceann ar Fhorbairt Eagrúcháin le Fiontraíocht Éireann, agus í freagrach as comhlíonadh na gcuspóirí straitéiseacha chun oibríochtaí ar mhórscála a chur i bhfeidhm agus leathnú a dhéanamh ar raon feidhme cuideachtaí Éireannacha i margaí domhanda.

Le linn a gairme 20 bliain le Fiontraíocht Éireann, bhí róil straitéiseacha ag Jean lena n-áirítear Ceann Acmhainní Daonna Domhanda, maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht tallainne agus acmhainní a leithdháileadh ar straitéisí chun tacú le fórsa saothair sofhreagrúil domhanda.

Tá an-taithí ag Jean freisin ar an bhforbairt gnó ar fud earnálacha tionscail. D'fhorbair agus d'fheidhmigh sí an chéad straitéis fiontraíochta ban de chuid Fhiontraíocht Éireann agus tacaíonn sí go mór le tionscnaimh chun éagsúlacht a chothú san ionad oibre.

Is céimí de chuid Ollscoil Napier Dhún Éideann í Jean, agus tá bunchéim aici sa Bhainistíocht Margaíochta agus Máistreacht sa Staidéar Gnó i Straitéisí Straitéiseacha Acmhainní Daonna ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



### **Allen Parker** Príomhoifigeach Custaiméirí

Thosaigh Allen le Bus Éireann sa ról nua seo in 2018. Tá 30 bliain taithí aige ar iompar bus in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aircoach, fochuideachta de chuid First Group plc, agus ar Citylink.

Thosaigh sé a ghairm bheatha le Bus Éireann sna 1990idí, ansin chuaigh sé ar aghaidh go dtí Comfort Delgro agus uaidh sin go First Group plc áit a raibh roinnt róil shinsearacha aige.

I mBus Éireann, tá Allen freagrach as gach gné de sholáthar seirbhíse agus as feabhas leanúnach a chur ar eispéireas na gcustaiméirí. Cuimsítear leis sin feidhmíocht agus pleanáil, oibríochtaí, innealtóireacht, faisnéis do chustaiméirí agus inrochtaineacht.

Tá Céim Baitsiléara san Eolaíocht (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Iompair ag Allen ó Ollscoil Uladh

# An Bord Stiúrthóirí



## Miriam Hughes Cathaoirleach

Ceapadh Miriam ar Bhord Bhus Éireann in 2019 agus ghlac sí ról an Chathaoirligh i mí Feabhra 2022. Tá sí ina comhalta den Choiste Tráchtála agus Nuálaíochta agus den Choiste Luacha Saothair. Is Stiúrthóir Cairte de chuid Institiúid na Stiúrthóirí í Miriam, is comhairleoir gnó straitéiseach neamhspleách í agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í.

Bhíodh sí ina Príomhfheidhmeannach ar cheann de na grúpaí cumarsáide is mó in Éirinn – DDFH&B. Le linn a seal 17 mbliana ansin, bhainistigh sí éadálacha iomadúla, samhlacha nua gnó agus cumasc. Bhíodh sí ag obair leis an iomaí cliant mór ar nós Bhord Gáis, an Chrannchuir Náisiúnta, Littlewoods, Irish Life agus SuperValu. Ina theannta sin, bhíodh sí ina Stiúrthóir Margaíochta le Nestlé, ina Ceann Cumarsáide le Banc na hÉireann agus bhí róil mhargaíochta eile aici le Smith & Nephew agus le AIB.

Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath í Miriam, agus tá Céim Baitsiléara sa Tráchtáil agus Máistreacht sa Staidéar Gnó i réimse na Margaíochta aici. Is iar-uachtarán í ar Institiúid Margaíochta na hÉireann, iarchathaoirleach ar Chumann Fógróirí na hÉireann, iarchomhalta de chomhairle Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath, iarchomhalta de bhord Fhoras Ospíse na hÉireann agus tá sí ina comhalta comhairle de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann faoi láthair. D'fhóin Miriam mar chathaoirleach ar Bhord Barnardo's Ireland, is meantóir í ar Phainéal Fhiontraíocht Éireann, agus is comhairleoir straitéiseach í do roinnt gnólachtaí beaga.



## Brian Bowden

Thosaigh Brian ag obair ar Bhord Bhus Éireann in 2022. Tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Luacha Saothair agus ina chomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus den Choiste Tráchtála agus Nuálaíochta.

Tá Brian ina Phríomhoifigeach Daoine le Aer Lingus, post atá aige ó 2016 i leith. Sa ról sin tá sé i gceannas ar an bhfeidhm acmhainní daonna don 4,800 duine atá ag obair san aerlíne, agus é freagrach as earcaíocht, forbairt tallainne, bainistíocht athraithe agus caidreamh tionsclaíoch.

Bhí sé ag obair roimhe seo i bpoist ardbhainistíochta éagsúla agus é ag plé le hacmhainní daonna le Aer Lingus agus le cuideachtaí eile. Bhí róil shinsearacha ag Brian freisin i réimse na n-oibríochtaí, agus é freagrach as pleanáil, uainchláir agus as sceidil na gcriúnna, agus sa réimse pleanála tráchtála, agus é freagrach as gréasán bealaí agus sceidil na haerlíne a fhorbairt.

Tá Máistreacht Ealaíon ag Brian sa Stair ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá Máistreacht sa Staidéar Gnó i Straitéis Acmhainní Daonna aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



## Diarmuid Corry

Ceapadh Diarmuid Corry ar Bhord Bhus Éireann in 2018 agus athcheapadh é in 2021. Tá Diarmuid ina Chathaoirleach ar an gCoiste Tráchtála agus Nuálaíochta agus ina chomhalta den Choiste Inbhuanaitheachta agus den Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta.

Is comhairleoir é Diarmuid a bhíonn ag plé le dearadh córas leictreonach, agus go háirithe le haerárthaí agus spásárthaí. Bhunaigh sé ACRA Control Ltd., soláthraí uirlisí tástála eitilte don tionscal aeraspáis, agus bhíodh sé ina stiúrthóir ar an gcuideachta sin go dtí gur ceannaíodh í in 2011. Faoi láthair tá sé ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta le Réaltra Space Engineering, rannán de chuid Realtime Technologies Ltd. Tá Máistreacht ag Diarmuid san Innealtóireacht Leictreonach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá Máistreacht sa Riarachán Gnó bainte amach aige chomh maith.



## David Fox

Is feidhmeannach sinsearach teicneolaíochta faisnéise agus stiúrthóir clár é David, agus ceapadh ar Bhord Bhus Éireann é in 2022. Tá sé ina chomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus den Choiste Tráchtála agus Nuálaíochta.

Chomh maith le bheith ina Phríomhoifigeach Faisnéise do roinnt eagraíochtaí in Éirinn agus thar lear, bhí sé i gceannas ar an iomaí clár claochlaithe gnó ar éirigh go geal leo, lena n-áirítear an chéad chlár leathanbhanda a rith Eir (Eircom mar a bhíodh). Sa ról a bhí aige mar stiúrthóir cleachtais chomhairliúcháin ag Oracle, bhí David freagrach as cláir bhilleála teileachumarsáide a chur i bhfeidhm i gcomhair cliaint san Eoraip agus sa Mheánoirthear. Faoi láthair tá sé ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Tá Máistreacht ag David sa Riarachán Gnó ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Dioplóma Iarchéime sa Chuntasaíocht ó Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Ríomhaireachta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



## Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan ar Bhord Bhus Éireann in 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Athcheapadh Stephen in 2021 agus is comhalta é den Choiste Inbhuanaitheachta agus den Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta.

Tiománaí bus le Bus Éireann is ea é agus bíonn sé ag obair i nGaráiste na Rinne. Tá sé in SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le 30 bliain anuas. Bhíodh sé ina Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair agus ar an gCoiste Rannán, agus ina Ionadaí Iosta.

Tá Stephen ina chomhalta boird de chuid CIÉ agus tá sé ina stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath freisin.



## Dermot Healy

Ceapadh Dermot Healy chuig Bord Bhus Éireann ar an 1 Nollaig 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Is comhalta é den Choiste Inbhuanaitheachta agus den Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta.

Tá sé ina thiománaí bus le Bus Éireann ag Iosta Bhaile an Róistigh i Luimneach. Thosaigh sé le CIÉ in 1983 agus bhí róil éagsúla aige lena n-áirítear Cúntóir Oifige agus Stiúrthóir Bus, sular ghlac sé leis an bpost atá aige faoi láthair mar thiománaí bus in 1991. Tá páirt ghníomhach aige i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid (NBRU) ó 1997 nuair a toghadh ar dtús é ar choiste a chraobhe ceantair. D'fhóin sé mar Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirleach ar Chraobh Luimnigh sular toghadh ar an gComhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta é in 1999. Is comhalta é d'fhoireann náisiúnta caibidlíochta NBRU agus tá taithí fhairsing aige ar shaincheisteanna caidrimh thionsclaíoch lena n-áirítear roinnt babhtaí caibidlíochta leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ag éisteachtaí de chuid na Cúirte Oibreachais.



## Brendan Lenihan

Ceapadh Brendan Lenihan ina Chomhalta Boird de chuid Bhus Éireann in 2019. Tá Brendan ina Chathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird agus is comhalta é den Choiste Luacha Saothair agus den Choiste Inbhuanaitheachta.

Tá Brendan ina Stiúrthóir Bainistíochta le Navigo Consulting, sainchomhairleoir i réimse na straitéise, na pleanála gnó agus na comhairleoireachta faoi chúrsaí rialachais. Roimhe sin, bhíodh sé ina Ghrúp-Stiúrthóir Airgeadais le cuideachta mhór réadmhaoine agus ina pháirtí le Andersen, a mbíodh sé ag obair leo in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe.

Is stiúrthóir neamhspleách neamhfheidhmiúcháin é ar roinnt cuideachtaí príobháideacha, roinnt carthanas agus ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Bhíodh Brendan ina Uachtarán ar Chuntasóirí Cairte Éireann.

Tá céim Baitsiléara sa Tráchtáil ag Brendan ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Dioplóma Iarchéime sa Chuntasaíocht Ghairmiúil ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is Cuntasóir Cairte é a bhfuil taithí iarcháilíochta níos mó ná 25 bliain aige agus tá Dioplóma Gairmiúil sa Rialachas Corparáideach aige ó Scoil Ghnó Smurfit, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



## Richard Manton

Ceapadh Richard Manton ar Bhord Bhus Éireann in 2019. Tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Inbhuanaitheachta agus ina chomhalta den Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta.

Tá Richard ina ardbhainisteoir le hInnealtóirí Éireann, agus is é atá freagrach as beartas, gnóthaí poiblí agus caighdeáin acadúla. Roimhe seo bhí poist aige i mbun taighde agus teagaisc in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus bhí sé ina ionadaí pobail ar Choiste Beartais Straitéisigh Iompair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Is Innealtóir Cairte é Richard le hInnealtóirí Éireann agus leis an Institiúid Cairte um Mórbhealaí agus Iompar. Tá PhD aige san innealtóireacht shibhialta, i réimse an iompair inbhuanaithe.



## Rhona Murphy

Is comhairleoir neamhspleách ar na meáin dhomhanda í Rhona, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Ceapadh ar Bhord Bhus Éireann í in 2022 agus feidhmíonn sí mar Chathaoirleach ar an gCoiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta agus mar chomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Bhíodh Rhona ag obair roimhe sin i Nua-Eabhrac agus i Singeapór. Bhí sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le *The Daily Beast* agus ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach le *Newsweek*. Roimhe sin bhí sí ina foilsitheoir domhanda le *Newsweek*, agus bhí sí ag obair le Dow Jones agus leis an *Wall Street Journal*.

Tá sí ina Cathaoirleach faoi láthair ar an gCuibhreannas Idirnáisiúnta d'Iriseoirí Imscrúdaitheacha agus ghlac sí le ról ar a mbord siúd in 2017. Tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar The Irish Times DAC ó 2016 i leith. In 2019 rinneadh Stiúrthóir Cairte (IoD London) di.

Chuir sí tús lena gairm sna meáin i Londain ag *The Times* agus *The Sunday Times* tar éis di céim a bhaint amach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na Stiúrthóirí i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú ar an nGnó

Is é Bus Éireann comhlacht náisiúnta bus na hÉireann, a fhostaíonn breis is 2,800 duine. Is iad na príomhghníomhaíochtaí a mbíonn sé ina mbun gréasán comhtháite seirbhísí iompair a bhainistiú agus a phleanáil, trí úsáid a bhaint as a chuid acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí. Áirítear sa ghréasán comhtháite sin seirbhísí cóiste cianiompair agus seirbhísí bus áitiúla, tuaithe, comaitéireachta, cathracha, cúigeacha agus baile. Chomh maith leis sin, tá an Chuideachta freagrach as an Scéim Iompair Scoile náisiúnta a bhainistiú agus a sholáthar thar ceann na Roinne Oideachais. Tá sé ina sprioc uileghabhálach ag Bus Éireann a bheith ar an gcuideachta iompair is inbhuanaithe agus is dírithe ar an gcustaiméir in Éirinn.

Is é Córas Iompair Éireann (CIÉ), ar fochuideachta de é Bus Éireann, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá sé ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

## Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Oibríochtúil, Airgeadais agus Innealtóireachta

Déanann stiúrthóirí agus lucht bainistíochta Bhus Éireann faireachán ar fheidhmíocht na Cuideachta ar bhonn leanúnach, ag baint úsáid as raon príomhtháscairí feidhmíochta oibriúcháin agus airgeadais.

Thaifead an Chuideachta caillteanas €1.5m in 2022 tar éis míreanna eisceachtúla (2021: €1.6m). Tá íocaíochtaí €163.9m (2021: €122.9m) i leith na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) san áireamh ansin. Ba é an t-ioncam oibriúcháin ná €338.0m (2021: €288.7m). Amhail an 31 Nollaig 2022 bhí glansócmhainní reatha €63.3m (2021: €59.2m) ar chlár comhardaithe na Cuideachta agus luach €31.6m a bhí ag na glansócmhainní, laghdú ó €33.1m in 2021. Tháinig méadú 56.0% go 89.5m in 2022 ar líon na bpaisinéirí.

## Díbhinní

Ní dhearnadh aon díbhinní a mholadh, a dhearbhú ná a íoc i rith na bliana 2022 (2021: €nialas).

## Cúlchistí

B'ionann na caillteanais charntha ag deireadh 2022 agus €62.6m i gcomparáid le €61.1m in 2021.

## Príomhrioscaí agus Príomhábhair Neamhchinnteachta

Tá an Chuideachta fós tiomanta do rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach, smachtaithe. Déantar na príomhrioscaí agus na príomhábhair neamhchinnteachta a shainaithint agus ullmhaítear pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí againn a thugtar cothrom le dáta ar bhonn leanúnach lena athbhreithniú ag na Stiúrthóirí agus ag an bhfoireann ardbhainistíochta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) athbhreithniú ar na príomhrioscaí ar bhonn leanúnach, agus tuairiscíonn an Coiste sin don Bhord. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus faireachán ar rioscaí rialaithe inmheánaigh agus rioscaí iniúchóireachta freisin.

Bíonn dea-dhálaí inmharthana margaidh ag teastáil ón gCuideachta chun a seirbhísí a choinneáil ar bun. Bhí an Chuideachta fós ag déanamh dlúthfhaireachán ar a hioncam agus costais ar feadh 2022.

Cuirtear an fhaisnéis is nuaí faoi rioscaí agus deiseanna airgeadais agus geilleagracha faoi bhráid CIR agus Bhord Bhus Éireann ar bhonn rialta. Bíonn an chuideachta ag brath freisin ar chistiú leanúnach do sheirbhísí poiblí agus do sheirbhísí bus scoile ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Oideachais faoi seach. Ceanglaítear ar an gCuideachta cloí le téarmaí agus coinníollacha an chonartha seirbhíse poiblí dírdhámhachtana leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le conarthaí ar bhonn tairiscint iomaíoch agus leis an gconradh dírdhámhachtana d'Oibritheoirí Busanna Tráchtála a d'eascair as tionchar phaindéim COVID-19.

Déantar bainistiú daingean ar an leachtacht ar fud Ghrúpa CIÉ. Tá foireann ar leith againn a dhéanann comhordú ó lá go lá ar bhainistiú airgid agus cisteáin, mar aon le pleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil agus cistiú corparáideach a fháil ó bhainc ar leor é ionas gur féidir le Grúpa CIÉ leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.

## Infheistíocht Chaipitiúil

B'ionann an caiteachas caipitiúil agus €13.21m in 2022 (2021: €16.8m) lena n-áirítear €8.13m i Réadmhaoin, €4.20m sa Teicneolaíocht agus Trealamh Garáiste dar luach €0.87m. In 2022 fuair an Chuideachta cistiú caipitiúil €8.12m (2021: €2m) i leith seirbhísí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair, lena n-áirítear deontais €5.50m (2021: €0.9m) i leith na talún agus na bhfoirgneamh atá i seilbh CIÉ, rud a chuir ar a cumas don Chuideachta infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá custaiméirí.

## Scairchaipiteal agus Cúlchistí

Tá sonraí i dtaobh scairchaipiteal na Cuideachta leagtha amach i nóta 15.

Níl fochuideachta ar bith ag an gCuideachta ná níl infheistíocht ar bith aici i gcuideachtaí eile agus sin mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe seo.

Suim €62.6m atá sna cúlchistí ioncaim (caillteanais charntha) anois ag deireadh 2022 (2021: €61.1m).

## Cruinnithe na Scairshealbhóirí

Déantar cruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta a thionól de ghnáth uair amháin gach bliain féilire, agus ní bheidh aon chás ann ina dtionólfar é níos mó ná 15 mhí tar éis an chruinnithe ghinearálta bhliantúil roimhe sin. Féadfar an cruinniú a thionól cibé tráth agus cibé áit a fhorordóidh na Stiúrthóirí. Féadfaidh na Stiúrthóirí cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a thionól aon uair a mheasann siad gur cuí sin nó ar iarraidh ó Chóras Iompair Éireann. Bhí cruinniú ginearálta bliantúil ann ar an 6 Aibreán 2022.

## An Bord

Is tríd an mBord Stiúrthóirí atá an Chuideachta á rialú. Thionóil comhaltaí an bhoird 11 chruinniú in 2022 (16 chruinniú in 2021) agus is ann do sceideal míreanna ar leith atá le formheas aige. Cuimsítear sa bhord Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin amháin, a raibh beirt acu ina Stiúrthóir is Oibrí ag deireadh na bliana. Níl aon Stiúrthóirí Feidhmiúcháin ar an mbord.

Athcheapadh Miriam Hughes mar Chathaoirleach/ Stiúrthóir ar Bhus Éireann ar an 6 Aibreán 2022.

## Éagsúlacht, Comhionannas agus Uilechuimsitheacht

Amhail an 31 Nollaig 2022, beirt bhan (22.2%) agus seachtar fear (77.8%) a bhí ar Bhord Stiúrthóirí Bhus Éireann, agus ní raibh aon fholúntas le líonadh. Tá Bus Éireann ag obair go gníomhach chun sprioc an Rialtais a bhaint amach i dtaobh ionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne ar na Boird Stáit.

## Freastal ar Chruinnithe Boird agus ar Chruinnithe na gCoistí

Anseo thíos tá sonraí maidir le tinreamh na stiúrthóirí ag cruinnithe Boird/Coiste a reáchtáladh in 2022:

| | An Bord | An Coiste Iniúch-óireachta agus Riosca | An Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta | An Coiste Inbhuanaith-eachta* | An Coiste Sábháilteachta agus Inroch-taineachta | An Coiste Luacha Saothair | Coiste Straitéise an Bhoird | An Coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméirí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Miriam Hughes | 11/11 | 5/5 | 4/4 | 2/2 | 2/2 | 2/2 | 6/6 | |
| Brian Bowden | 7/8 | 4/4 | 4/4 | | | 2/2 | | |
| Diarmuid Corry | 10/11 | | 4/4 | 3/4 | 2/4 | | 6/6 | |
| David Fox | 5/5 | 2/2 | 3/3 | | | | | |
| Stephen Hannon | 11/11 | | | 2/3* | 3/3 | | | |
| Dermot Healy | 11/11 | | | 2/3* | 3/3 | | | |
| Brendan Lenihan | 11/11 | 8/8 | | 4/4 | | 2/2 | | 4/4 |
| Richard Manton | 9/11 | | 3/4 | 4/4 | 2/2 | | | 4/4 |
| Rhona Murphy | 8/8 | 4/4 | | | 2/2 | | | |

Ceapadh Brian Bowden ar an mBord ar an 8 Aibreán 2022.

Ceapadh Rhona Murphy ar an mBord ar an 8 Aibreán 2022.

Chuaigh Miriam Hughes ar scor ar an 4 Aibreán 2022 agus athcheapadh ina stiúrthóir/cathaoirleach í ar an 6 Aibreán 2022.

Athcheapadh Richard Manton ar an mBord ar an 5 Aibreán 2022.

Athcheapadh Brendan Lenihan ar an mBord ar an 5 Aibreán 2022.

Ceapadh David Fox ar an mBord ar an 11 Iúil 2022.

* Mar gheall ar fhadhb theicniúil níor tugadh fógra faoi chruinniú do bheirt chomhaltaí

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)

Gníomhaíonn CIR go neamhspleách ar an gcoiste feidhmiúcháin. Is é an ról atá aige a chinntiú go dtugtar cosaint chuí do leasanna na scairshealbhóirí agus na ngeallsealbhóirí eile maidir le maoirseacht ar thuairisciú airgeadais, rialú inmheánach, agus iniúchadh inmheánach agus seachtrach. Ina theannta sin, déanann sé athbhreithniú ar riosca agus rialachas corparáideach chomh maith le córais lena chinntiú go ndéantar calaois agus éagóir fhéideartha a imscrúdú.

Pléann CIR cineál agus raon feidhme an iniúchta agus a chuid torthaí leis an iniúchóir seachtrach. Ina theannta sin, déanann an Coiste faireachán ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an gCuideachta. Déanann sé faireachán ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta rioscaí na Cuideachta tríd an eolas is déanaí a fháil ó rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus ón bhfoireann ardbhainistíochta.

Tar éis dó gach caidreamh idir an Chuideachta agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí a mheas, ní dóigh le CIR go ndéanann an caidreamh sin dochar do bhreithiúnas ná neamhspleáchas an iniúchóra.

Tháinig CIR le chéile ocht n-uaire le linn 2022 (ocht n-uaire in 2021).

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gcoiste in 2022:

| | |
|---|---|
| Brendan Lenihan | *(Cathaoirleach)* |
| Rhona Murphy | *(ceapadh ar an gCoiste í ar an 21 Meitheamh 2022)* |
| Brian Bowden | *(ceapadh ar an gCoiste é ar an 21 Meitheamh 2022)* |
| David Fox | *(ceapadh ar an gCoiste é ar an 18 Deireadh Fómhair 2022)* |
| Miriam Hughes | *(chuaigh sí ar scor ón gCoiste ar an 21 Meitheamh 2022)* |

## An Coiste Inbhuanaitheachta

Bunaíodh Coiste Inbhuanaitheachta an Bhoird in 2021. Is é an sainchúram atá air athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis inbhuanaitheachta Bhus Éireann, príomhtháscairí feidhmíochta inbhuanaitheachta agus tuairisciú ina leith, buiséid charbóin, cur le hinbhuanaitheacht an fhlít feithiclí agus an bhonneagair, inbhuanaitheacht/rannpháirtíocht/scileanna custaiméirí agus fostaithe, chomh maith le comhpháirtíochtaí agus cistiú.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2022 (ceithre huaire in 2021).

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste in 2022:

| | |
|---|---|
| Richard Manton | *(Cathaoirleach)* |
| Brendan Lenihan | |
| Diarmuid Corry | |
| Dermot Healy | *(Ceapadh ar an gCoiste é ar an 24 Márta 2022)* |
| Stephen Hannon | *(Ceapadh ar an gCoiste é ar an 24 Márta 2022)* |
| Miriam Hughes | *(Chuaigh sí ar scor ón gCoiste ar an 16 Meitheamh 2022)* |

## An Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta

Áirítear leis an sainchúram atá ar Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta Bhus Éireann beartais sábháilteachta a fhorbairt, córais bainistíochta sábháilteachta, pleananna sábháilteachta a choinneáil cothrom le dáta, maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú tionóiscí agus teagmhas, plean oibre don straitéis inrochtaineachta agus príomhtháscairi feidhmíochta, agus comhoibriú le gníomhaireachtaí sábháilteachta agus inrochtaineachta.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2022 (ceithre huaire in 2021).

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste in 2022:

| | |
|---|---|
| Rhona Murphy | *(Cathaoirleach an Choiste ón 24 Lúnasa 2022)* |
| Diarmuid Corry | |
| Stephen Hannan | |
| Dermot Healy | |
| Miriam Hughes | *(Cathaoirleach/comhalta den Choiste go dtí an 24 Lúnasa 2022)* |
| Richard Manton | *(Chuaigh sé ar scor ón gCoiste ar an 16 Bealtaine 2022)* |

## An Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta

Cuireadh an Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta in ionad Choiste Straitéise an Bhoird. Reáchtáladh a chéad chruinniú i mí Lúnasa 2022 agus tionóladh ceithre chruinniú i rith na bliana.

De réir Théarmaí Tagartha an Choiste, is iad na príomhdhualgais agus na príomhchúraimí atá air:

- Maoirseacht phleanála cúig bliana agus straitéis infheistíochta níos fadtéarmaí
- Feidhmíocht oibriúcháin
- Custaiméirí agus cultúr

- Bainistíocht geallsealbhóirí agus clú
- Straitéis nuálaíochta agus teicneolaíochta faisnéise
- Straitéis, feidhmíocht agus inmharthanacht tráchtála.

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste in 2022:

Diarmuid Corry *(Cathaoirleach)*

Miriam Hughes

Richard Manton

Brian Bowden

David Fox

## Coiste Straitéise an Bhoird *(Gníomhach go dtí Bealtaine 2022)*

Tar éis athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar Choistí Bhus Éireann i lár 2022, cuireadh deireadh leis an gCoiste seo agus cuireadh na príomhdhualgais a bhí air leis an sainchúram atá ar choiste nuabhunaithe, an Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta. Bhíodh Coiste Straitéise an Bhoird ag déileáil le cúig réimse ar leith: forbairt fiontar, nuálaíocht teicneolaíochta, margaíocht agus taighde, beartas agus pleanáil, agus straitéis.

Tháinig an Coiste le chéile sé huaire in 2022 agus bhí a chruinniú deiridh aige i mí na Bealtaine. (Tháinig sé le chéile seacht n-uaire le linn 2021.)

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar Choiste Straitéise an Bhoird in 2022:

Diarmuid Corry *(Cathaoirleach)*

Miriam Hughes

## An Coiste Luacha Saothair

Bunaíodh an Coiste Luach Saothair in 2022. Roimhe sin, tháinig nithe a bhain le luach saothair faoi shainchúram an Choiste Cultúir, Daoine agus Custaiméirí. Bhí a chéad chruinniú aige i mí Iúil agus tháinig sé le chéile dhá uair i rith na bliana.

De réir a Théarmaí Tagartha, cuimsítear le sainchúram an Choiste:

- Luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin
- Luach saothair an lucht ardbhainistíochta
- Pleanáil comharbais agus forbairt ceannaireachta
- Beartas luacha saothair na cuideachta
- Struchtúr agus próiseas bliantúil i ndáil leis an 'Scórchárta Ualaithe'
- Pinsin
- Íocaíochtaí foirceanta i gcás daoine den lucht ardbhainistíochta
- Éagsúlacht agus uilechuimsitheacht

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste Luacha Saothair in 2022:

Brian Bowden *(Cathaoirleach)*

Miriam Hughes

Brendan Lenihan

## An Coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméirí *(Gníomhach go dtí Meitheamh 2022)*

Tar éis athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar Choistí Bhus Éireann i lár 2022, cuireadh deireadh leis an gCoiste seo agus cuireadh gnéithe de na dualgais a bhíodh air leis an sainchúram atá ar choistí nuabhunaithe, an Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta agus an Coiste Luacha Saothair. Bhunaigh an Bord an Coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméirí in 2019 chun measúnú agus tuairisciú a dhéanamh don Bhord ar réimse straitéise Bhus Éireann i ndáil le cultúr, daoine agus custaiméirí, agus treoir agus moltaí a thabhairt ina leith sin.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2022 (sé huaire in 2021) agus ba i mí an Mheithimh a tionóladh a chruinniú deiridh.

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste in 2022:

Brendan Lenihan *(Cathaoirleach ar dhá cheann de na cruinnithe in 2022)*

Richard Manton *(Cathaoirleach ar dhá cheann de na cruinnithe in 2022)*

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Bus Éireann fós tiomanta dá chinntiú go mbeidh na baill foirne chomh folláin agus is féidir, trí áit oibre shábháilte a chothú agus trí chleachtais shláintiúla oibre a chur chun cinn. Comhlíonann sé gach reachtaíocht fostaíochta ábhartha lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Déantar faireachán ar an rialachas ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta san eagraíocht trí Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn an Chuideachta an fhreagracht atá uirthi i dtaobh féachaint chuige go gcomhlíonfar forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013, arna leasú, i ngach ponc ábhartha. Is é beartas íocaíochta na Cuideachta é ceangaltais an Rialacháin a chomhlíonadh.

### Taifid Chuntasaíochta

Tá Bus Éireann ar an eolas faoina oibleagáid atá air taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil de réir Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, úsáideann sé córais agus nósanna imeachta cuí, agus fostaíonn sé daoine inniúla chun na córais sin a riar agus a bhainistiú. Is ag oifigí Bhus Éireann i mBaile Átha Cliath 7 atá na taifid chuntais á gcoimeád.

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair, Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a cheapann Stiúrthóirí na Cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina Stiúrthóirí i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022.

Miriam Hughes *(ainmníodh ina Cathaoirleach í ar an 14 Feabhra 2022. Chuaigh sí ar scor ar an 4 Aibreán 2022 agus athcheapadh í ar an 6 Aibreán 2022)*

| | |
|---|---|
| Brian Bowden | *(ceapadh é ar an 8 Aibreán 2022)* |
| Diarmuid Corry | |
| David Fox | *(ceapadh é ar an 11 Iúil 2022)* |
| Stephen Hannan | |
| Dermot Healy | |
| Brendan Lenihan | *(athcheapadh é ar an 5 Aibreán 2022)* |
| Richard Manton | *(athcheapadh é ar an 5 Aibreán 2022)* |
| Rhona Murphy | *(ceapadh í ar an 8 Aibreán 2022)* |

Ainmníodh Miriam Hughes ina Cathaoirleach ar an 14 Feabhra 2022 agus tháinig sí os comhair Chomhchoiste an Oireachtais um Ghréasáin Iompair agus Cumarsáide ar an 5 Aibreán 2022. Athcheapadh í ina Cathaoirleach/ Stiúrthóir ar an 6 Aibreán 2022.

Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná na rúnaithe a d'fhóin i rith na bliana in aon scair ná binitiúr de chuid na Cuideachta, dá cuideachta sealbhaíochta ná dá comh-fhochuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana.

Ní raibh aon chonradh ná socrú a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag Stiúrthóir i dtaca le gnó na Cuideachta.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord lántiomanta do chloí leis na ceanglais atá air faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
Is é tuairim an Bhoird é, le tacaíocht ó obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, go raibh rialuithe imleora i bhfeidhm ag Bus Éireann in 2022 chun na rioscaí a bhain le cuspóirí straitéiseacha na cuideachta a bhainistiú, agus go raibh na rialuithe sin á gcur chun feidhme. Sa chás inar aithníodh easnaimh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, rinne lucht bainistíochta Bhus Éireann na bearta ba ghá chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin.

Tá deimhniú réasúnta faighte ag Bord Bhus Éireann, ag CIR agus ag na Coistí Boird eile in 2022:

- gur roghnaigh agus gur fhorbair Bus Éireann na gníomhaíochtaí rialaithe riachtanacha a chuidíonn leis rioscaí a mhaolú go leibhéil inghlactha maidir le baint amach a chuspóirí.
- gur roghnaigh agus gur fhorbair Bus Éireann gníomhaíochtaí rialaithe ginearálta chun tacú le baint amach cuspóirí.
- gur bhunaigh Bus Éireann gníomhaíochtaí rialaithe trí bheartais agus nósanna imeachta lena leagtar síos an méid a mbítear ag súil leis ó fhostaithe agus nósanna imeachta lena gcuirtear beartais i ngníomh.
- go bhfuair nó gur thiomsaigh Bus Éireann faisnéis ardchaighdeáin ábhartha chun tacú le feidhmiú an rialaithe inmheánaigh agus gur bhain sé leas as an bhfaisnéis sin.
- gur chuir Bus Éireann faisnéis in iúl go hinmheánach, lena n-áirítear cuspóirí agus freagrachtaí as rialú inmheánach, ar cinn a bhfuil gá leo chun tacú le feidhmiú an rialaithe inmheánaigh.
- go raibh Bus Éireann i dteagmháil le páirtithe seachtracha (lena n-áirítear iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha) maidir le hábhair a bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú an rialaithe inmheánaigh.
- gur roghnaigh, gur fhorbair agus go ndearna Bus Éireann meastóireacht leanúnach agus/nó meastóireacht ar leithligh lena fháil amach an ann do chomhpháirteanna an rialaithe inmheánaigh agus an bhfuil siad ag feidhmiú.
- go ndearna Bus Éireann meastóireacht ar easnaimh rialaithe inmheánaigh agus gur chuir sé in iúl go tráthúil iad do na páirtithe sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, lena n-áirítear an lucht ardbhainistíochta agus an Bord Stiúrthóirí, de réir mar ba chuí.

# Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

## Raon Feidhme na Freagrachta

Admhaíonn Bord Bhus Éireann agus an Cathaoirleach go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh Bhus Éireann. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tugann an Bord ar aird freisin nach féidir le córas dá leithéid ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlóidh earráid ábhartha.

## Tuairisc ar na Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Deimhníonn Bord Bhus Éireann go ndearnadh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2022. D'fhormheas Bord Bhus Éireann an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh ar an 1 Nollaig 2022. Ar iarraidh ó Bhord Bhus Éireann, tá príomhnósanna imeachta rialaithe curtha i bhfeidhm lena léirítear méid agus castacht Bhus Éireann.

Ní raibh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais a d'fhág gurbh ann do chaillteanais, teagmhais nó ábhair neamhchinnteachta ábhartha ar ghá iad a nochtadh i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022 ná i dTuarascáil an Iniúchóra.

Ba cheart na hábhair neamhchomhlíontacha seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Bhí caiteachas neamhchomhlíontach €3m ag Bus Éireann in 2022 arb ionann é agus 0.8% den chaiteachas incháilithe ar sholáthar (€2.8m nó 0.9% in 2021).
- Sa chás inar aimsíodh saincheisteanna comhlíonta tríd an bpróiseas dearbhaithe cáilíochta i rith 2022, chuir an lucht bainistíochta ina gceart iad.

Rinne an Bord athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach le tacaíocht ó CIR agus ó Choistí Boird eile ar an 1 Nollaig 2022 lena chinntiú gur léiriú cruinn é ar an gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe i leith 2022.

Rinne Mazars, na hiniúchóirí seachtracha, athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh lena dheimhniú go léirítear ann comhlíonadh cheanglais an Chóid Cleachtais (ailt 1.20 agus 2.7) agus go bhfuil sé ag teacht leis an méid atá ar eolas acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Murab amhlaidh atá, ba cheart don iniúchóir seachtrach tuairisc a thabhairt air sin sa tuarascáil iniúchóra ar an ráiteas airgeadais ábhartha.

Ba iad seo a leanas na céimeanna a glacadh chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú i mBus Éireann agus na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- **Struchtúr eagraíochtúil** atá sainithe go soiléir a ghlacadh, ar struchtúr é lena ngabhann teorainneacha údaráis i scríbhinn, leithscaradh cuí dualgas agus modhanna tuairiscithe do lucht bainistíochta Bhus Éireann, do Bhord Bhus Éireann agus do Choistí an Bhoird agus do Bhord agus Coistí Boird CIÉ.
- **Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála** ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad formheasta ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus ina ndéantar imscrúdú ar aon treochtaí nó éagsúlachtaí suntasacha. Scaiptear na tuarascálacha sin ar gach cruinniú de chuid Bhord Bhus Éireann agus ar Choistí an Bhoird lena n-athbhreithniú. Tacaítear leis an bpróiseas sin trí nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais na mór-rioscaí gnó.
- Treoirlínte soiléire chun an **caiteachas caipitiúil** a fhormheas agus a rialú. Áirítear leo sin: ullmhú na mbuiséad bliantúil caipitiúil a dhéanann an Bord a fhormheas i gcomhairle le CIÉ, leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, staidéir mhionsonraithe indéantachta agus breithmheasanna ar mhórthionscadail chaipitiúla aonair sula ndéanann an leibhéal cuí údaráis iad a fhormheas (lena n-airítear an Roinn Iompair agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair i gcás tionscadail mhóra) agus ullmhú tuairiscí rialta ar an dul chun cinn lena gcur faoi bhráid an lucht bainistíochta. Ní mór páipéar clabhsúir foirmiúil a chur i gcrích i leith gach mórthionscadail chaipitiúil. Déanann Grúpa Stiúrtha Caipitiúil i mBus Éireann an próiseas Caiteachais Chaipitiúil a mhaoirsiú.
- **Athbhreithniú córasach a dhéanann Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ ar rialuithe inmheánacha**, mar thríú líne chosanta, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar an Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí.
- **Creat Bainistíochta Riosca agus Córas Bainistíochta Riosca** a chur chun feidhme arb é an dara líne chosanta é agus lena soláthraítear ardán in-iniúchta chun rioscaí a thaifeadadh agus a thuairisciú. Ansin déanann an lucht bainistíochta measúnú agus athbhreithniú orthu ar bhonn míosúil. Cuirtear na príomhrioscaí agus na bearta chun déileáil leo faoi bhráid an Bhoird gach ráithe tar éis do CIR iad a mheas.
- Nósanna imeachta chun déileáil le **Comhlíonadh ó thaobh Soláthair de** i gcomhréir le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar, rialacha agus treoirlínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Ghrúpa CIÉ agus Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Bhus Éireann.

- Tabhairt chun críche an **Iniúchta Airgeadais Sheachtraigh** (Mazars) lena n-áirítear athbhreithniú ar an ráiteas ar na córais rialaithe inmheánaigh. Thuairiscigh Mazars nach meastar gur moltaí bunúsacha iad aon cheann dá gcuid moltaí maidir leis an rialú inmheánach. Is é an sainmhíniú atá ag na hiniúchóirí ar rialú bunúsach ná ceann atá riachtanach chun timpeallacht láidir rialaithe a choinneáil ar bun sa Chuideachta.
- **Creat Comhlíontachta agus Rialála** ae an dara líne chosanta laistigh de Bhus Éireann chun cabhrú leis an gcosaint ar an gcéad líne maidir le faireachán ar chomhlíonadh agus athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta. Eisítear tuairisc chomhlíontachta chuig an mBord gach ráithe tar éis do CIR breithniú a dhéanamh uirthi.
- Anailís agus athbhreithniú neamhspleách eile a rinneadh ar na córais rialaithe inmheánaigh in 2021, lena n-áirítear:
    - Athbhreithniú seachtrach ar Chúrsaí Rialachais Chorparáidigh a rinne *Governance Ireland* in 2022.
    - Athbhreithniú seachtrach ar an gCreat Bainistíochta Riosca a rinne Mazars i Ráithe 4 2021 agus a cuireadh faoi bhráid an Bhoird go luath in 2022.
    - Athbhreithnithe éagsúla ar Dhearbhú Cáilíochta chun faireachán a dhéanamh ar an éifeachtacht i dtaobh chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, Acht na gCuideachtaí, 2014 agus an Chóid Caiteachais Phoiblí.
    - Measúnuithe seachtracha maidir le rialuithe inmheánacha éagsúla lena n-áirítear:
        - Comhlíonadh agus Tástáil PCI-DSS (Slándáil Faisnéise RITs)
        - Ceardlanna maidir le Bainistíocht Rioscaí (Mazars)

Rinne Bord Bhus Éireann, le tacaíocht ó CIR agus ó Choistí Boird eile, athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a bhaineann le Bus Éireann i leith 2022 trí:

- Athbhreithniú agus formheas ar chlár na hiniúchóireachta inmheánaí i leith 2022 (arna ullmhú tar éis an phróisis um measúnú riosca iniúchóireachta) agus breithniú ar na mórthorthaí.
- Breithniú ar mhórthorthaí aon imscrúduithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar an tuarascáil ó na hiniúchóirí seachtracha, ina bhfuil sonraí ar aon saincheisteanna rialaithe ábhartha a d'eascair as an iniúchadh a rinne siad ar na ráitis airgeadais.
- Measúnú leanúnach ar thuarascálacha rialta ó Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa, a thug tuairisc rialta freisin ar stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe seo óna tuarascálacha féin.
- Athbhreithniú ar na príomhrioscaí a sainaithníodh sa chreat bainistíochta rioscaí agus sa Chóras Bainistíochta Riosca lena soláthraítear ardán in-iniúchta chun rioscaí a thaifeadadh agus a thuairisciú. Ansin déanann an lucht bainistíochta measúnú agus athbhreithniú orthu ar bhonn míosúil. Cuirtear na príomhrioscaí agus na bearta chun déileáil leo faoi bhráid an Bhoird gach ráithe.
- Tuairiscítear na príomhrioscaí dóibh seo a leanas: an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, Bord Bhus Éireann, Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord CIÉ agus Bord CIÉ.
- Athbhreithniú Bliantúil ar Thuarascálacha Mionsonraithe maidir le Rioscaí.
- Athbhreithniú ar na hAthbhreithnithe um Dhearbhú Cáilíochta ar mhaithe le rialú inmheánach, a rinneadh mar chuid den Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh.

Ní raibh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais a d'fhág gurbh ann do chaillteanais, teagmhais nó ábhair neamhchinnteachta ábhartha ar ghá iad a nochtadh i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022 ná i dTuarascáil an Iniúchóra.

Tá an Bord deimhin de go bhfuil an Chuideachta ag forbairt agus ag feabhsú a córais rialaithe inmheánaigh. Is í an aidhm fhoriomlán atá leis sin ná dearbhú éifeachtúlachta níos fearr a sholáthar maidir le comhlíonadh, riosca, agus rialachas corparáideach, chun tacú le gníomhaíochtaí rialaithe agus bainistíochta rioscaí ar an gcéad agus an dara líne chosanta sa Chuideachta.

Rinneadh anailís ar na réimsí seo a leanas maidir le dearbhú cáilíochta in 2022, agus cuireadh pleananna ceartúcháin i bhfeidhm sa chás ina raibh gá leo:

- **Comhlíonadh PCI DSS:** Rinne Worldpay Fianú Comhlíontachta PCI DSS Bhus Éireann i leith 2022 a athbhailíochtú i mí an Mheithimh 2022.
- **Oibleagáidí faoin gCód Caiteachais Phoiblí:** Tá nósanna imeachta nua á nglacadh ag Bus Éireann chun cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí athbhreithnithe ar mhaithe le feabhas a chur ar chomhlíonadh an Chóid.
- **Oibleagáidí i leith na Gaeilge i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla:** Leasaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla sa bhliain 2022. Beidh Scéim Gaeilge Bhus Éireann i bhfeidhm go dtí go ndéanfar lánachtú ar an mBille leasaithe agus forbrófar beartais agus nósanna imeachta le cur in ionad na Scéime in 2023.
- **An Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Sceithirí:** I gcomhréir leis an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Sceithirí, síníodh an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 ina dhlí i mí Iúil 2022. Rinne athbhreithniú ar bheartas CIÉ (arna fhormheas ar an 2 Meitheamh 2022).

- **Athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta ar an gCód Cleachtais:** Athbhreithniú ar Chomhlíonadh Ginearálta, Tuairisciú Gnó agus Airgeadais, Rialachas an Bhoird agus na gCoistí, Luach Saothair, Éagsúlacht.
- **Cód Cleachtais:** Creat Bainistíochta Riosca – Measúnú Seachtrach/Athbhreithniú ar Dhearbhú Cáilíochta.
- **Cód Caiteachais Phoiblí:** Athbhreithniú Bliantúil ar mhaithe le Dearbhú Cáilíochta, 2022.
- **Acht na gCuideachtaí:** Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí – Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa 2022.
- **Rianaire Iniúchóireachta Inmheánaí**: Athbhreithniú Bliantúil ar mhaithe le Dearbhú Cáilíochta, 2022.

Measann Bord Bhus Éireann, ar bhonn obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus obair Coistí Boird eile, go raibh rialuithe imleora i bhfeidhm ag Bus Éireann in 2022 chun na rioscaí a bhain le cuspóirí straitéiseacha na Cuideachta a bhainistiú, agus go raibh na rialuithe sin á gcur chun feidhme. Sa chás inar aithníodh easnaimh nó bearta feabhsúcháin maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, bhí na bearta ba ghá á ndéanamh ag lucht bainistíochta Bhus Éireann chun aghaidh a thabhairt orthu.

Tá creat tuairiscithe Thascfhórsa an Aontais Eorpaigh glactha ag Bus Éireann agus is féidir linn dul chun cinn a léiriú i ndáil lena chroíphrionsabail, lena n-áirítear rialachas, straitéis, bainistíocht rioscaí agus méadracht agus spriocanna i gcomhréir leis na ceanglais a leagfar síos faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

### Soláthar:

Deimhníonn an Bord go gcomhlíonann Bus Éireann iad seo a leanas: Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar, rialacha agus treoirlínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Ghrúpa CIÉ agus Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Bhus Éireann, cé is moite de chaiteachas neamhchomhlíontach €3.0 in 2022 arb ionann é agus 0.8% den chaiteachas incháilithe ar sholáthar (€2.8m nó 0.9% in 2021). Tá straitéis soláthair i bhfeidhm a bhfuil sé ina aidhm léi a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní agus scileanna cuí ag an rannóg soláthair.

## Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí

Chun críocha Alt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('an tAcht'), déanaimidne, na Stiúrthóirí, an méid seo a leanas:

1. Admhaímid go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí mar a shainítear iad in alt 225 (1) den Acht ('na hoibleagáidí iomchuí'); agus
2. Deimhnímid:
   (i) Gur ullmhaíodh ráiteas um chomhlíonadh (mar a shainmhínítear é in alt 225 (3) (a) den Acht) ina leagtar amach beartais na Cuideachta (a mheasaimid atá iomchuí don Chuideachta) maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí ag an gCuideachta.
   (ii) Gur cuireadh i bhfeidhm socruithe cuí nó struchtúir chuí, a mheasaimid atá ceaptha lena chinntiú go gcomhlíonfar go hábhartha oibleagáidí cuí na Cuideachta; agus
   (iii) Go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe nó na struchtúir dá dtagraítear i mír (ii) thuas le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil seo.

Thug Bus Éireann agus cuideachtaí eile de chuid Ghrúpa CIÉ faoi phróiseas mionsonraithe dearbhaithe cáilíochta ionas go mbeidís ag cloí go hiomlán le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 i ndáil leis an Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí. Choimisiúnaigh Grúpa CIÉ an t-athbhreithniú sin thar ceann na gcuideachtaí oibríocha go léir atá i nGrúpa CIÉ agus is í Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ a bhí ina bhun. Eisíodh tuarascáil chuimsitheach agus rinne Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhus Éireann athbhreithniú mionsonraithe uirthi. Dearbhaíodh sa tuarascáil go raibh Bus Éireann ag cloí go hiomlán leis na ceanglais a bhaineann leis an Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí i leith 2022.

## Stádas na Cuideachta

Cláraíodh an Chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe, mar a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, ar an 1 Feabhra 2016.

## Saoráil Faisnéise

Síníodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ina dhlí in 2014. An bhliain dár gcionn, tháinig codanna áirithe de ghnó Bhus Éireann faoi fhorálacha an Achta sin den chéad uair. Leathnaíodh an tAcht ionas go gclúdófaí faoi na gníomhaíochtaí riaracháin arna ndéanamh ag rannóga de chuid na Cuideachta. Baineann na gníomhaíochtaí sin le soláthar seirbhísí iompair scoile don Roinn Oideachais. Faoin Acht, tá Bus Éireann faoi réir ag iarrataí Saorála Faisnéise tríd an Roinn Oideachais maidir le taifid arna gcruthú ón 21 Aibreán 2008.

## Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Bhus Éireann i leith na bliana 2022 ar bhonn gnóthas leantach. Le bonn gnóthais leantaigh, glactar leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar formheasadh na ráitis airgeadais seo. Measann Stiúrthóirí Bhus Éireann gur iomchuí bunús an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais i leith 2022 á n-ullmhú.

Leagtar amach tuilleadh sonraí i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## Teagmhais Iarchláir Comhardaithe

Níl aon teagmhais thábhachtacha iarchláir comhardaithe le tuairisciú lena n-éilítear coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

## Iniúchóirí

Tar éis próiseas soláthair, roghnaíodh Mazars, cuntasóirí cairte agus gnólacht iniúchóireachta reachtúla, mar iniúchóirí seachtracha nua do Ghrúpa CIÉ in 2019 le cead ón Aire Iompair. Rinne na hiniúchóirí, Mazars, an t-iniúchadh i leith 2022 le toiliú an Aire Iompair de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Nochtadh Faisnéise do na hIniúchóirí

A mhéid is eol do gach duine de na Stiúrthóirí a bhí in oifig ar an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhormheas:

- níl aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas fúithi; agus
- tá gach beart déanta ag na Stiúrthóirí ar cheart dóibh a bheith déanta acu i gcáil Stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha ar bith agus lena chinntiú go bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

**Thar ceann an Bhoird**



**Miriam Hughes**
Cathaoirleach



**Brendan Lenihan**
Stiúrthóir

12 Aibreán 2023

# Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, chinn na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha'). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na Cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach ansin
- Bbreithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- A shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofaí, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina ndéantar idirbhearta na Cuideachta a mhíniú agus a thaifeadadh go cruinn, a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus caillteanas na Cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach as féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an Chuideachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta.

# Tuarascáil na n-iniúchóirí neamhspleácha do chomhaltaí Bhus Éireann

## Tuarascáil ar iniúchadh ar na ráitis airgeadais

### Tuairim

Tá ráitis airgeadais Bhus Éireann (an Chuideachta) iniúchta againn a chuimsíonn an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas, an Ráiteas faoi Shreabha Airgid agus nótaí na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh chun feidhme agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann eisithe sa Ríocht Aontaithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRS 102).

Is é ár dtuairim é maidir leis na ráitis airgeadaisa leanas:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar an easnamh don bhliain airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus,
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

### Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar níos mó cur síos ar an bhfreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid *'Na Freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais'* den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gCuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil do Iniúchóirí arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an HFA leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

### Faisnéis eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúchóra uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar le linn an iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

## Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014

Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, go dtuairiscímid:

- tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme;
- ba leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart; agus
- réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile atá riachtanach, chun an eolais agus an chreidimh atá againn, chun críocha ár n-iniúchta.

## Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na Cuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíráiteas ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Ceanglaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014 orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an Chuideachta ceanglais aon cheann d'Ailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn tuairisc a thabhairt duit má tá an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh i dtuarascáil na Stiúrthóirí nach léiríonn comhlíonadh na gcuideachtaí le mír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

## Freagrachtaí Faoi Seach

### Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa ráitis ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an creatlach tuairiscithe airgeadais infheidhme a thugann léargas fíor agus cóir agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh an bhainistíocht is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag bainistíocht an Chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

### Na Freagrachtaí atá ar an n-iúchóir as an iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8fa98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóra.

## Aidhm ár gcuid oibre iniúchta agus a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dúinn

Tá ár dtuarascáil á cur faoi bhráid chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na Cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángamar.



**Tommy Doherty**
Ar son agus thar ceann Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Ionad Fhearchair, Bloc 3
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

12 Aibreán 2023

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Láimhdeachas oibriúcháin | | 338,003 | 288,728 |
| Deontas Ioncaim | *14(c)* | 8,565 | 58,699 |
| Fáltais ó na conarthaí Dírdhámhachtana Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Oibritheoirí Bus Trachtála | | 163,926 | 122,941 |
| **Ioncam iomlán** | *3* | **510,494** | **470,368** |
| | | | |
| **Costais** | | | |
| An párolla agus costais ghaolmhara | *4(a)* | (154,285) | (152,108) |
| Ábhair agus seirbhísí | *5(a)* | (353,321) | (315,271) |
| **Iomlán na gcostas** | | **(507,606)** | **(467,379)** |
| | | | |
| **TRÚCDA roimh chostais agus ioncaim eisceachtúla** | | **2,888** | **2,989** |
| Costais agus ioncaim (glan) eisceachtúla | *5(c)* | 79 | 35 |
| Dímheas agus amúchadh (glan) | *5(e)* | (4,280) | (4,267) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | – | 1 |
| | | | |
| **(Easnamh) roimh ús agus cháin** | | **(1,313)** | **(1,242)** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | *6* | (196) | (404) |
| **Easnamh don bhliain roimh cháin** | | **(1,509)** | **(1,646)** |
| | | | |
| Cáin ar an easnamh i leith na bliana | *7* | – | – |
| | | | |
| **Easnamh don bhliain tar éis cánach** | | **(1,509)** | **(1,646)** |

# Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Easnamh** tar éis cánach don bhliain | | (1,509) | (1,646) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | – | – |
| **Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **(1,509)** | **(1,646)** |

# Clár Comhardaithe

## 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | *8* | 7,342 | 4,863 |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *9* | 47,713 | 58,071 |
| | | **55,055** | **62,934** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *10* | 4,727 | 4,276 |
| Féichiúnaithe | *11* | 188,016 | 144,406 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 897 | 717 |
| | | **193,640** | **149,399** |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | *12* | **(130,373)** | **(90,192)** |
| **Glan sócmhainní reatha** | | 63,267 | 59,207 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **118,322** | **122,141** |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Soláthairtí in aghaidh dliteanas | *13* | (62,214) | (59,654) |
| Ioncam iarchurtha | *14(a)* | (24,482) | (29,352) |
| | | (86,696) | (89,006) |
| **Glan sócmhainní** | | **31,626** | **33,135** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *15* | 94,212 | 94,212 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais – iarmhéid tosaigh | *15* | (61,077) | (59,431) |
| Easnamh don bhliain | *15* | (1,509) | (1,646) |
| **Caipiteal gnáthscaireanna iomlán** | | **31,626** | **33,135** |

Thar Ceann an Bhoird





**Miriam Highes**
*Cathaoirleach*

**Brendan Lenihan**
*Stiúrthóir*

6 Aibreán 2022

# Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | Scair-chaipiteal glaoite €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021** | | 66,212 | (59,431) | 6,781 |
| Méadú i scairchaipiteal glaoite | 15 | 28,000 | | 28,000 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | – | (1,646) | (1,646) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021** | | **94,212** | **(61,077)** | **33,135** |
| | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022** | | 94,212 | (61,077) | 33,135 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | | (1,509) | (1,509) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022** | | **94,212** | **(62,586)** | **31,626** |

# Ráiteas um Shreabhadh Airgid

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Airgead ó oibríochtaí** | | | |
| **Airgead glan ginte ó/(úsáidte i) ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *16* | **42,271** | **(5,832)** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Breiseanna leis na sócmhainní seasta doláimhsithe | | (3,470) | (3,097) |
| Breiseanna leis na sócmhainní seasta inláimhsithe | | (1,572) | (13,740) |
| Fáltais díolacháin ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | – | 1 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | | 8,272 | 2,029 |
| Deontais chaipitil aistrithe go CIÉ | | (5,577) | (431) |
| Méadú i Scairchaipiteal Glaoite | *15* | – | 28,000 |
| Méadú ar chomhardú leis an máthair chuideachta | *11* | (39,548) | (6,398) |
| Ús a d'íoc an mháthair chuideachta agus a ghearr sí | | (196) | (404) |
| **Airgead glan ginte ó/(úsáidte i) ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(42,091)** | **5,960** |
| **Glan méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | 180 | 128 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 717 | 589 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **897** | **717** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022**

## 1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

### Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na uideachta ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht

Is é CIÉ, ar fochuideachta de é Bus Éireann, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann seirbhísí iompair phoiblí de thalamh ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Is Cuideachta bainistíochta iompair é Bus Éireann, arb iad a phríomhghníomhaíochtaí bainistíocht agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán comhtháite seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí bus scoile a sholáthar, trí úsáid a bhaint as a acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí.

Is Cuideachta Tráchtála Stáit é Bus Éireann, an Chuideachta, agus tá sé ina chuid de Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ. Athchláraíodh an Chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe le feidhm ón 1 Feabhra 2016, faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is 119570 uimhir cláraithe an Cuideachta agus tá sé cláraithe i mBaile Átha Cliath le hoifigí cláraithe ar an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

Baineann ráitis airgeadais na Cuideachta le gníomhaíochtaí Bhus Éireann agus leo sin amháin.

### Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na Stiúrthóirí ar bhealach is cuí do chineál ghnó na Cuideachta. Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímheas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndeontas caipitil arna bhfáil.

#### (a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as boinn tuisceana thábhachtacha áirithe i leith na todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilíonn sé freisin go ndéanfadh Stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (v) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh boinn tuisceana agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintitis incháilithe. Eintiteas incháilithe is ea an Chuideachta ach níor bhain sí leas as aon díolúine ó nochtadh atá ar fáil le haghaidh eintitis incháilithe.

### (b) Gnóthas leantach

Tá súil réasúnach ag na Stiúrthóirí go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad. Déantar an deimhniú tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trádála sa todhchaí, pleananna caiteachais caipitil agus infhaighteacht leachtachta. Bhreithnigh na Stiúrthóirí rioscaí agus neamhchinnteachtaí sa ghnó chomh maith leis an bhfaisnéis phoiblí a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, ullmhaíodh ráitis airgeadais seo an eintitis ar bhonn gnóthas leantach. Tá tuilleadh faisnéise i nóta 2.

### (c) Airgeadra eachtrach

#### *(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe*

Mura luaitear a mhalairt, is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na Cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail '€'. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair ina mílte ('000).

#### *(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna*

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhaighte agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear gach gnóthachan agus caillteanas airgid eachtraigh eile i láthair sa chuntas brabúis agus caillteanais lastigh de chostais 'ábhair agus seirbhísí'.

### (d) Láimhdeachas

Cuimsíonn an láimhdeachas luach comhlán na seirbhísí arna soláthar. Déantar an láimhdeachas a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear láimhdeachas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim:

Aithnítear ioncam airgid ar bhus agus ioncam ón gcóras ticéadaithe chomhtháite an lá a soláthraítear an tseirbhís. Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim thar thréimhse an táirge ábhartha.

Aithnítear ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé.

### (e) Íocaíochtaí agus Deontais na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí

#### *(i) Íocaíochtaí conarthaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) agus Dírdhámhachtana Oibritheoirí Bus Trachtála (CBO DAC)*

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP agus CBO DAC arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

Taifeadann Bus Éireann ioncam a ghintear faoin gconradh dámhachtana dírí OSP ar bhonn ollchostais. Íoctar luach saothair le Bus Éireann bunaithe ar chostas na seirbhísí a sholáthraítear. Déantar gach bosca táillí agus ioncam eile paisinéirí (ar nós Taxsaver agus ioncam DSP) a fhaightear ón bpaisinéir iompair phoiblí a dháileadh ar an NTA agus ní aithnítear é a thuilleadh i gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Éireann. Cuireann Bus Éireann sonrasc isteach ar bhonn tréimhsiúil chun seirbhísí a sholáthar faoin gconradh OSP a íoctar leis an gCuideachta ar feadh tréimhse amháin i riaráiste.

*(ii) Deontais ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste*

Déantar deontais ón Aontas Eorpach (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitiúil a chur chun sochair don ioncam iarchurtha nuair a bhíonn siad infhála. Déanann Bus Éireann taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhraithe de réir mhír 24 de FRS102. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais ag an am céanna is a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh.

*(iii) Scéim Fóirdheontais Pá Fostóra (EWSS)*

Is éard a bhí sa Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS) ná tacaíocht fiontraíochta ar fud an gheilleagair do ghnólachtaí incháilithe i leith fostaithe incháilithe. Bhain Bus Éireann leas as an tacaíocht seo go dtí Aibreán 2022 agus d’aithin sé fóirdheontas a fuarthas laistigh de dheontais ioncaim i nóta 14(e).

### (f) Costais ábhar agus seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí, a dtugtar costais oibriúcháin orthu freisin, na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Bhus Éireann ó lá go lá, seachas costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus tá siad leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### (g) Ús infhála/ús iníoctha

Aithnítear ioncam úis nó costas úis faoi mhodh an ghlanráta úis.

### (h) Costais eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Éireann, aithnítear torthaí ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a measaimid nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Chuideachta go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le nithe den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le ‘suntasach’ sa sainmhíniú atá againn air, úsáideann an Chuideachta idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus caillteanais na Cuideachta agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

### (i) Cáin

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chaipiteal gnáthscaireanna leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

*(i) Cáin reatha*

Is ionann cáin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha i leith an bhrabúis inchánaigh don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

*(ii) Cáin iarchurtha*

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabúis inchánacha agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachais sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabúis eile inchánacha sa todhchaí.

### (j) Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Fochuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Bus Éireann. Nochtann Bus Éireann idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an Chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na Stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil cainníocht na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na Cuideachta.

### (k) Sócmhainní seasta doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

### (l) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais díchoimisiúnaithe is infheidhme.

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

#### *(i) Dímheas agus luachanna iarmharacha*

**Feithiclí paisinéirí bóthair**

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, thar a saol úsáideach tuartha, ar bhonn céatadáin laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

Tosaíonn an dímheas ar na sócmhainní sin nuair a chuirtear chun seirbhíse iad sa fhlít den chéad uair. Tar éis mionathbhreithniú le linn 2022 rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach fhlít le linn 2022.

**Gléasra agus innealra**

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Tar éis mionathbhreithniú rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach ghléasra agus innealra le linn 2022.

Tá sonraí i dtaobh shaol úsáideach tuartha na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, ag deireadh gach bliana airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

#### *(ii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain*

Ní dhéantar costais iardain, lena n-áirítear costais maidir le comhpháirteanna arna n-athsholáthar, a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír i ndán don Chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair eacnamaíocha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear costais síos i leith deisiúcháin agus cothabhála de réir mar a thabhaítear iad.

#### *(iii) Dí-aithint*

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar eacnamaíoch sa todhchaí. Tráth na diúscartha, déantar an difríocht idir an glanfháltas diúscartha agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (m) Sócmhainní léasaithe

#### *(i) Léasanna oibriúcháin*

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear iomlán an riosca agus luach saothair a ghabhann le húinéireacht chuig an léasaí. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

#### *(ii) Dreasachtaí léasa*

Déantar dreasachtaí a fuarthas chun dul i mbun léas oibriúcháin a aithint mar laghdú ar chostas an léasa oibriúcháin ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

#### *(iii) Sócmhainní ar Léas an NTA*

Aithnítear dreasachtaí a fuarthas chun dul isteach i léas oibríochta mar laghdú ar chostas an léasa oibriúcháin ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse an léasa.

### (n) Lagú na sócmhainní neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh.

Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais.

### (o) Stoc

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna breise agus breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar stoic ábhar agus páirteanna breise a luacháil ar a meánchostas ualaithe nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an luach ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar caillteanas a thaifeadadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

### (p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile le haibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sna dliteanais reatha.

### (q) Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Chuideachta forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

#### *(i) Sócmhainní airgeadais*

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gCuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúp Chuideachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid, atá tar taifead leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tagtha ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

#### *(ii) Dliteanais airgeadais*

Ar an gcaoi chéanna, déantar roinnt ionstraimí airgeadais bunúsacha atá san áireamh sna dliteanais reatha, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí agus iasachtaí ó ghrúp Chuideachtaí eile, a aithint den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an dliteanas airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúp Chuideachtai eile, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar shuimeanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a thomhais ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

### (r) Soláthairtí

s ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gCuideachta de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáid as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh an Chuideachta ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin. Ní dhéantar soláthar i gcoinne caillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

### (s) Dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an gCuideachta sochair eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

### (t) Sochair d'fhostaithe

Cuireann an Chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh.

Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsin faoi seach.

#### *Plean pinsin le sochar sainithe*

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean le sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Sainítear i bplean le sochar sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean le sochar sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin le sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ.Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse. Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 18.

### (u) Caipiteal gnáthscaireanna

Déantar gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna agus atá siad leagtha amach i nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### (v) Meastacháin agus boinn tuisceana ríthábhachtacha cuntasaíochta

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na stiúrthóirí meastacháin agus tagann siad ar bhoinn tuisceana maidir leis an am atá le teacht. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na boinn tuisceana lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

#### *(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus neamhláimhsithe*

Braitheann an muirear dímheasa agus amúchta bliantúil i gcás sócmhainní inláimhsithe agus neamhláimhsithe ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht fisiciúil na sócmhainní. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní doláimhsithe, an fhearais agus an trealaimh, agus saol eacnamaíoch úsáideach maidir le gach aicme sócmhainní leagtha amach i nóta 8 agus nóta 9.

#### *(ii) Soláthar i dtaobh éileamh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí, agus aisghabhálacha gaolmhara*

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 13 a ghabhann leis na ráitis airgeadais

#### *(iii) Scéim pinsin le sochar sainithe*

Tá sé d'oibleagáid ar ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an Chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear ionchas saoil, méaduithe tuarastail, luachálacha sócmhainne agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Leagtar síos ar shlí níos mionsonraithe i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais nithe a bhaineann le costais pinsean agus scéimeanna pinsin.

## 2. Gnóthas Leantach

### Bus Éireann – Seasamh Airgeadais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2022 Bus Éireann ar bhun gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Tá mionbhreithniúchán déanta ag na Stiúrthóirí ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh ag an am seo agus tá siad sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2022 ar an bhun seo.

I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

### Stad Airgeadais na Cuideachta ag 31.12.20

Amhail an 31 Nollaig 2022, tá glansócmhainní dar luach €3.16 milliún (2021: €33.1 milliún) agus glansócmhainní reatha dar luach €63.3 milliún (2021: €59.2 milliún) ag an gCuideachta.

Mar chuid de na glansócmhainní reatha áirítear dliteanais neamh-airgid dar luach €16.8 milliún (2021: €17.2 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha agus ioncam iarchurtha maidir le hioncam agus deontais chaipitil, níl gealltanas i gceist le deontais chaipitil agus úsáidtear iad de réir dímheas an socmháinne.Dá bhrí sin, gan na míreanna neamh-airgid sin san áireamh, bhí glansócmhainní ag an gCuideachta dar luach €80.1 milliún (2021: €76.4 milliún).

### Conarthaí Dírdhámhachtana Díreach PSO Bhus Éireann

In 2022 leanann an chuideachta ag feidhmiú faoi chonradh OSP ollchostais agus is ar an NTA atá an fhreagracht as an mbosca táille OSP agus as ioncam máthar paisinéirí arís. Dheimhnigh an NTA go bhfuil sé ar intinn aige leanúint de mhaoiniú OSP a chur ar fáil de réir Chonradh OSP in 2023. Lean Bus Éireann ag oibriú seirbhísí OSP de réir Chonradh na Dámhachtana Dírí le linn 2022. In 2021 d'aistrigh Bus Éireann go conradh ollchostais agus mar sin níl sé faoi réir riosca ioncaim agus níl sé faoi réir buiséid a thuilleadh d'ioncam OSP. Bhí Bus Éireann i mbun idirphlé gníomhach leis an NTA an bhliain ar fad maidir leis na ceanglais mhaoinithe OSP mar thoradh ar bhearta leanúnacha sláinte poiblí Covid-19. Tá an cistiú go léir a theastaíonn do 2022 curtha ar fáil ag an NTA agus cé go bhfuil maoiniú ASC 2023 go fóill le cur i gcríoch, léiríonn dréachtuimhreacha a chuir an NTA ar fáil go gcuirfear maoiniú leordhóthanach ar fáil chun riachtanais OSP CGA a chlúdach in 2023.

### Iompar Scoile

I mí Iúil 2022, d'fhógair an Rialtas go dtarscaoilfí táillí iompair scoile don scoilbhliain 2022/23, mar chuid de shraith tionscnamh costais mhaireachtála. Mar thoradh air seo tháinig méadú gan fasach ar an éileamh agus tugadh isteach seirbhísí breise. Ina theannta sin, cheadaigh an Roinn Oideachais maoiniú chun iompar scoile saor in aisce a sholáthar do leanaí a thagann ón Úcráin. Mar thionscnamh costais mhaireachtála eile chun an t-ardú i bpraghsanna breosla a eascraíonn as coimhlint na hÚcráine-na Rúise a fhritháireamh, cheadaigh an Roinn Oideachais íocaíocht fhorlíontach breosla do chonraitheoirí scoile. Áirítear leis an gceadú maoinithe do 2023 a fuarthas ón Roinn Oideachais leanúint de na sruthanna maoinithe seo agus freisin chun leanúint le híocaíochtaí glantacháin Covid, faoi réir ceadú ar bhonn míosúil. I mí Feabhra 2023, d'fhógair an Rialtas go dtabharfaí táillí iompair scoile isteach arís don scoilbhliain 2023/24 cé go bhféadfadh leibhéil éilimh a bheith ard don scoilbhliain 2023/24 mar thoradh air sin. Foilseofar an t-athbhreithniú scéime a thosaigh an Roinn Oideachais in 2021 le linn 2023. Níltear ag súil go mbeidh tionchar ag aon mholtaí ar an scoilbhliain 2023/24. Tá an scéim fós á maoiniú go hiomlán do gach gníomhaíocht oibriúcháin lena n-áirítear seirbhísí agus tacaíochtaí breise.

### Seirbhísí Tráchtála

Lean seirbhísí luasbhealaigh ag feidhmiú faoi chonradh CBO DAC go dtí an 30 Meitheamh 2022. Tháinig gach seirbhís tráchtála eile ar ais i mí Iúil 2022. Táthar ag súil go ndéanfaidh an gnó tráchtála trádáil ag caillteanas airgeadais arís in 2023 agus maoineoidh CIÉ ceanglais leachtachta mar thoradh air seo. Táthar ag súil go mbeidh 2023 ina bhliain dhúshlánach eile don ghnó tráchtála toisc nach bhfuil líon na bpaisinéirí tagtha chucu féin go hiomlán go dtí leibhéil réamh-phaindéime agus go bhfuil costais ag ardú ag dul i bhfeidhm ar fud an bhoird. Cuireadh tús le tionscnamh NTA ticéadaithe do Aosach Óg CBO DAC i mí Mheán Fómhair 2022. Táthar ag súil go bhfillfidh Expressway ar bhrabúsacht i 2024.

### Neamchinnteactaí Eacnamaíoch Domhanda

Méadaíonn neamhchinnteachtaí maicreacnamaíocha lena n - áirítear an cogadh leanúnach san Úcráin riosca san earnáil iompair.

Áirítear ar na rioscaí sin cur isteach ar sholáthairtí fuinnimh agus ar phraghsanna, suaitheadh sa slabhra soláthair agus an fhéidearthacht go ndéanfaí tuilleadh méaduithe ar leibhéil praghsanna, chomh maith le laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus leibhéal an chaiteachais ar thomhaltóirí.

### Gníomhaíochtaí Bainistíochta Leanúnacha

Leanann bainistíocht Bhus Éireann ag cur líon gníomhaíochtaí i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leis an NTA i dtaca le maoiniú cuí le tacú le hoibríocht leanúnach Conarthaí Dírdhámhachtana OSP
- rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais do scoileanna
- dianmhonatóireacht ar cheisteanna le tionchar ar Sheirbhísí Trachtála
- dianmhonatóireacht ón bhainistíocht ar staid airgid tirim laethúil, seachtainiúil agus mhíosúil ar fud na Cuideachta
- cuir i bhfeidhm leanúnach agus dianmhonatóireacht ar thionscnaimh sábhála costas
- measúnuithe mionsonraithe ar gach togra caiteachais chaipitiúil agus a dtionchar ar leachtacht
- athbhriethniú leanúnach ar rioscaí agus ar dheiseanna le tionchar acu ar oibríochtaí na Cuideachta
- dlúthfhaireachán ar threochtaí eacnamaíocha agus ar thionchar na neamhchinnteachtaí eacnamaíocha domhanda, agus an cogadh san Úcráin ar ghníomhaíochtaí gnó na cuideachta

## Grúpa CIÉ

Tá córas státchiste comhthiomsaithe i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ agus braitheann Bus Éireann ar áiseanna bainc an Ghrúpa lena oibríochtaí a bhainistiú de réir an plean gnó faofa. Tá tacaíocht leanúnach CIÉ do Bhus Éireann léirithe sa Litir Thacaíochta ó CIÉ go Bus Éireann arna dhátú 12 Aibreán 2023. Luaitear an méid a leanas sa Litir sin "Tá sé fós mar bheartas CIÉ go mbeidh an Chuideachta in ann a cuid dliteanas a shásamh i gcónaí. Leanfaidh CIÉ dá chearta mar scairshealbhóir agus a oibleagáidí reachtúla a chleachtadh d'fhonn a áirithiú go mbainistíonn an Chuideachta a cuid oibríochtaí, i gcomhréir lena pleananna gnó faofa, agus ar bhealach lena gcuirfear ar a cumas a oibleagáidí a chomhlíonadh go tráthúil. Soláthróidh CIÉ an tacaíocht airgeadais is gá chun ligean don Chuideachta leanúint ag oibriú agus a dliteanais a leachtú i ngnáthchúrsa gnó ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad tar éis dáta sínithe na ráiteas airgeadais."

### Staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí glandliteanais €213 mhilliún (2021: €691 milliún) agus glandliteanais reatha €137 milliún (2021: €164 milliún) ag an nGrúpa. I measc na nglandliteanas reatha tá míreanna neamhairgid €564 milliún (2021: €426 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha i ndáil le deontais chaipitil agus ioncam iarchurtha, ní bhaineann gealltanas airgid le deontais chaipitil agus úsáidtear iad i gcomhréir le dímheas na sócmhainne. Dá bhrí sin, cé is moite de na míreanna neamhairgid sin, tá glansócmhainní reatha de €427 milliún ag an nGrúpa (2021: €262 milliún). Áirítear le glandliteanais an Ghrúpa dliteanais maidir le hoibleagáidí pinsin sochair shainithe de €396 milliún (2021: €846 milliún) agus ioncam iarchurtha maidir le deontais chaipitil a fuarthas de €2,001 milliún (2021: €2,260 milliún).

### Leachtacht

Tá iarmhéid airgid thirim de €318 milliún ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2022.

Tá comhaontú saoráide baincéireachta tiomanta i bhfeidhm ag an nGrúpa go dtí Eanáir 2025. Faoin gcomhaontú saoráide seo is é € 12 mhilliún iasacht an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2022. Déantar an iasacht seo a amúchadh thar thréimhse ceithre bliana. Is é € 80 milliún an méid neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráid chreidmheasa imrothlach thiomanta an Ghrúpa.

### Conclúd

De réir na fachtóirí leagtha amach thuas, tá dóchas réasúnta ag Stiúrthóirí Bus Éireann go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint ag oibriú ar feadh ar laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais agus measann siad go bhfuil sé cuí glacadh leis an bhonn gnóthaigh leantaigh i dtaca le ullmhú na ráitis airgeadais.

## 3. Ioncam iomlán

Cuimsítear san ioncam iomlán láimhdeachas oibriúcháin, glan ar CBL in-aisghabhála, fáltais faoin gConradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus deontais Ioncaim. Tá sonraí breise i dtaobh Deontais Ioncam leagtha amach i nóta 14(e). Soláthraí seirbhísí iompair is ea an Chuideachta agus soláthraíonn sí seirbhísí ar fud na hÉireann agus tá sí rialaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Taifeadann Bus Éireann ioncam a ghintear faoin gconradh dámhachtana dírí OSP ar bhonn costais chomhláin.

## 4(a) Costais phárolla agus costais ghaolmhara

### 4(a) Costais phárolla agus costais ghaolmhara

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne:** | | |
| Pá agus tuarastail | 128,549 | 126,957 |
| Costais leasa shóisialaigh | 13,157 | 12,978 |
| Costais eile na sochar scoir | 12,496 | 12,080 |
| | **154,202** | **152,015** |
| Obair innealtóireachta do ghrúp Chuideachtaí arna hathmhuirearú | – | – |
| **Glanchostais foirne (gan luach saothair na Stiúrthóirí san áireamh)** | **154,202** | **152,015** |
| **Luach saothair na stiúrthóirí:** | | |
| – I leith seirbhísí mar Stiúrthóirí | 83 | 88 |
| – I leith seirbhísí eile | – | 5 |
| – Íocaíochtaí scor i leith seirbhísí feidhmiúcháin | – | – |
| | **83** | **93** |
| Ranníocaíochtaí a rinneadh le scéim pinsean le sochar sainithe | – | – |
| Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na Stiúrthóirí | 83 | 93 |
| **An párolla agus costais ghaolmhara** | **154,285** | **152,108** |

Níor tabhaíodh aon chostais i leith chailleadh oifige d'aon Stiúrthóirí in 2022 ná 2021 ná tar éis dháta an chláir comhardaithe.

Tá suimeanna spreagtha de €399,000 ar son duaiseanna tiomáint shábáilte bronnta i 2022. (2021: €438,000 ar son duaiseanna tiomáint shábáilte bronnta i 2021.)

Meánlíon fostaithe le linn na bliana:

| | 2022<br>Líon | 2021<br>Líon |
|---|---|---|
| Lánaimseartha | 2,576 | 2,472 |
| Tiománaithe páirtaimseartha bus scoile | 251 | 289 |
| **Iomlán** | **2,827** | **2,761** |

## 4(b) Párolla agus Costais Ghaolmhara: riachtanais nochtaithe faoi Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

### Leasa fostaithe

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Bunúsach | 95,215 | 96,083 |
| Ragobair | 6,790 | 7,194 |
| Liúntais | 24,514 | 24,873 |
| Suimeanna Dreasachta | 438 | 399 |
| | **126,957** | **128,549** |
| | | |
| **Comhiomlán Leasa Fostaithe** | | |
| Leasa gearrthéarmacha | 126,957 | 128,549 |
| Leasa dífhostaithe | – | – |
| Leasa Scor | 12,080 | 12,496 |
| ER ÁSPC | 12,978 | 13,157 |
| | **152,015** | **154,202** |
| | | |
| **Lúide** | | |
| Íocaíochtaí iarscoir eisceachtúla | – | – |
| Obair innealtóireachta do Chuideachtaí eile sa Ghrúpa | – | – |
| | **–** | **–** |
| | | |
| **Móide** | | |
| Luach Saothair Stiúrthóirí | 93 | 83 |
| **Iomlán** | **152,108** | **154,285** |

### Leasa Gearrthéarmach Fostaithe

Líon na bhfostaithe ar tháinig a sochar fostaí iomlán (gan costais phinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe laistigh de gach banda de € 25,000 ó € 50,000 suas. Léiríonn na figiúirí líon na bhfostaithe ar an bpárolla i rith na bliana agus lena n-áirítear gach siúinéir agus fágálaí ar phárolla.

| Ó | Go | Líon na Foirne 2022 | Líon na Foirne 2021 |
|---|---|---|---|
| €50,000 | €75,000 | 864 | 822 |
| €75,000 | €100,000 | 45 | 55 |
| €100,000 | €125,000 | 11 | 14 |
| €125,000 | €150,000 | 3 | 3 |
| €150,000 | €175,000 | 3 | 4 |
| €175,000 | €200,000 | 4 | 3 |
| €200,000 | €225,000 | 2 | 1 |
| €225,000 | + | 0 | 0 |
| **Foireann Iomlán** | | **932** | **902** |

### 4(c) Párolla agus Costais Ghaolmhara: riachtanais nochtuithe breise faoi Imlitir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Tagairt 13/2014

Líon fostaithe a bhfuil iomlán a sochar fostaí (gan costais pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse thuairiscithe a thit laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 in airde.

| Ó | Go | 2022 Líon na Foirne | 2021 Staff Numbers |
|---|---|---|---|
| €60,000 | €70,000 | 201 | 215 |
| €70,000 | €80,000 | 48 | 49 |
| €80,000 | €90,000 | 20 | 16 |
| €90,000 | €100,000 | 18 | 14 |
| €100,000 | €110,000 | 10 | 7 |
| €110,000 | €120,000 | 3 | 4 |
| €120,000 | €130,000 | 2 | 1 |
| €130,000 | €140,000 | 0 | 0 |
| €140,000 | €150,000 | 2 | 2 |
| €150,000 | + | 8 | 9 |

## 4(d) Luach Saothair an POF

Áirítear le costas pá agus tuarastal an luach saothair seo a leanas atá iníoctha leis an bhPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tUasal Stephen Kent, i leith seirbhísí feidhmiúcháin.

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna chomhcheangailte** | | |
| Buntuarastail | 210 | 210 |
| Riaráistí buntuarastail | – | – |
| Liúntais agus sochair chomhchineáil inchánacha | 14 | 14 |
| Costais leasa shóisialaigh | 25 | 25 |
| Costais eile i leith sochar iarscoir | 53 | 53 |
| Riaraistí eile i leith sochar iarscoir | – | – |
| Íocaíocht scor | – | – |
| | **302** | **302** |

Tá siadsan ag teacht le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le Príomhfheidhmeannaigh.

## 4(e) Cúiteamh daoine tábhachtacha den lucht bainistíochta

Seo a leanas cúiteamh an phríomhlucht bainistíochta, lena n-áirítear tuarastail agus sochair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na stiúrthóirí:

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha | 1,347 | 1,387 |
| Riaráistí tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha | – | – |
| Costais eile i leith sochar iarscoir | 122 | 154 |
| Riaraistí eile i leith sochar iarscoir | – | 5 |
| Costais leasa shóisialaigh | 136 | 139 |
| Íocaíochtaí scor | – | – |
| **Iomlán** | **1,605** | **1,685** |

Cuimsíonn tuilleamh an phríomhlucht bainistíochta agus na Stiúrthóirí tuarastail agus costais ghaolmhara atá iníoctha leis an lucht ardbhainistíochta agus leis na Stiúrthóirí.

Níor tabhaíodh aon chostas i dtaobh bónas, pá de réir feidhmíochta ná cúitimh i leith cailleadh oifige le linn 2022.

Íocadh táillí stiúrthóirí mar seo a leanas le Stiúrthóirí na Cuideachta as ucht seirbhísí mar stiúrthóirí in 2022:

| | |
|---|---|
| An tUasal B Bowden | €9,208 |
| An tUasal D Corry | €12,600 |
| An tUasal D Fox | €6,010 |
| M Hughes Uasal | €20,475 |
| An tUasal B Lenihan | €12,600 |
| An tUasal R Manton | €12,600 |
| R Murphy Uasal | €9,208 |

Ní bhfuair an tUasal Thomas O'Connor, an tUasal Stephen Hannon ná an tUasal Dermot Healy aon táillí Stiúrthóra i ndáil le seirbhísí mar Stiúrthóirí ón Chuideachta

Cloíonn gach íocaíocht go hiomlán le treoirlínte an rialtais i leith táillí stiúrthóra.

## 5. Costais de réir Chineáil

### (a) Costais ábhar agus seirbhísí

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Breoslaí agus bealaí | 30,652 | 27,779 |
| Conraitheoirí | 250,179 | 224,960 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | 581 | 670 |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos (nóta 5(f)) | 1,270 | 1,288 |
| Rátaí Tráchtála | 678 | 505 |
| Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí (nóta 13) | 5,754 | 2,205 |
| (Laghdú)/Méadú ar an soláthar in aghaidh dífheidhmeacht fardail (nóta 10) | (36) | 143 |
| Caillteanais airgeadra eachtraigh (glan) | 11 | 3 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | 64,232 | 57,718 |
| | **353,321** | **315,271** |

### (b) Costais ábhar agus seirbhíse: riachtanais nochtaithe de réir Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Taisteal agus cothú** | | |
| *Intíre:* | | |
| Bord | – | – |
| Fostaithe | 83 | 29 |
| *Eachtrach:* | | |
| Bord | – | – |
| Fostaithe | 17 | 2 |
| | **100** | **31** |
| **Fáilteachais** | | |
| Foireann | 67 | 16 |
| Eile | – | – |
| | **67** | **16** |

### (c) Costais oibriúcháin agus ioncaim eisceachtúla

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Scarúna agus a ndearnadh soláthar ina leith | – | (1) |
| Athstruchtúrú oibríochtaí agus a ndearnadh soláthar ina leith | (79) | (34) |
| | **(79)** | **(35)** |

### (d) Foirceannadh/Scaradh: ceanglais bhreise maidir le nochtadh faoi Chód Cleachtais 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit

| | | |
|---|---|---|
| NIALAS a bhí i bhfoirceannadh íocaíochtaí téarfa a rinneadh sa tréimhse tuairiscithe (2021: €1k) | – | – |

### (e) Dímheas, bearnúchán agus amúchadh na sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe (nóta 9) | 11,930 | 14,222 |
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe (nóta 9) | 991 | 1,003 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil (nóta 14(a)) | (8,641) | (10,958) |
| | **4,280** | **4,267** |

### (f) Áirítear leis na léasanna oibriúcháin

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Busanna ar léas | 505 | 504 |
| Léasanna oibriúcháin eile | 765 | 784 |
| | **1,270** | **1,288** |

### (g) Costais ábhar agus seirbhíse: riachtanais nochtaithe de réir Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Costais dlí agus socraíochtaí** | | |
| Táillí dlí ghinerálta | 218 | 448 |
| Socraíochtaí agus costais dlí cengailte | 3,761 | 2,848 |
| **Iomlán** | **3,979** | **3,296** |
| | | |
| **Comhairliúchán** | | |
| Dlíthiúil | 19 | 190 |
| Comhairle Cáin agus Airgeadas | 253 | 413 |
| Caidreamh Poiblí agus Margaíocht | 41 | 48 |
| Pinsin agus Acmhainní Daonna | 241 | 256 |
| Cothabháil agus Athnuachaintí | 70 | 60 |
| Straitéis agus Dearadh Eagraíochta | 20 | – |
| Oibriúcháin agus Eile | 10 | 84 |
| **Iomlán** | **654** | **1,051** |

## 6. Glanchostas úis

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail ar an máthair chuideachta | **(196)** | **(404)** |

# 7. Cánachas

## (a) Costas cánach san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha:** | | |
| Cáin chorparáide na hÉireann ar an mbrabús don bhliain airgeadais | – | – |
| Coigeartú i ndáil le blianta airgeadais roimhe sin | – | – |
| Costas cánach reatha don bhliain airgeadais | – | – |
| **Cáin iarchurtha:** | | |
| Bunú agus aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin | – | – |
| Costas cánach iarchurtha don bhliain airgeadais | – | – |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **–** | **–** |

## (b) Réiteach an chostais cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an easnamh don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, is é sin 12.5% (2021: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | (1,509) | (1,646) |
| Easnamh méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann, is é sin 12.5% | (189) | (206) |
| Tionchar de bharr: | | |
| – Dímheas de bhreis ar liúntais chaipitiúla | 812 | 1,087 |
| – Ioncam neamh-inchánach | (1,080) | (1,370) |
| – Caiteachas neamh-asbhainteach | 62 | – |
| – Géilleadh faoiseamh caillteanais chuig cuideachtaí an ghrúpa | 393 | 484 |
| – Ioncam arna mhuirearú i leith cánach ar ráta níos airde | 12 | 5 |
| – Caillteanas úsáidte sa bhliain | (10) | |
| **Muirear cánach reatha don bhliain** | **–** | **–** |

## 8. Sócmhainní seasta doláimhsithe

| | Bogearraí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | 13,867 | 13,867 |
| Breiseanna | 3,470 | 3,470 |
| Diúscairtí | – | – |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **17,337** | **17,337** |
| | | |
| **Amúchadh** | 9,004 | 9,004 |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | | |
| Muirear don bhliain | 991 | 991 |
| Diúscairtí | – | – |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **9,995** | **9,995** |
| | | |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **7,342** | **7,342** |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | 4,863 | 4,863 |

(i) Is é seo a leanas an saol úsáideach atá tuartha i leith na gcineálacha éagsúla sócmhainní doláimhsithe chun críocha amúchta:

Bogearraí – 5 bliana de réir an mhéid chothroim

# 9. Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €'000 | Gléasra agus Innealra €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | 282,974 | 33,084 | 316,058 |
| Breiseanna | 5 | 1,567 | 1,572 |
| Diúscairtí | (31,747) | | (31,747) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **251,232** | **34,651** | **285,883** |
| | | | |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | 229,279 | 28,708 | 257,987 |
| Muirear don bhliain | 10,616 | 1,314 | 11,930 |
| Diúscairtí | (31,747) | – | (31,747) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **208,148** | **30,022** | **238,170** |
| | | | |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **43,084** | **4,629** | **47,713** |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | 53,695 | 4,376 | 58,071 |

(i) Is é seo a leanas an saol úsáideach atá tuartha i leith na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa:

| | Saol (Blianta) |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 10-14 |
| Gléasra agus innealra | 3-10 |
| Busanna scoile | 10-20 |

(ii) Rinneadh feithiclí paisinéirí bóthair a chosain €102.6m (2021: €102.1m) a dhímheas go hiomlán ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir comhardaithe.

(iii) Tá na sócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig 2022 ag €Niallas (2021: €Niallas) i ndáil le sócmhainní seasta inláimhsithe nach raibh i seirbhís go fóill amhail an dáta sin.

(iv) Ní leis an gCuideachta an mhaoin, an talamh ná na foirgnimh atá in úsáid; is le Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ iad agus áirítear iad i ráitis airgeadais CIÉ.

(v) Diúscraíodh sócmhainní ag a raibh luach tugtha anonn €NIALLAS in 2022(2021: €Niallas) i gcomhlíonadh bheartais agus nósanna imeachta Ghrúpa CIÉ i leith diúscairtí sócmhainní i rith na bliana.

## 10. Stoic

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna breise | 3,782 | 3,325 |
| Breoslaí, bealaí agus stoic éagsúla | 945 | 951 |
| | **4,727** | **4,276** |
| Stoc a caitheadh le linn na bliana: | | |
| Stoc ábhar agus breosla a ídíodh glan ar an lacáiste breosla | **43,320** | **37,415** |

Áirítear sna méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna nach mór a bheith ar seilbh chun freastal ar riachtanais oibriúcháin. Níl difríocht ábhartha idir luach athsholáthair na bhfardal agus a luach de réir na leabhar. Is é an soláthar do stoc atá as feidhm ag deireadh na bliana ná €0.9m (2021: €1.0m).

## 11. Féichiúnaithe

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 1,913 | 1,664 |
| Méideanna atá dlite ón Roinn Oideachais | 8,402 | 4,166 |
| Méideanna atá dlite ón máthair chuideachta go Bus Éireann | 176,769 | 137,221 |
| Féichiúnaithe eile | 932 | 1,355 |
| | **188,016** | **144,406** |

Tá gach sócmhainn dlite laistigh de bhliain amháin.

I gcás na méideanna atá dlite ón máthair chuideachta, tá siad neamhurraithe, saor ó ús agus iníoctha ar éileamh. Luaitear féichiúnaithe trádála glan ar sholáthar €0.1m (2021: €0.1m ) i leith fiacha amhrasacha.

Is éard atá sna méideanna atá dlite ón Roinn Oideachais ná airgead atá dlite maidir le feidhmiú Scéim Iompair Bus Scoile.

## 12. Creidiúnaithe

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | 29,095 | 22,311 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT agus Muirear Sóisialta Uilíoch | 4,094 | (1,330) |
| Árachas sóisialta | 3,516 | 2,040 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | 376 | 241 |
| Creidiúnaithe eile | 1,757 | 1,763 |
| Fabhruithe | 74,766 | 47,966 |
| Ioncam iarchurtha | 9,224 | 8,580 |
| Ioncam iarchurtha (nóta 14 (a)) | 7,545 | 8,621 |
| | **130,373** | **90,192** |
| | | |
| Creidiúnaithe i leith cánachais agus árachas sóisialta áirithe anseo thuas | **7,986** | **951** |

Tá creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile iníoctha ar dhátaí éagsúla sna trí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais de réir ghnáth-théarmaí creidmheasa na gcreidiúnaithe.

San áireamh in iarmhéid na gCreidiúnaithe tá €6.1m de réamh-mhaoiniú a fuarthas ón Roinn Oideachais maidir le caiteachas beartaithe 2023.

Tá creidiúnaithe i leith cánach agus árachas sóisialta iníoctha sa chreat ama atá leagtha síos sa reachtaíocht ábhartha. Baineann ioncam iarchurtha le hioncam ó thicéid Taxsaver agus le haghaidh sholáthar na seirbhísí bus scoile.

## 13. Soláthairtí in aghaidh dliteanas

| | Oibríochtaí €'000 | Dlíthiúil agus Eile €'000 | Ath-struchtúrú €'000 | Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2022** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 4,839 | 947 | 162 | 53,706 | 59,654 |
| Muirear don chuntas brabúis agus caillteanais (glan) | 2,013 | 971 | – | 5,754 | 8,738 |
| Úsáidte i rith na bliana | (1,469) | (948) | – | (3,761) | (6,178) |
| **Iarmhéid deiridh** | **5,383** | **970** | **162** | **55,699** | **62,214** |

### Soláthairtí oibriúcháin

Cuimsítear sa soláthar oibriúcháin soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus agus soláthairtí a bhaineann le pá. San áireamh sa soláthar oibriúcháin tá suim €2.3m maidir le costais sochair iarscoir.

### Dlíthiúil agus soláthar eile

Is éard atá sa fhoráil dlí agus foráil eile forálacha a bhaineann le héilimh dhlíthiúla fostaithe. Tá na díospóidí seo ar siúl faoi láthair agus léiríonn an fhoráil an costas measta a bhaineann leis na hábhair seo a réiteach.

### Soláthar athstruchtúraithe

Baineann an soláthar athstruchtúraithe le méideanna is iníoctha ag eascairt as tionscnaimh spárála costais a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach.

### Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil cumhdaithe ag árachas seachtrach a chur de mhuirear an chuntais brabúis agus caillteanais, agus áirítear méideanna gan íoc sna soláthairtí i leith dliteanas agus muirear.

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Is comhlacht féin-rialála CIÉ a oibríonn múnla féin-árachais ina iompraíonn na Cuideachtaí oibríochtúla an riosca airgeadais ag baint le costais éilimh, faoi réir caidhp i gcás éileamh tríú páirtí. Áirítear i gcostas measta na n-éileamh costais a thabhófar agus éilimh á réiteach. Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Agus costas measta na n-éileamh neamhíoctha á ríomh, úsáideann an Chuideachta teicnící éagsúla meastacháin, lena n-áirítear anailís staitistiúil ar thaithí stairiúil, modh anailíse a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht leis an taithí a bhí ann roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, aon athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le saobhadh na staitisticí bunúsacha, agus athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le costas na n-éileamh gan íoc a mhéadú nó a laghdú i gcomparáid le costas na n-éileamh a íocadh roimhe seo. Samplaí díobh sin is ea athruithe ar phróisis na Cuideachta a d'fhéadfadh dlús a chur faoi fhorbairt agus/nó taifeadadh éileamh arna n-íoc nó arna dtabhú, nó moill a chur orthu, athruithe ar an timpeallacht dlí, éifeacht an bhoilscithe, athruithe ar mheascán na n-éileamh agus an tionchar a bheadh ag caillteanais shuntasacha.

Agus costas na n-éileamh atá fógartha ach nach bhfuil íoctha á mheas, bíonn aird ag an gCuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ar bhonn imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh sa chúirt ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léirítear sa tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta i gcás éileamh a cuireadh in iúl cheana don Chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi theagmhas an éilimh, ach amháin sna cásanna sin inar glaodh imscrúdaitheoirí go dtí láithreacha na dtimpistí. Is iondúil, i gcás cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán ard dá réir, go léirítear éagsúlachtaí níos mó ina leith idir na meastacháin bhunaidh agus na torthaí deiridh mar gheall ar ghéire na deacrachta a bhaineann leis na cúlchistí sin a mheas.

Déantar soláthairtí i leith éileamh a ríomh mar mhéid comhlán gan aisghabháil athárachais ar bith san áireamh. Aithnítear aisghabhálacha athárachais sa chás inar féidir a leithéid d'aisghabhálacha a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil i dtaobh aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar chineál agus méid chlár athárachais na Cuideachta in imeacht ama a léiriú.

Chomh maith leis sin, déantar aisghabhálacht an athárachais a mheas ag féachaint d'fhógra a bheith faighte ó bhróicéirí na Cuideachta maidir le haon athárachóirí a bhfuil caillteanas luaite leo.

# 14. Ioncam Iarchurtha agus Maoiniú Ioncaim

## Ainm Deontóra

An tÚdarás Náisiúnta Iompair, urraithe ag an Roinn Iompair

An Roinn Oideachais

Córas Iompair Éireann

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

## Ainm an Deontais

NTA – B5.2 Bonneagar Iompair Phoiblí

NTA – B5.3 Clár Iarfheistithe Inrochtaineachta

NTA – Ciste Mionthionscadail

An Roinn Oideachais – Maoiniú Teicneolaíochta na Roinne Oideachais

CIÉ – Ciste Inbhuanaitheachta

DCC – Ciste Deontais Oidhreachta

## Cuspóir an Deontais

Tá an cuspóir dá gcuirtear na cistí i bhfeidhm leagtha amach sa tábla thíos:

| | **Pá & Riarachán. €'000** | **Soláthar Seirbhíse €'000** | **Tógál €'000** | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|
| NTA - Deontais Chaiptil | 704 | 1,949 | 5,459 | 8,112 |
| NTA – Mionthionscadail | – | 9 | – | 9 |
| An Roinn Oideachais | – | 34 | – | 34 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Maoiniú Oidhreachta | – | 11 | – | 11 |
| Maoiniú Inbhuanaitheachta CIÉ | – | 29 | 77 | 106 |
| **Deontais chaipitil faighte agus infhaighte** | 704 | 2,032 | 5,536 | 8,272 |
| Lúide: Aistrithe go CIÉ (Réadmhaoine) | (41) | – | (5,536) | (5,577) |
| **Iomlán** | **663** | **2,032** | **–** | **2,695** |

### Ioncam Iarchurtha

Áirítear sa chuntas seo deontais neamh-inaisíoctha ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas:

### (a) Deontais chaipitil

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 37,973 | 47,333 |
| Faighte agus infhála (nóta 14(b)) | 2,695 | 1,598 |
| Dí-aithnithe faoi aontú léasaithe bus (nóta 9) | – | – |
| Muirear amúchta glan ó bhearnúchán gaolmhar (nóta 5(e)) | (8,641) | (10,958) |
| Diúscairtí | | |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **32,027** | **37,973** |
| Mar seo a leanas: | | |
| San áireamh sna dliteanais reatha (nóta 12) | 7,545 | 8,621 |
| San áireamh sna dliteanais neamhreatha | 24,482 | 29,352 |
| | **32,027** | **37,973** |

### (b) Breiseanna deontais chaipitil

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Úsáideadh Deontais Chaipitil chun na breiseanna seo a leanas a chistiú: | | |
| Ríomhairí, Bogearraí, Crua-Earraí agus eile | **2,695** | **1,598** |

Déantar na Deontais Chaipitil a amúchadh thar shaol úsáideach na sócmhainní.

B'ionann na deontais chaipitil iomlána a fuarthas in 2022 agus €8.27m (2021: €3.6m). Bhain deontais a fuarthas in 2022 le €8.12m a fuarthas faoin gClár Maoinithe Caipitil – Conradh Dámhachtana Díreach mar aon le maoiniú eile de €0.15m ó DCC, An Roinn Oideachais agus Maoiniú Inbhuanaitheachta CIÉ.

### (c) Deontais chaipitiúla a fuarthas agus infhaighte

| | 2022<br>€'000 |
|---|---|
| Úsáideadh Deontais Chaipitil chun na breiseanna seo a leanas a chistiú: | |
| Ríomhairí, bogearraí, crua-earraí agus eile | 8,272 |
| Busanna | – |
| **Fo-iomlán** | **8,272** |
| Lúide: Inaistrithe chuig CIÉ (Réadmhaoine) | (5,577) |
| **Iomlán** | **2,695** |

Baintear úsáid as gach deontas a fhaightear chun na críche ar lorgaíodh faomhadh ina leith agus a fuarthas ón bhfoinse maoinithe. Geallann Bus Éireann infheistíocht an Stáit a chosaint agus ní úsáidfidh sé an infheistíocht sin mar urrús d'aon ghníomhaíocht eile gan dul i gcomhairle roimh ré leis an Roinn Iompair agus ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## (d) Cuntasaíocht ar dheontais chaipitil (Imlitir 13/2014)

| | €'000 |
|---|---|
| NTA - Deontais Chaiptil | 8,189 |
| NTA – Mionthionscadail | 9 |
| An Roinn Oideachais | 34 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Maoiniú Oidhreachta | 11 |
| Maoiniú Inbhuanaitheachta CIÉ | 29 |
| **Deontais chaipitil faighte agus infhaighte** | 8,272 |
| Lúide: Aistrithe go CIÉ (Réadmhaoine) | (5,577) |
| **Iomlán** | **2,695** |

### Srianta

Tá na deontais teoranta do ghníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP).

### Imréiteach Cánach

Tá Bus Éireann ag cloí leis na ciorcláin ábhartha lena n-áirítear Ciorclán 44/2006 "Deontais, Fóirdheontais agus Íocaíochtaí de Chineál Comhchosúil maidir le Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach".

## (e) Deontais Ioncaim

Tugatr deontais ioncaim go hiomlán chuig an brábús agus cailteannas sa bhliain cuí a fuarthas

### EWSS

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Cuimsíonn Ioncam Oibriúcháin na deontais ioncaim seo a leanas | | |
| Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta | 8,565 | 58,699 |
| | **8,565** | **58,699** |

Is éard a bhí sa Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS) ná tacaíocht fiontraíochta ar fud an gheilleagair do ghnólachtaí incháilithe i leith fostaithe incháilithe. Bhain Bus Éireann leas as an tacaíocht seo go dtí Aibreán 2022 agus d'aithin sé fóirdheontas a fuarthas laistigh de dheontais ioncaim.

## 15. Scairchaipiteal agus Cúlchistí

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **Iarmhéid tosaigh Údaraithe** | | |
| 83,198,264 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | 105,640 | 77,640 |
| **Méadú i Scairchaipteal Údaraithe** | | |
| Athchaipitliú trí eisiúint de 22,051,793 gnáthscair ag € 1.27 an ceann | – | 28,000 |
| **Iarmhéid deiridh** | | |
| 83,198,264 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **105,640** | **105,640** |
| **Leithroinnte, glaoite agus lánìoctha, curtha i láthair mar chaipiteal gnáthscaireanna** | | |
| **Iarmhéid tosaigh** | | |
| 74,198,446 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | 94,212 | 66,212 |
| **Méadú i scairchaipteal glaoite agus lánìoctha** | | |
| 22,051,793 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | – | 28,000 |
| **Iarmhéid deirigh** | | |
| 74,198,446 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **94,212** | **94,212** |

Is ann d'aicme amháin gnáthscaireanna. Níl srian ar bith ar dháileadh díbhinní agus ar aisíoc an chaipitil. Baineann na cearta vótála céanna le gach scair agus an aicme chéanna i dtaobh díbhinní, a mhéid a bhfuil an méid iomlán ar gach scair íoctha.

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Cúlchistí ioncam (caillteanais carnach) | **(62,586)** | **(61,077)** |

## 16. Nóta a ghabhann leis an ráiteas faoi shreabhadh airgid

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| (Easnamh) don bhliain airgeadais | (1,509) | (1,646) |
| Ús iníoctha glan | 196 | 404 |
| (Easnamh) roimh úis | (1,313) | (1,242) |
| (Brabús) ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | – | (1) |
| Dímheas, bearnúchán agus amúchadh na sócmhainní seasta inláimhsithe/ doláimhsithe | 12,921 | 15,226 |
| Deontais chaipitil amúchta | (8,641) | (10,958) |
| Laghdú/(Méadú) ar an bhfardal | (451) | 114 |
| (Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe | (4,062) | 3,845 |
| Laghdú/(Méadú) ar chreidiúnaithe | 41,257 | (11,880) |
| Laghdú/(Méadú) ar na soláthairtí in aghaidh dliteanas | 2,560 | (936) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **42,271** | **(5,832)** |

## 17. Oibleagáidí léasa oibriúcháin

Ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe atá iníoctha mar seo a leanas:

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 1,475 | 1,279 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 5,902 | 3,185 |
| | **7,377** | **4,464** |

San áireamh laistigh de bhliain amháin agus idir bliain amháin agus cúig bliana do 2022 tá léas oibriúcháin do bhusanna le hoibleagáidí léasa bliantúla de €0.5 milliún a thosaigh in 2018 agus a leathnaíodh.

## 18. Pinsin

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean le sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Is baill de scéimeanna pinsin ghrúpa Córas Iompair Éireann iad fostaithe Bus Éireann. Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla faoi mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostais sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na Stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse.

Tá dliteanais maidir le hoibleagáidí pinsin le sochar sainithe de €396.5 milliún (2021: €864.5 milliún) san áireamh i nglandliteanais Grúpa CIÉ.Tá an nochtadh atá ceangailte faoi FRS102 maidir le pleananna an ghrúpa le sochar sainithe, ina bhfuil an Chuideachta rannpháirteach, leagtha amach i ráitis airgeadais CIÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, atá ar fáil don phobal ó CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Bhí costas pinsin na Cuideachta don bhliain ar na scéimeanna sochar sainithe cothrom le €12.5 milliún (2021: €12.1 milliún) agus tá na costais sin san áireamh i nóta 4(a). Cuimsíonn costas na Cuideachta an ranníocaíocht atá iníoctha don bhliain.

## 19. Ceangaltais Chaipitiúla agus Ceangaltais Eile

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Conradh déanta ina leith | 14,864 | 5,170 |
| **Iomlán** | **14,864** | **5,170** |
| | | |
| **Ceangaltais chaipitil dá bhfuil cistiú geallta trí mheán deontas** | **13,486** | **4,500** |

Tá an talamh agus na foirgnimh san áireamh i leabhair Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ. Is ionann na ceangaltais maidir le talamh agus foirgnimh a úsáideann Bus Éireann ach a luaitear i leabhair Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus €36.1m do 2022 (2021: €2.6m) agus níl siad san áireamh thuas i gceangaltais chaipitil Bhus Éireann.

## 20. Ráthaíochtaí agus dliteanais theagmhasacha

Ag 31 Nollaig 2022 ní raibh aon rud tarraingthe anuas ag Grúpa CIÉ faoi áiseanna an iasacht théarmach. Tá na hiasachtaí sin trasráthaithe ag Bus Éireann agus ag na fochuideachtaí eile i nGrúpa CIÉ.

Bíonn an Chuideachta ina páirtí, ó am go ham, in imeachtaí éagsúla dlí a bhaineann le ceisteanna tráchtála a bhfuiltear ag déileáil leo agus á gcosaint sa ghnáthchúrsa gnó. Déantar stádas imeachtaí ar feitheamh nó imeachtaí faoi bhagairt a athbhreithniú ar bhonn rialta le dlíodóirí ghrúpa CIÉ. Is é tuairim na stiúrthóirí é nach mbeidh na caillteanais, más ann dóibh, a eascróidh as na nithe sin níos mó go hábhartha ná na soláthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

Faightear flít OSP Bhus Éireann faoi Clár Creatlach Deontais ón Údarás Náisiúnta Iompair. Cuirtear an cistiú sin ar fáil ag teacht le forálacha an Chonartha Dámhachtana Dírí, a síníodh i Nollaig 2019, agus eascraíonn dliteanais theagmhasacha áirithe faoi na comhaontuithe sin. Creideann na stiúrthóirí gur fíor-bheag é an baol go bhfeidhmeoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair a chearta faoi na comhaontuithe a bhaineann leo.

# 21. Glaneasnamh de réir Ghníomhaíochta

**2022**

| | Seirbhísí tráchtála agus seirbhísí scoile €000 | Seirbhísí Cathrach €000 | Seirbhísí Stáidch-arráiste €000 | Neamh-thráchtála €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 337,012 | 17 | 974 | 991 | 338,003 |
| Costais (glan) | 342,873 | 46,709 | 122,421 | 169,130 | 512,003 |
| | (5,861) | (46,692) | (121,447) | (168,139) | (174,000) |
| Deontas Ioncaim | 2,735 | – | – | 5,830 | 8,565 |
| Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | 1,115 | – | – | 162,811 | 163,926 |
| Toradh tar éis íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | (2,011) | – | – | 502 | (1,509) |
| Míreanna eisceachtúla | – | – | – | – | – |
| Toradh tar éis míreanna eisceachtúla | (2,011) | – | – | 502 | (1,509) |

Tá gníomhaíochtaí tráchtála, gníomhaíochtaí iompair scoile agus gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí á bhfeidhmiú ag an gCuideachta. Is é Expressway an phríomhghníomhaíocht tráchtála.

Tá an Scéim Iompair Scoile á reachtáil 'faoi chonradh', nó i dtéarmaí níos cruinne, is socrú riaracháin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna atá i gceist.

Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile ná Seirbhísí Stáidcharráiste ar bhealaí réigiúnacha agus mórbhóithre agus Seirbhísí Cathrach i gcathracha réigiúnacha, ar gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí iad a bhfaigheann an Chuideachta íocaíochtaí OSP ina leith. Déantar costais i dtaobh Expressway, Seirbhísí Stáidcharráiste agus Seirbhísí Cathrach a leithroinnt ar bhonn líon na mbusanna, na gciliméadar, na n-uaireanta an chloig agus méadracht eile atá ar fáil.

Ba é €169.1m costas na n-oibríochtaí OSP sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, roimh mhíreanna eisceachtúla, agus b'ionann an cúiteamh a fuarthas, gan deontais iocaim san áireamh agus €162.8m.

# 22. Páirtithe gaolmhara

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an Chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na Stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil cainníocht na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na Cuideachta.

Tá an Chuideachta díolmhaithe ó cheangaltais nochta faoi mhír 33.9 de FRS102 maidir le hidirbhearta leis na heintitis ar páirtí gaolmhar iad de bhua smacht, comhrialú nó tionchar suntasach a bheith ag an Stát céanna ar an eintiteas tuairiscithe agus an eintiteas eile.

## 23. Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Dámhachtana Dírí Oibritheoirí Bus Trachtála

Bhí an OSP agus an CBO DAC iníoctha leis an gCuideachta tríd an gCuideachta sealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, cothrom le €163.9m don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 (2021: €122.9m).

## 24. Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann

Is fochuideachta ar lánúinéireacht ag CIÉ é Bus Éireann agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí na ballraíochta sin. Tá cóipeanna de ráitis airgeadais chomhdhlúite CIÉ ar fáil ó CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

## 25. Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Níor tharla aon teagmhais shuntasacha iar-chláir chomhardaithe a éilíonn coigeartú nó nochtadh sna ráitis airgeadais.

## 26. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 27 Márta 2023 faoi réir litir tacaíochta a fháil ó CIÉ a fuarthas go cuí ar an 12 Aibreán 2023.

Broadstone
Dublin 7

www.buseireann.ie